An Roinn Oideachais
Department of Education

Tuarascáil Bhliantúil 2020

An Roinn Oideachais

Arna foilsiú ag an Roinn Oideachais, Sráid Mhaoilbhríde, Baile Átha Cliath 1, D01 RC96
© An Roinn Oideachais 2021

Clár Ábhar

Réamhrá ón Aire i
Réamhrá ón Aire Stáit Madigan iii
Ráiteas ón Ard-Rúnaí iv
Réamhrá vi
Sprioc 1: Cuirfimid cruth ar chóras oideachais agus oiliúna sofhreagrach a shásaíonn riachtanais agus a ardaíonn ardaidhmeanna gach foghlaimeora. 2
1.1 An curaclam ar leibhéal na bunscoile 2
1.2 An curaclam ar leibhéal na hiar-bhunscoile 2
1.3 Ardteistiméireacht 2020 4
1.4 Scrúdú na Sraithe Sóisearaí 7
1.5 Teangacha Iasachta 7
1.6 Litearthacht agus Uimhearthacht 7
1.7 Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic (STEM) 8
1.8 Deich mBliana de Chomóradh Céad Bliain 8
1.9 Achomhairc Alt 29 8
1.10 Cosaint Leanaí 9
1.11 An Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022 10
1.12 An Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta 10
1.13 Treoirthionscadal R-Mhoil 10
1.14 Treoirthionscadal Forás 11
1.15 Meastóireacht ar an Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta 11
1.16 Tacaíocht do Scoileanna Oileáin 11
1.17 Cláir Oideachais do Mhúinteoirí Gaeilge 11
1.18 An Coiste Comhairleach le haghaidh an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta 12
1.19 An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) 12
1.20 Leithdháiltí Múinteoirí 12
1.21 Samhail Nua um Leithdháileadh Acmhainní Teagaisc le haghaidh Riachtanais Speisialta 12
1.22 An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPs) 12
1.23 Folláine a chur chun cinn 13
1.24 An Straitéis Dhigiteach 13
1.25 An Creat Foghlama Digití 13
1.26 Bonneagar TFC 14
Sprioc 2: Cuirfimid ar aghaidh dul chun cinn foghlaimeoirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachasúil agus foghlaimeoirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu d'fhonn tacú leo a gcumas a bhaint amach. 15
2.1 Sainaithint DEIS 15
2.2 Plean DEIS a Chur Chun Feidhme 15
2.3 An Straitéis Náisiúnta maidir le hImeascadh Taistealaithe agus na Romach - Treoirthionscadal Oideachais 15
2.4 An Clár um Measúnacht Idirnáisiúnta Daltaí 2018 16
2.5 Coinneáil go dtí an Ardteistiméireacht in Iar-bhunscoileanna DEIS 16
2.6 Soláthar Oideachais Samhraidh do leanaí ag a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais agus dóibh siúd i mbaol míbhuntáiste oideachasúil. 16
2.7 Riachtanais Speisialta Oideachais 16
2.8 Scéimeanna Teagaisc Baile do dhaltaí nach bhfuil áit ar scoil acu, do leanaí i gcúram nach bhfuil áit ar scoil acu agus do dhaltaí ar neamhláithreachtaí a bhaineann le máithreachas 21
2.9 Rochtain agus Cuimsiú i Suíomhanna Luathbhlianta 22
Sprioc 3: Tabharfaimid na scileanna agus an tacaíocht riachtanach do sholáthraithe oideachais agus oiliúna chun taithí foghlama ar ardchaighdeán a chur ar fáil 23

3.1 An Soláthar Múinteoirí 23
3.2 Oideachas Múinteoirí 23
3.3 Iniúchtaí ar Cháilíocht 29
3.4 Cáilíocht sa Luath-Oideachas 31
Sprioc 4: Treiseoimid na caidrimh idir oideachas agus an pobal i gcoitinne, an tsochaí agus an geilleagar 33
4.1 An tAcht um Oideachais (Glacadh Isteach chun na Scoile) 2018 34
4.2 Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe 34
4.3 Óige Ildánach 34
Sprioc 5: Déanaimid treo straitéiseach agus córas tacúil a sholáthar i gcomhpháirt le príomh-gheallsealbhóirí san oideachas agus san oiliúint. 37
5.1 Plean Gníomhaíochta don Oideachas 2020 37
5.2 An Clár um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí 37
5.3 Cosaint Sonraí 38
5.4 Rialachas Sonraí 38
5.5 Cumarsáid na Roinne 39
5.6 Iompar Scoile 39
5.7 Airgeadas BOO 39
5.8 Ag Déileáil le Drochíde a Bhí Ann 40
5.9 Caiteachas na Roinne 40
5.10 Párolla agus Pinsin 41
5.11 Iniúchadh Inmheánach agus Iniúchadh de chuid an AE 41
5.12 Cur i bhFeidhm Seirbhísí Roinnte 41
5.13 Clár Tógála Scoile 2020 43
5.14 An Breatimeacht agus Earnáil an Oideachais 44
5.15 Athbhreithnithe Tréimhsiúla Criticiúla 44
Aguisín A – Sonraí Corparáideacha 46
An Clár Bliantúil Cigireachta i Scoileanna agus in Ionaid Oideachais, 2020 46
Úsáid Fuinnimh agus Caiteachas Fuinnimh sa bhliain 2020 49
An Dualgas Earnála Poiblí 50
Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe 50
Soláthar poiblí glas 52
Cothromaíocht Inscne ar Bhoird Stáit 52
Aguisín B - Cairt Eagraíochta 53
Aguisín C - Comhlachtaí atá faoi Choimirce na Roinne 54
Aguisín D – Naisc Dhíreacha chuig ár Suíomh Gréasáin www.education.ie 55

Réamhrá ón Aire

Tá áthas orm fáilte a chur roimh fhoilsiú Thuarascáil Bhliantúil na Roinne Oideachais le haghaidh 2020, lena dtugtar achoimre ar an obair shuntasach a rinne an Roinn le linn na bliana. Ba mhór an onóir í gur ceapadh mar Aire Oideachais mé i mí an Mheithimh 2020 agus tá mé ag súil le dul i mbun oibre i gcomhar le hoibrithe uile na hearnála oideachais.

Ba bhliain dheacair í 2020 do shochaí na hÉireann ina hiomláine, agus tháinig athrú mór ar obair na Roinne agam mar gheall ar phaindéim COVID-19.

Ón uair a dúnadh na scoileanna agus na suíomhanna oideachais eile i mí an Mhárta, chuidigh an Roinn Oideachais le scoileanna teagasc agus foghlaim ó chian a sholáthar. I mí an Mheithimh, d'fhoilsíomar *Ag Athoscailt Ár Scoileanna: An Treochlár le haghaidh Filleadh Iomlán ar Scoil',* plean cuimsitheach lena soláthraíodh treoir do scoileanna, múinteoirí breise ar leibhéal iar-bhunscoile mar aon le tacaíochtaí amhail ionadú breise, maoirseacht, treoirchomhairleoirí agus síceolaithe.

Tacaíodh le cur i bhfeidhm an phlean sin trí phacáiste maoinithe €639 milliún a chur ar fáil, agus leithdháileadh €331 mhilliún den tsuim sin ar an mbliain 2020 le tacú le feidhmiú na scoileanna i gcomhthéacs COVID-19.

Le linn na bliana, leanamar le hobair a dhéanamh i ndlúthchomhar le páirtithe leasmhara oideachais agus le húdaráis sláinte poiblí d'fhonn timpeallacht chasta a bhainistiú agus chun beart a dhéanamh dá réir sin le cinntiú gur leanadh leis an bhfoghlaim agus gur tacaíodh le daltaí agus lena dteaghlaigh.

D'fhonn a chinntiú go raibh Rang 2020 na hArdteistiméireachta in ann aistriú chuig saol na hoibre nó an staidéir bhreise, forbraíodh agus cuireadh i gcrích Samhail na nGrád Ríofa agus cuireadh scrúduithe scríofa na hArdtéistiméireachta i gcrích ní ba dhéanaí in 2020 in éineacht le scrúduithe na Sraithe Sóisearaí d'fhoghlaimeoirí fásta agus lucht luathfhágála na scoile.

Le linn na bliana agus d'ainneoin na ndúshlán a cruthaíodh mar gheall ar Covid-19, rinne an Roinn agam dul chun cinn breise i dtaobh na spriocanna uaillmhianacha a bhí aici anuraidh. Tríd an mbuiséad, bhain an Roinn an cóimheas is ísle riamh amach idir daltaí agus múinteoirí. Leanadh lenár gclár uaillmhianach infheistíochta i bhfoirgnimh scoile.

Le linn na tréimhse 2018 go 2020 den Phlean Forbartha Náisiúnta, cuireadh 526 tionscadal um fhoirgnimh scoile i gcrích faoin gClár Caipitiúil Mórscála (LSCP) agus faoin Scéim um Chóiríocht Scoile Bhreise (ASA). Trí na tionscadail sin seachadadh níos mó ná 48,000 áit scoile, lenar áiríodh cóiríocht bhuan le haghaidh 229 rang speisialta agus acmhainn bhreise le haghaidh 67 seomra ranga i 14 scoil speisialta ar fud na tíre.

In 2020, soláthraíodh €100 milliún do scoileanna trí mhaoiniú deontais le haghaidh TFC, lenar áiríodh íocaíocht speisialta €10 milliún chun tacú le ceannach teicneolaíochta agus gléasanna do dhaltaí faoi mhíbhuntáiste le linn na tréimhse nuair a dúnadh na scoileanna.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt d'oifigigh mo Roinne agus do mo chomhghleacaí, an tAire Madigan, as ucht a gcuid oibre. Ba mhaith liom mo réamhtheachtaí san Oifig seo, Joe McHugh T.D., a mholadh as ucht na hoibre a rinne sé chun cuspóirí na Roinne a chur chun cinn.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil leis na daoine sin ar fad atá ag obair laistigh den earnáil oideachais as ucht a gcuid oibre agus tacaíochta i gcaitheamh na bliana seo caite. Cé go raibh 2020 dúshlánach, agus impleachtaí ann go ceann na mblianta, foghlaimíodh go leor ceachtanna agus tá mé ag súil le leanúint den obair sin lenár gcomhpháirtithe uile, ní hamháin chun na ceachtanna sin ach chomh maith leis sin ár bhfís

chomhroinnte a chur i gcrích d'earnáil oideachais a thacaíonn le gach leanbh agus le gach duine óg barr a gcumais a bhaint amach.

Norma Foley TD

An tAire Oideachais

Réamhrá ón Aire Stáit Madigan

Cuirim fáilte roimh fhoilsiú Thuarascáil Bhliantúil na Roinne Oideachais le haghaidh 2020. Anuraidh, ceapadh mé mar an gcéad Aire Stáit um Oideachas Speisialta agus Cuimsiú. Tá mé ag súil le bheith i m'ionadaí ar son na ndaltaí uile a bhfuil riachtanais bhreise acu, d'fhonn a chinntiú go n-éistear lena dtuairimí agus go léirítear iad sa phróiseas ceaptha beartais.

Ba bhliain thar a bheith dúshlánach í 2020 le haghaidh gach foghlaimeora, lenar áiríodh daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, agus iad siúd a bhfuil an baol ann go mbeidh siad faoi mhíbhuntáiste oideachasúil. Bhí sé ríthábhachtach don Roinn a chinntiú go raibh rochtain fós ar thacaíochtaí breise ag na grúpaí sin a raibh tionchar díréireach ag an aistriú chuig an gcianfhoghlaim orthu.

Tacaíocht amháin dá leithéid ba ea Clár Soláthair Samhraidh 2020, leathnú ar Chlár Soláthair Iúil na Roinne, mar mheán chun tacú le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta acu agus lena dteaghlaigh, a raibh tionchar tromchúiseach ag dúnadh na scoileanna orthu. Rinneadh leathnú suntasach ar an gclár chun daltaí iar-bhunscoile a bhfuil siondróm Down orthu a chur san áireamh den chéad uair. Ghlac líon measta de 39,000 dalta páirt sa chlár. Bhí cláir eile ar siúl freisin amhail campaí Litearthachta agus Uimhearthachta i mbunscoileanna DEIS, clár samhraidh DEIS d'iar-bhunscoileanna agus an clár samhraidh bunaithe sa bhaile, mar aon le clár tacaíochta scoilbhunaithe FSS do leanaí a bhfuil riachtanais chasta acu.

Leanadh le treoirthionscadal na Samhla um Chuimsiú Scoileanna le linn na scoilbhliana 2020/21, agus í mar aidhm aige samhail a thástáil do scoileanna ionas go bhféadfadh siad raon tacaíochtaí a sholáthar lena n-áirítear tacaíochtaí iompraíochta, síceolaíocha agus teiripeacha.

I mí Mheán Fómhair, d'fhógair an Roinn an chéad chlár oiliúna náisiúnta tiomnaithe do chúntóirí riachtanas speisialta (CRSanna). Leis an gclár cúig mhodúl, atá saor in aisce do CRSanna aonair, clúdaítear gnéithe ar nós an chumarsáid, cuimsiú agus faisnéis maidir le cúram a thabhairt do pháistí a bhfuil riachtanais chúraim bhreise acu.

Tá mé ag súil le leanúint ar aghaidh leis an obair seo in 2021, i gcomhar lenár gcomhpháirtithe, chun a chinntiú go mbaintear amach na príomhthosaíochtaí gníomhaíochta le haghaidh soláthar oideachais speisialta a athchóiriú agus a fhorbairt in Éirinn.

Josepha Madigan TD

An tAire Stáit um Oideachas agus Cuimsiú

Ráiteas ón Ard-Rúnaí

Tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil 2020 na Roinne a chur i láthair. Tugtar an deis dár Roinn sa tuarascáil seo machnamh a dhéanamh ar obair na bliana seo caite, a bhfuil tábhacht ar leith ag baint leis, go háirithe i bhfianaise na ndúshlán a bhí romhainn ar fad, de réir mar a d'oibríomar chun tionchar COVID-19 a mhaolú.

Tar éis an Olltoghcháin, chuireamar fáilte roimh Aire nua Norma Foley TD, agus roimh Aire Stáit nua, Josepha Madigan TD. Bhíomar ag obair leis an mbeirt acu chun obair na Roinne a chur chun cinn.

Ba bhliain thar a bheith dúshlánach í 2020 agus b'éigean teacht ar bhealaí nua smaointeoireachta agus oibríochta mar fhreagra uirthi.

Le blianta fada anuas, bhí an cleachtas comhpháirtíochta leis an earnáil oideachais mar dhlúthchuid d'obair na Roinne. Léiríodh luach na comhpháirtíochta sin arís agus arís eile, agus sinn ag obair i dteannta a chéile, ag dul i gcomhairle lena chéile agus ag roinnt smaointe le haghaidh a thabhairt ar chás ar leith a bhí ag athrú de shíor.

Léirigh an earnáil flúirse a cuid scileanna nuálaíochta agus athléimneachta, agus í ag dul i ngleic le dúshláin gan fasach, ag tabhairt aghaidh ar fhadhbanna, ag forbairt agus ag comhroinnt réiteach, agus obair na Roinne mar thaca aici i gcónaí. Trínár n-aidhmeanna comhroinnte i dtaobh tacaíocht a thabhairt do na foghlaimeoirí ar fud na scoileanna, agus dúinn féin, cuireadh réitigh chruthaitheacha i bhfeidhm. Sainghné den obair uile sin ba ea spiorad na tionscnaíochta a chruthaigh solúbthacht maidir le dul i ngleic leis na dúshláin a tháinig chun cinn.

Mar gheall ar dhúnadh scoileanna agus suíomhanna oideachais eile i Márta 2020 iarradh ar sholáthraithe oideachais bogadh ó shuíomh traidisiúnta an tseomra ranga, go suíomh teagaisc agus foghlama ar bhonn cianda, ag teacht le comhairle sláinte poiblí. Le linn na tréimhse sin, agus ar bhonn leanúnach as sin amach, d'oibrigh an Roinn le tacaíochtaí dár ndaltaí, dár scoileanna agus do sholáthraithe eile oideachais a chur chun cinn; le díriú ar fholláine; le díriú orthu siúd is mó atá i mbaol maidir le tionchar díréireach ón bpaindéim agus chun obair a dhéanamh ar bhonn comhoibritheach chun ár bhfreagairtí a fheabhsú.

Cruthaíodh dúshlán eile gan fasach nuair a tháinig cás na sláinte poiblí chun cinn san earrach - conas conair chothrom chun cinn a chur ar fáil do dhaltaí a raibh a gcuid oideachais iar-bhunscoile á chríochnú acu, ionas go mbeidís in ann gluaiseacht chun cinn i dtreo an ardoideachais agus saol na hoibre. Bhí rannpháirteachas cruthaitheach agus dearfach na daoine ar fad a bhí páirteach - daltaí, tuismitheoirí, ceardchumainn na múinteoirí agus comhlachtaí bainistíochta in éineacht leis an Roinn agus le comhlachtaí Stáit ábhartha - riachtanach maidir le réiteach a aimsiú agus a chur i bhfeidhm. Bhí ról ríthábhachtach ag an nGrúpa Comhairleach um Scrúduithe Stáit a cruthaíodh le déanaí ar feadh roinnt mhaith míonna maidir le dul i ngleic leis na dúshláin sin, agus trí phróiseas Ghráid Ríofa na hArdteistiméireachta cuireadh ar chumas níos mó ná 60,000 dalta dul chun cinn i dtréimhse an fhómhair 2020.

D'fhonn athoscailt na scoileanna a phleanáil ar aon dul le comhairle sláinte poiblí theastaigh comhpháirtíocht bhreise ó chomhoibrithe. Tar éis dul i dteagmháil le comhpháirtithe san oideachas ar bhonn leanúnach, d'fhoilsigh an tAire *Ag Athoscailt ár Scoileanna: An Treochlár le haghaidh Filleadh Iomlán ar* Scoil sa samhradh. Foilsíodh an treochlár in éineacht le pacáiste de thacaíochtaí agus de mhaoiniú breise, mar aon le treoir, agus

bearta, chun athoscailt shábhailte agus feidhmiú leanúnach ár scoileanna i dtéarma an fhómhair a chinntiú.

Chonacthas athruithe sa scoilbhliain nua ar ghnáthaimh agus díríodh ar gach duine a choinneáil sábháilte agus cothrom na féinne a chinntiú do dhaltaí, lenar áiríodh bearta sláinte poiblí nua i scoileanna agus socruithe nua le haghaidh measúnachta. Le tacú leo sin, chuir an Roinn maoiniú breise i bhfeidhm le haghaidh mionoibreacha agus teicneolaíochta mar aon le solúbthacht agus tacaíochtaí níos mó le haghaidh scoileanna. Leanadh le teagmháil bhreise le tuismitheoirí agus le daltaí chun na bearta a cuireadh i bhfeidhm a mhíniú agus a chur chun cinn, trí chineálacha cur chuige cumarsáide nua agus trí chomhairle ilteangach a chur ar fáil le tacú lenár bpobal éagsúil tuismitheoirí.

Bhí comhpháirtíocht bhreise agus comhoibriú breise le Sláinte Phoiblí FSS ríthábhachtach dár scoileanna agus trí chomhairliúchán leanúnach cinntíodh go ndearnadh na tacaíochtaí sin a bheachtú agus a fheabhsú chun freastal ar an riachtanas a bhí ag teacht chun cinn.

Ba léir mar fhianaise ón teagmháil leanúnach sin le sláinte phoiblí go raibh na bearta a cuireadh i bhfeidhm mar thacaíocht ag scoileanna agus iad ag feidhmiú go sábháilte. Bhí an obair dhíograiseach ag pobail na scoileanna agus na bearta sin á gcur i bhfeidhm acu mar chúnamh ollmhór ag na harrachtaí náisiúnta le leathadh an víris a shrianadh.

Léirítear sa taighde idirnáisiúnta agus náisiúnta ar thionchar COVID-19 ar an oideachas go bhféadfadh iarmhairtí níos fadtéarmaí a bheith ann a mbeidh maolú leanúnach ag teastáil uathu. Tá an Roinn tiomanta leanúint de thaighde a úsáid chun forbairt beartas ar bhonn fianaise sa réimse sin sa todhchaí a threorú agus chun tacaíochtaí a dhíriú orthu siúd a bhfuil an tionchar is mó orthu mar gheall ar an bpaindéim.

Cé go raibh sé mar phríomhthosaíocht ag an Roinn agus ag oifigigh uile in 2020 sábháilteacht na ndaoine uile laistigh den earnáil oideachais a chinntiú, rinneadh dianiarrachtaí leanúint ar aghaidh le dul chun cinn a dhéanamh maidir le spriocanna ardleibhéil na Roinne. Lean an Roinn le tionscnaimh nua a chur chun cinn, ar a ndéanfaí forbairt bhreise in 2021.

Is mian liom aitheantas a thabhairt don fhoireann sa Roinn as an rannchuidiú dá cuid le linn na bliana. Cé go bhfuil gnéithe áirithe de chuid obair na Roinne níos feiceálaí ná gnéithe eile, bíonn ról tábhachtach ar leith ag gach gné maidir lenár n-aidhmeanna a bhaint amach. Ábhar suntais ba ea é, ar fud na Roinne, go ndeachaigh ár bhfoireann i dtaithí ar dhúshláin nua agus ar bhealaí nua oibre. Rinneadh an-iarracht chun ár gcuid seirbhísí bunriachtanacha a choinneáil ag feidhmiú gan mórán de chur isteach.

Is mian liom buíochas a ghabháil leis na daoine uile san earnáil oideachais i gcoitinne as ucht a n-iarrachtaí marthanacha agus a dtacaíocht leanúnach agus súil chun cinn againn ar na dúshláin agus na deiseanna atá romhainn amach. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt freisin don tacaíocht ó chomhghleacaithe i sláinte phoiblí FSS agus ó go leor comhghleacaithe eile ar fud na hearnála poiblí a chomhoibrigh ar raon leathan saincheisteanna d'fhonn na torthaí is fearr agus ab fhéidir a chinntiú dár ndaltaí. Go raibh maith agaibh go léir.

Seán Ó Foghlú

Ard-Rúnaí

Réamhrá

Déantar iarracht le Tuarascáil Bhliantúil na Roinne Oideachais achoimre a thabhairt ar an obair shuntasach a rinneadh le linn na bliana seo caite. É sin ráite, cuireadh dúshláin gan fasach romhainn in 2020 agus mar gheall ar phaindéim COVID-19, áfach, a ndearna an Roinn obair chun freagairt dóibh, agus sábháilteacht na ndaoine uile laistigh den earnáil Oideachais á cinntiú mar aon le leanúnachas seirbhísí. Cé go ndéantar an obair atá gafa sa Tuarascáil seo a thomhas i gcoinne na spriocanna atá i Ráiteas Straitéise na Roinne 2019-2021, rinneadh an treo straitéiseach a athrú go suntasach mar gheall ar phaindéim COVID-19, agus mar gheall ar athchumrú Ranna an Rialtais. Déanfar iarracht leis an méid seo a leanas chun achoimre a thabhairt ar na príomhéachtaí a baineadh amach mar fhreagra ar athruithe i gcúrsaí timpeallachta, a thacaíonn lenár misean le cabhrú le daoine aonair, tríd an bhfoghlaim, barr a gcumais a bhaint amach agus rannchuidiú le forbairt shóisialta, eacnamaíoch agus chultúrtha na hÉireann.

Forléargas ar obair na Roinne i gcomhthéacs COVID-19

In 2020, iarradh ar an Roinn, ar aon dul le Ranna uile an Rialtais, freagairt do phaindéim COVID-19. Forbraíodh na tacaíochtaí agus an treoir ina dhiaidh sin chun cuidiú le pobail scoileanna agus leis an earnáil oideachais níos leithne chun leanúint le teagasc agus le foghlaim, ar aon dul le comhairle sláinte poiblí agus tar éis teagmháil fhairsing le páirtithe leasmhara.

Bhí dúnadh forleathan scoileanna, coláistí agus suíomhanna oideachais níos leithne ó Mhárta 2020 ar cheann de na hiarmhairtí ba shuntasaí de chuid COVID-19 in Éirinn. Aistríodh soláthar teagaisc ó mhodh pearsanta go cianfhoghlaim, arna seachadadh ar líne. Bhí úsáid acmhainní digiteacha ríthábhachtach maidir le cianfhoghlaim rathúil a chinntiú. D'fhorbair an Roinn an-chuid tacaíochtaí lenar áiríodh faisnéis maidir le hardáin chumarsáide agus foghlama, uirlisí agus acmhainní digiteacha, físchomhdhálacha agus seimineáir ghréasáin. Forbraíodh cúrsa ar líne tiomnaithe ar ábhar na cianfhoghlama freisin, agus é dírithe ar mhúinteoirí, mar aon le treoir bhreise do thuismitheoirí.

Ba chéim eile de chuid na Roinne í cealú na Scrúduithe Stáit d'fhonn leas daltaí iar-bhunscoile a chosaint. Cuireadh an córas Grád Ríofa, arna bheartú trí theagmháil shuntasach leis an gCoimisiún um Scrúduithe Stáit, in ionad scrúduithe scríofa traidisiúnta nárbh fhéidir a reáchtáil go sábháilte in am chun conair a sholáthar do dhaltaí dul ar aghaidh chuig oideachas tríú leibhéal nó chuig saol na hoibre. Cuireadh an Oifig Feidhmiúcháin um Ghráid Ríofa (CGEO) ar bun agus tugadh cuireadh d'iarrthóirí gráid ríofa, scrúduithe scríofa iarchurtha nó comhcheangal den dá rud a roghnú. I mórchuid na scoileanna, cuireadh measúnachtaí ionscoile in ionad scrúduithe scríofa na Sraithe Sóisearaí.

I dtréimhse an tsamhraidh bhí sé riachtanach don Roinn bearta a chur i bhfeidhm agus scoilbhliain 2019/2020 curtha as riocht, le díriú ar fholláine agus ar ullmhúchán maidir le filleadh ar scoil sa bhliain acadúil nua. Leathnaíodh an Clár Samhraidh, d'fhonn níos mó leanaí ag a bhfuil riachtanais speisialta oideachais a chuimsiú. Cuireadh roinnt roghanna ar fáil do thuismitheoirí, ó thacaíochtaí ionscoile go tacaíochtaí sa bhaile, agus foilsíodh ábhar treorach do thuismitheoirí, do mhúinteoirí agus do CRSanna. Bhí fócas an chláir fós ar dheimhin a dhéanamh de go bhféadfaí an deis a sholáthar do leanaí a raibh an tionchar ba mhó orthu mar gheall ar dhúnadh na scoileanna imeascadh arís ina suíomh oideachais. Trí chlár faoi cheannas an FSS do leanaí ag a bhfuil riachtanais chasta forbraíodh clár samhraidh do na leanaí sin, trí obair a dhéanamh le CRSanna ar fud na tíre.

I mí Iúil, tar éis don Rialtas pacáiste tacaíochta €375 mhilliún a fhaomhadh, d'fhoilsigh an Roinn treochlár chun daltaí a chumasú filleadh ar ais ar scoil go sábháilte. Cuireadh maoiniú ar fáil do mhionoibreacha, do bhearta le haghaidh maoirseacht bhreise agus d'íocaíochtaí le haghaidh PPE (trealamh cosanta pearsanta) agus ábhair ghlantacháin. Glacadh le bearta suntasacha d'fhonn an soláthar múinteoirí a mhéadú, le pacáiste airgeadais lenar gceadaíodh mhúinteoirí breise ar leibhéal iar-bhunscoile, mar aon le foireann ionaid múinteoireachta, CRSanna agus foireann riaracháin, nuair a sainaithníodh baill phobal na scoile mar bhaill ardriosca.

Tar éis athoscailt na scoileanna i bhfómhar 2020, lean an Roinn le teagmháil fhorleathan le páirtithe leasmhara ábhartha, agus d'oibrigh sé i ndlúthchomhar leis an FSS sa tréimhse sin. D'éascaigh Cigireacht na Roinne aistriú níos mó ná caoga den fhoireann dá cuid chuig an FSS ar bhonn sannacháin 50%, chun bheith ina gcuid d'fhoirne Sláinte Poiblí a thug tacaíocht agus comhairle do phríomhoidí agus do cheannairí shuíomhanna na Luathbhlianta maidir leis na bearta cearta le glacadh má tharla cás COVID-19 ina scoil nó ina suíomh, agus chun idirchaidreamh a dhéanamh le hoifigigh sláinte poiblí chun a chinntiú go ndéantar dlúth-theagmhálaithe cáis dhearfaigh a shainaithint, a leithlisiú agus a atreorú le haghaidh tástála a luaithe is féidir. Áiríodh le tacaíochtaí breise sa tréimhse sin líne cabhrach FSS do phríomhoidí, measúnuithe riosca agus treoir i scríbhinn do mhúinteoirí agus do thuismitheoirí. Lean an Roinn le díriú ar thábhacht an tinrimh ar scoil san obair dá cuid chuig deireadh na bliana 2020, agus í ag ullmhú chun dul in oiriúint le bearta sláinte poiblí nua mar ba ghá agus aghaidh á tabhairt aici ar na dúshláin agus deiseanna in 2021.

Tacaíodh go mór le hobair na Roinne in 2020 trí theagmháil fhorleathan le comhpháirtithe san earnáil agus trí dheimhin a dhéanamh de go raibh ardáin iomchuí ann do ghrúpaí agus ionadaithe éagsúla chun comhoibriú le chéile. Úsáideadh fóraim teagmhála grúpaí a bhí ann cheana maidir leis sin - lenar áiríodh Fóram an Bhunoideachais agus Comhairle Eadrána do Mhúinteoirí - agus bunaíodh struchtúir nua, amhail an Grúpa Stiúrtha Treasach agus an Grúpa Oibre um Chomhlachtaí Bainistíochta Scoileanna. Tugann an Roinn aitheantas freisin d'ionchur óna comhghleacaithe sa Roinn, ó ghníomhaireachtaí stáit, ó ghrúpaí for-rochtana, ó ionadaithe institiúidí agus ó chomhlachtaí tacaíochta agus bainistíochta. Ag croílár gach cinnidh a glacadh ar feadh na bliana bhí fócas comhroinnte ar fholláine agus ar shábháilteacht daltaí. Tá faisnéis bhreise faoi na bearta san áireamh leis na Spriocanna ardleibhéil ábhartha laistigh den tuarascáil seo.

Foilseacháin shuntasacha na Roinne i gcomhthéacs COVID-19 in 2020

- COVID-19 (Coróinvíreas): Comhairle sláinte do thuismitheoirí agus do leanaí
- Ciorclán 0024/2020 – Coróinvíreas (COVID-19) Céim Mhoille: Socruithe do mhúinteoirí agus do chúntóirí riachtanas speisialta atá fostaithe i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna aitheanta
- Conas Coinneáil Ag Foghlaim agus Ag Ullmhú don Ardteistiméireacht le linn phaindéim COVID-19
- Treoir maidir le Gráid Ríofa do Dhaltaí Ardtéistiméireachta 2020
- Atosú Scolaíochta Fómhar 2020: Tuarascáil ar anailís ar shonraí ó phríomhoidí (Nollaig 2020)
- Treoir maidir le Leanúnachas Scolaíochta: Ag Tacú le Foghlaimeoirí in Ionaid Ógtheagmhála (Bealtaine 2020)
- Treoir maidir le Leanúnachas Scolaíochta: Ag Tacú le Daltaí ag a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Do bhunscoileanna agus do scoileanna speisialta (Aibreán 2020)

- Treoir maidir le Leanúnachas Scolaíochta: Ag Tacú le Daltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu d'iar-bhunscoileanna (Aibreán 2020)
- Treoir maidir le Leanúnachas Scolaíochta: Ag Tacú le Daltaí i mbaol míbhuntáiste oideachasúil do bhunscoileanna (Aibreán 2020)
- Treoir maidir le Leanúnachas Scolaíochta: Ag Tacú le Daltaí i mbaol míbhuntáiste oideachasúil d'iar-bhunscoileanna (Aibreán 2020)
- Treoir do scoileanna ag soláthar snáithe scoilbhunaithe an Chláir Samhraidh (RSO)
- Treoir do scoileanna ag soláthar an tsnáithe bunaithe sa bhaile den Chlár Samhraidh (RSO)
- Treoir do scoileanna ag soláthar Clár Samhraidh Iar-Bhunscoile DEIS
- Treoir maidir le Leanúnachas Scolaíochta do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna (Aibreán 2020)
- Treoir maidir le Leanúnachas Scolaíochta do Bhunscoileanna (Aibreán 2020)
- Leanúnachas Scolaíochta: Treoir do thuismitheoirí daltaí i mbunscoileanna (Bealtaine 2020)

Athchumrú Ranna an Rialtais agus bunú na Roinne Ardoideachais agus Breisoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta

I mí an Mheithimh 2020, cuireadh Rialtas nua le chéile. Leis sin ceapadh Aire nua agus Aire Stáit nua don Roinn, agus rinneadh an Roinn Oideachais agus Scileanna mar a bhí inti a scoilt go foirmiúil ina dhá Roinn ar leith i mí Lúnasa 2020: An Roinn Oideachais agus An Roinn Ardoideachais agus Breisoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (DFHERIS). Tharla sé sin tar éis don Rialtas cinneadh a ghlacadh chun freagrachtaí a athroinnt thar Ranna éagsúla. Mar aon leis an scoilteadh ina dhá Roinn ar leith, fuair an Roinn Oideachais freagrachtaí maidir le leas oideachasúil a bhí faoi shainchúram an RoinnLeanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige.

Tar éis an athchumraithe, rinneadh obair shuntasach chun tacú leis an Aire agus leis an Aire Stáit ina róil nua, agus dréachtaíodh Ráiteas Straitéise don tréimhse 2021-2023.

Ár Misean

Daoine aonair a éascú, tríd an bhfoghlaim, barr a gcumais a bhaint amach agus rannchuidiú le forbairt shóisialta, eacnamaíoch agus chultúrtha na hÉireann.

Spriocanna 2020

Ár spriocanna

SPRIOC 1
Cuirfimid cruth ar chóras oideachais agus oiliúna freagrach a shásaíonn riachtanais agus a ardaíonn ardaidhmeanna gach foghlaimeora.

SPRIOC 2
Cuirfimid ar aghaidh dul chun cinn foghlaimeoirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachais agus foghlaimeoirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu d'fhonn tacú leo a gcumas a bhaint amach.

SPRIOC 3
Tabharfaimid na scileanna agus an tacaíocht riachtanach do sholáthraithe oideachais agus oiliúna chun taithí foghlama d'ardchaighdeáin a chur ar fáil.

SPRIOC 4
Treiseoimid na caidrimh idir oideachas agus an pobal i gcoitinne, an sochaí agus an geilleagar.

SPRIOC 5
Treoróimid seachadadh treo straitéiseach agus córas tacúil i gcomhpháirt le príomh-gheallsealbhóirí san oideachas agus oiliúint.

Déantar feidhmíochta na Roinne in 2020 a thomhas i gcoinne na bpríomhthorthaí agus na bpríomhtháscairí feidhmíochta ar a bhfuil achoimre i *Ráiteas Straitéise 2019-2021.* Foilsíodh Ráiteas Straitéis nua i Meitheamh 2021, tar éis an tAire Norma Foley a cheapadh.

Is féidir sonraí corparáideacha ginearálta ina leagtar amach an teagmháil fhairsing a bhí againn lenár mbonn custaiméirí agus leis an státseirbhís níos leithne a fháil in Aguisín A.

Dul chun cinn ar na cúig phríomh-Sprioc Straitéiseach sa bhliain 2020

Le linn 2020, rinne an Roinn dul chun cinn suntasach maidir leis na spriocanna atá sonraithe sa Ráiteas Straitéise agus i bPlean Gníomhaíochta don Oideachas 2019-2021, d'ainneoin na ndúshlán suntasach agus na timpeallachta atá ag athrú. Aithnítear i dTuarascáil Bhliantúil 2020 an dul chun cinn suntasach agus córasach a rinneadh faoi gach ceann de na cúig sprioc:

Sprioc 1: Cuirfimid cruth ar chóras oideachais agus oiliúna sofhreagrach a shásaíonn riachtanais agus a ardaíonn ardaidhmeanna gach foghlaimeora.

Is é atá i gceist leis an sprioc seo timpeallachtaí foghlama a thógáil ina gcothaítear sláinte, folláine agus forbairt phearsanta do gach foghlaimeoir. I dtimpeallachtaí dearfacha sofhreagracha, tugtar deiseanna do gach foghlaimeoir páirt iomlán a ghlacadh ina n-eispéireas oideachais agus oiliúna agus an tairbhe is mó is féidir a bhaint as. Fágann sé sin, maidir le torthaí níos fearr a bhaint amach d'fhoghlaimeoirí, don tsochaí agus don gheilleagar, go mbaineann ríthábhacht le curaclaim agus measúnuithe a fhorbairt agus a athbhreithniú, le haistrithe a chumasú agus le glacadh leis an gcumhacht atá ag teicneolaíochtaí digiteacha ar fud chontanam an oideachais.

1.1 An curaclam ar leibhéal na bunscoile

In 2020, leanadh le hobair ar chur i bhfeidhm Churaclam Teanga na Bunscoile (CTB), trína dtacaítear le teagasc agus foghlaim trí Bhéarla agus trí Ghaeilge. Tá sé dírithe ar mhúinteoirí leanaí de gach cumas i ngach comhthéacs scoile - scoileanna Béarla, scoileanna Gaeltachta agus Scoileanna speisialta. Is curaclam foghlama comhtháite é bunaithe ar thorthaí an CTB agus baineann an struchtúr céanna agus na snáitheanna céanna leis don dá theanga, Béarla agus Gaeilge.

D'fhoilsigh an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCCA) an Dréacht-chreat um Churaclam na Bunscoile le haghaidh comhairliúcháin i mí Feabhra 2020. Síneadh céim a haon den phróiseas comhairliúcháin go dtí Nollaig 2020, cuireadh tús le céim 2 i Meán Fómhair 2021 agus beidh fócas na céime sin dírithe ar chomhairliúchán le múinteoirí, le tuismitheoirí, le ceannairí scoileanna agus le daltaí.

Leanadh le hobair freisin in 2020 ar Churaclam Matamaitice nua na Bunscoile (PMC) do chéimeanna 1-4 (rang na Naíonán Sóisearach go dtí rang a sé), agus leas á bhaint as torthaí ar chomhairliúchán a rinne an NCCA in 2018, as obair le scoileanna agus as taighde. Déanfar forbairt bhreise ar an PMC a threorú ag an toradh ar chomhairliúchán ar an Dréacht-chreat um Churaclam na Bunscoile.

1.2 An curaclam ar leibhéal na hiar-bhunscoile

Leanadh le cur i bhfeidhm an Chreata nua don tSraith Shóisearach in 2020. Cuireadh tús leis sin i Meán Fómhair 2014, nuair a tugadh isteach an tsonraíocht nua don Bhéarla. Ó Mheán Fómhair 2019, tugadh sonraíochtaí nua isteach do gach ábhar ar aon dul leis an gCreat don tSraith Shóisearach, agus úsáideadh clár forbartha gairmiúla leanúnaí (CPD) cuimsitheach do mhúinteoirí chun tacú le tabhairt isteach na sonraíochtaí nua sin.

As na 21 ábhar atá ar fáil faoin gCreat don tSraith Shóisearach tá ceithre chinn - Matamaitic, Gaeilge, Béarla agus Stair - ina n-ábhair éigeantacha. Tá roinnt forbairtí ar siúl ar leibhéal na Sraithe Sinsearaí, lena n-áirítear athbhreithniú leathan ag an NCCA ar an tSraith Shinsearach agus athbhreithnithe ar chur i bhfeidhm sonraíochtaí nua agus athbhreithnithe araon.

Tar éis comhairliúchán forleathan, in 2020 rinne an NCCA dul chun cinn ar dhréachtú Tuarascála Comhairlí maidir leis an Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach. Breithníodh an dréacht-tuarascáil freisin trí struchtúir NCCA. Ag deireadh 2020, bhí an Tuarascáil Chomhairleach á tabhairt chun críche ag an NCCA le cur faoi bhráid an Aire Oideachais agus na Roinne le haghaidh breithnithe. Sa Tuarascáil, atá le foilsiú in 2021, tabharfar achoimre ar thorthaí agus ar mholtaí thar na trí phríomhréimse: conairí agus solúbthacht; comhpháirteanna an churaclaim; agus measúnú, tuairisciú agus aistrithe, lena n-áirítear comhairle maidir le luas agus scála na bhforbairtí i sraith shinsearach athfhorbartha.

Tugadh sonraíochtaí isteach maidir le Corpoideachas na hArdteistiméireachta (LCPE) (inscrúdaithe) agus Corpoideachas na Sraithe Sinsearaí (neamh-inscrúdaithe) ar bhonn céimnithe chuig 80 scoil ó Mheán Fómhair 2018, agus rinne daltaí na chéad scrúduithe LCPE i 64 scoil in 2020.

Tugadh Eolaíocht Ríomhaireachta na hArdteistiméireachta isteach mar ábhar nua ar bhonn céimnithe i Meán Fómhair 2018. Ó Mheán Fómhair 2020, bhí LCCS ar fáil mar rogha ar bhonn náisiúnta. Faoi láthair tá timpeall 150 scoil ann a chuireann LCCS ar fáil.

In 2020, thug an NCCA sonraí chun críche maidir le comhairliúchán poiblí ar dhréacht-sonraíochtaí maidir le Gailge na hArdteistiméireachta, a chuirfear i bhfeidhm in 2021 atá beartaithe chun eispéireas an churaclaim i nGaeilge a nuachóiriú do dhaltaí na sraithe sinsearaí agus chun curaclaim a chur ar fáil atá in oiriúint lena raon de riachtanais foghlama. A luaithe agus a bheidh an comhairliúchán críochnaithe, cuirfidh an NCCA tús le hanailís agus le breithniú ar an aiseolas a taifeadadh le linn an phróisis. Ansin breithneoidh Comhairle an NCCA na sonraíochtaí arna dtabhairt chun críche agus, ar fhaomhadh, cuirfear faoi bhráid na Roinne iad le haghaidh breithnithe, faofa agus feidhmithe.

Foilseacháin in 2020

- 0001/2020 - Athbhreithnithe ar shiollabas eatramhach Araibis na hArdteistiméireachta agus tabhairt isteach sonraíocht athbhreithnithe do Léann Clasaiceach na hArdteistiméireachta.
- 0002/2020 - Ábhar atá Leagtha Síos do Scrúduithe Bhéarla na hArdteistiméireachta in 2022
- 0006/2020 - Éagsúlú Sholáthar na dTeangacha Iasachta sa Churaclam; Leithdháileadh Uaireanta Breise d'Iar-Bhunscoileanna a Thugann Teangacha Iasachta Thearctheagasctha agus Nua isteach sa Scoilbhliain 2020-2021 faoi 'Languages Connect' - Straitéis na hÉireann do Theangacha Iasachta san Oideachas 2017-2026
- 0016/2020 - An Creat don tSraith Shóisearach - Stair i Scoileanna ó Mheán Fómhair 2020 ar aghaidh
- 0017/2020 - Treoir maidir le Próiseas Athbhreithnithe ar Mheasúnú agus ar Fhoghlaim Ábhair na Sraithe Sóisearaí
- 0035/2020 - Ábhar atá Leagtha Síos do Scrúdú na Sraithe Sóisearaí in 2022 agus do Scrúdú na hArdteistiméireachta in 2022
- 0067/2020 - Comhairle maidir le hionstraimí/tástálacha measúnaithe a úsáid do Threoir nó maidir le riachtanais bhreise agus riachtanais speisialta oideachais (RSO) in iar-bhunscoileanna.

- 0070/2020 - Forbairtí a bhaineann le curaclam agus le measúnú ar leibhéal na Sraithe Sinsearaí agus tagairt ar leith do scoilbhlianta 2020/21 agus 2021/22 agus cur siar chur i bhfeidhm na sonraíochtaí athbhreithnithe
- 0076/2020 - Socruithe le haghaidh an Creat don tSraith Shóisearach a Chur i bhFeidhm agus tagairt ar leith don scoilbhliain 2020/21

1.3 Ardteistiméireacht 2020

Mar fhreagairt do phaindéim COVID-19 agus don chomhairle sláinte poiblí a bhí i réim, chuir an Roinn córas de Ghráid Ríofa i bhfeidhm mar gheall ar an neamhábaltacht scrúduithe na hArdteistiméireachta a reáchtáil go sábháilte mar is gnáth i samhradh 2020.

Ghlac an Rialtas an cinneadh an 8 Bealtaine 2020, nuair a fógraíodh go gcuirfí scrúduithe na hArdteistiméireachta siar go dtí dáta níba dhéanaí nuair a bheadh sé sábháilte iad a reáchtáil, agus go dtabharfaí isteach chóras na nGrád Ríofa, tar éis teagmháil fhorleathan le páirtithe leasmhara san oideachas, tríd an nGrúpa Comhairleach maidir le Pleanáil do Scrúduithe Stáit 2020 a bunaíodh in Aibreán 2020. Áiríodh leis an nGrúpa, agus Ard-Rúnaí na Roinne ina chathaoirleach, ionadaithe eile ón Roinn agus an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais, an Coimisiún um Scrúduithe Stáit, an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, comhlachtaí bainistíochta scoileanna, ceardchumainn mhúinteoireachta, agus ionadaithe ó chomhlachtaí tuismitheoirí agus daltaí san áireamh.

Rinneadh cinneadh an 8 Bealtaine a threorú freisin ag obair Ghrúpa Oibre Teicniúil, a raibh socrú teagmhasach breithnithe aige, trína n-úsáidfí samhail grád ríofa chun torthaí a sholáthar d'Ardteistiméireacht 2020. As Ghrúpa Oibre Teicniúil sin áiríodh ionadaithe a raibh saineolas ábhartha acu ón Roinn, ón gCoimisiún um Scrúduithe Stáit, ón bhForas Taighde ar Oideachas (ERC), mar aon le saineolas staidrimh agus síciméadrach.

Ba thoradh cinneadh an 8 Bealtaine ar chinntí níba luaithe maidir leis na scrúduithe Stáit a fógraíodh de bhun chás COVID-19 a bhí ag forbairt agus na comhairle sláinte poiblí a fuarthas maidir leis sin, tar éis dhúnadh na scoileanna ón 12 Márta 2020. Áiríodh leo sin fógra an 19 Márta maidir le cealú tástálacha béil agus feidhmíochta praiticiúla a bhí sceidealaithe do dheireadh mhí Mhárta agus do thús mhí Aibreáin, agus fógra an 10 Aibreán go gcuirfí scrúduithe na hArdteistiméireachta siar go dtí deireadh mhí Iúil nó go dtí tús mhí Lúnasa, agus go gcuirfí scrúduithe scoilbhunaithe in ionad scrúduithe stáit na Sraithe Sóisearaí.

Ba é cuspóir phróiseas na nGrád Ríofa chun ligean don líon ba mhó de dhaltaí Ardteistiméachta 2020 agus ab fhéidir, trí Ghráid Ríofa a roghnú, dul ar aghaidh chuig fostaíocht, breisoideachas agus oiliúint, nó chuig ardoideachas ar bhealach a bhí chomh cóir agus cothrom agus ab fhéidir do dhaltaí Ardteistiméireachta uile.

San fhógra, shonraigh an tAire go mbeadh an stádas céanna ag na Gráid Ríofa agus a bhí ag Ardteistiméireachtaí a dámhadh do dhaltaí sna blianta roimhe sin. Bheadh an deis ag daltaí freisin scrúduithe Ardteistiméireacht 2020 a dhéanamh ag dáta sa todhchaí nuair a mheasfaí sábhailte chun iad a reáchtáil.

Ós rud é nach raibh sainchúram reachtúil ag an gCoimisiún um Scrúduithe Stáit ag an am chun córas na nGrád Ríofa a oibriú, bhunaigh an tAire oifig feidhmiúcháin neamh-reachtúil i Roinn an Oideachais chun córas na ngrád ríofa a sheachadadh, eadhon an Oifig Feidhmiúcháin um Ghráid Ríofa (CGEO). Ba í an oifig sin an phríomhoifig sa Roinn a bhí freagrach as samhail na nGrád Ríofa a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm in 2020. Thóg an CGEO saineolas staidrimh agus síciméadrach isteach chun cuidiú le samhail na nGrád Ríofa a fhorbairt.

Chuaigh an Roinn i bpáirt leis an SEC chun comhaontuithe um chomhroinnt sonraí a fhorbairt, d'fhonn dul chun cinn obair an CGEO a éascú. Tríd an gcur chuige sin cuireadh ar chumas an SEC, leis an bhfoireann a bhí fágtha aige, leanúint le hobair ar ullmhúcháin do na scrúduithe Ardteistiméireachta a cuireadh siar a reáchtáladh ar deireadh thiar i Samhain agus i Nollaig 2020.

Ag am an fhógra, d'fhoilsigh an Roinn *Treoir maidir le Gráid Ríofa do Dhaltaí* freisin, agus forlíonadh an treoir sin le Treoir bhreise ar feadh an tsamhraidh le feachtas spriocdhírithe agus cainéil meán sóisialta na Roinne á n-úsáid chun a chinntiú go raibh daltaí coinnithe ar an eolas is úrnua.

Chomhordaigh an Roinn freagairtí ar cheisteanna uile, agus www.gov.ie/leavingcertificate á úsáid chun freagairtí ar cheisteanna a sholáthar a bhí á bhfáil agus mar láthair lárnach do cheisteanna, treoracha foilsithe agus doiciméid.

Éilíodh ar dhaltaí clárú ar Thairseach Féinfhreastail Iarrthóirí (CSSP) chun clárú le Gráid Ríofa a fháil.

Ionas go n-oibreofaí córas na nGrád Ríofa le hionracas, níorbh fhéidir ach marc céatadáin measta, bunaithe ar fhianaise iontaofa, shásúil, a ghlacadh ó fhoinse iomchuí. Bhí sé sin riachtanach d'fhonn cothrom na féinne a chinntiú do gach dalta. Maidir le daltaí a bhí ag freastal ar scoil, ba iad na múinteoirí dá gcuid a sholáthair na marcanna céatadáin measta.

Tar éis próiseas ailínithe ionscoile, chuir na scoileanna marcanna céatadáin measta agus rangúcháin ranga na ndaltaí maidir le gach ábhar ar ais chuig an CGEO áit a ndeachaigh siad faoi phróiseas caighdeánaithe náisiúnta.

I gcéim an chaighdeánaithe náisiúnta, rinneadh sonraí arna bhfoinsiú ó scoileanna a chomhcheangal le sonraí stairiúla, d'fhonn a chinntiú go léiríodh leis na gráid ríofa arna ndámhachtain caighdeáin atá ailínithe go ceart ar fud na scoileanna agus le caighdeán coiteann náisiúnta. Cuireadh taca faoin bpróiseas caighdeánaithe náisiúnta le príomhphrionsabail na hoibiachtúlachta, an chothromais agus na cothroime agus dearadh an próiseas chun teacht ar léirithe córa ar fheidhmíocht daltaí nach dtugann buntáiste do chineál dalta nó scoile ar bith.

An 1 Meán Fómhair, d'fhógair an tAire Oideachais sonraí maidir le samhail na nGrád Ríofa tar éis fhaomhadh na moltaí arna gcur faoi bhráid an Rialtais. Leis an athrú a bhí molta baineadh úsáid sonraí stairiúla scoil ar scoil sa tsamhail chaighdeánaithe, agus béim níos mó á cur ar na marcanna measta arna soláthar ag scoileanna do dhaltaí aonair.

Roghnaigh formhór iarrthóirí Ardteistiméireacht 2020 chun Gráid Ríofa a fháil. Eisíodh torthaí na nGrád Ríofa do níos mó ná 60,000 dalta an 7 Meán Fómhair 2020, agus ar an mbealach sin ag cinntiú gurbh fhéidir spriocdhátaí iontrála CAO, Sheirbhís Iontrálacha Ollscoileanna agus Coláistí agus chórais iontrála coláistí dlínsí eile a chomhlíonadh a mhéid agus ab fhéidir.

Tugadh aire le córas na nGrád Ríofa i gcónaí don grúpa daltaí sin a chríochnaigh a gcuid oideachais dara leibhéal faoi na cúinsí is deacra gan fasach riamh. Trí phróiseas na nGrád Ríofa, d'fhéach an Roinn chun a chinntiú go raibh na gráid a fuair na daltaí ina léirithe cothroma agus inchomparáide dá leibhéil gnóthachtálacha.

An 30 Meán Fómhair 2020, fógraíodh gur sainaithníodh roinnt earráidí códaithe i bpróiseas na nGrád Ríofa. Ba í an chiall leis sin gur eisíodh gráid mhíchearta do dhaltaí áirithe nuair a fuair siad a gcuid torthaí an 7 Meán Fómhair.

Tar éis do thríú páirtí athbhreithniú a dhéanamh ar phríomhghnéithe an chóid, sainaithníodh dhá earráid eile. Mar thoradh ar na hearráidí sin, fuair 6,100 dalta gráid níos ísle ná mar a gheobhadh siad ar shlí eile. Cuireadh na daltaí sin ar an eolas maidir lena dtorthaí athbhreithnithe Dé Sathairn an 3 Deireadh Fómhair tar éis cheartú na n-earráidí. Ar aon dul le cleachtas seanbhunaithe, maidir le daltaí a fuair gráid níos airde ar dtús mar thoradh ar na hearráidí i gcóras na nGrád Ríofa, níor athraíodh a gcuid torthaí.

Mar chuid de thairiscintí bhabhta 4 a rinne an CAO an 8 Deireadh Fómhair 2020, fuair 485 de na daltaí sin tairiscint CAO mar thoradh ar a ngráid fheabhsaithe. Tugadh an deis do gach duine acu a thairiscint/tairiscint a ghlacadh sa bhliain acadúil reatha.

Cuireadh tús le scrúduithe scríofa na hArdteistiméireachta a cuireadh siar an 16 Samhain agus críochnaíodh iad an 11 Nollaig 2020. Reáchtáladh scrúduithe na Sraithe Sóisearaí, do líon beag d'fhoghlaimeoirí fásta agus lucht luathfhágála na scoile, ag an am sin freisin.

Bhí na scrúduithe scríofa sin bunaithe ar fhormáid, ábhar agus struchtúr, agus fad normálta an pháipéir scrúdaithe mar a bhí ann i mblianta roimhe.

Cuireadh scrúduithe na hArdteistiméireachta a cuireadh siar ar fáil do dhaltaí a bhí míshásta le torthaí ó phróiseas na ngrád ríofa, agus do líon beag daltaí freisin nárbh fhéidir Grád Ríofa a dhámhachtain dóibh in easnamh sonraí iontaofa ó mhúinteoir d'fhonn marc measta a ghiniúint.

Rinne timpeall 2,155 iarrthóir na scrúduithe sin. Eisíodh torthaí na scrúduithe scríofa a cuireadh siar an 2 Feabhra 2021. Maidir le hiarrthóirí a rinne na scrúduithe agus a roghnaigh Gráid Ríofa a fháil freisin, tugadh an grád ab airde san ábhar dóibh a fuarthas idir an Grád Ríofa agus an scrúdú scríofa.

Foilseacháin in 2020:

- Gráid Ríofa - Treoir do Dhaltaí Ardtéistiméireachta 2020 (Bileog Eolais)
- Gráid Ríofa - Treoir do Thuismitheoirí agus do Chaomhnóirí Daltaí Ardtéistiméireachta 2020 (Bileog Eolais)
- Treoir maidir le Gráid Ríofa do dhaltaí Ardtéistiméireachta 2020
- Fógra Príobháideachais do Dhaltaí: Gráid Ríofa don Ardteistiméireacht 2020 i bhfianaise chur siar scrúduithe na hArdteistiméireacht
- Tairseach Daltaí na nGrád Ríofa - Treoir Sula dTosaíonn Tú
- Treoir maidir le Gráid Ríofa d'Fhoghlaimeoirí Lasmuigh den Scoil
- Mo Ghráid Ríofa a Fháil - Treoir do Dhaltaí
- Treoir Ghairid maidir le Próisis Bailithe Sonraí, Caighdeánaithe Náisiúnta agus Dearbhaithe Cáilíochta na nGrád Ríofa
- Torthaí Ardteistiméireacht 2020 ó Ghráid Ríofa: Treoir Eolais do Dhaltaí
- Ciorclán 0037/2020 - Samhail na nGrád Ríofa a Chur i bhFeidhm don Ardteistiméireacht 2020
- Eolas Breise [do scoileanna] maidir le próiseas na nGrád Ríofa
- Ciorclán 0039/2020 - Áiseanna Ghráid Ríofa 2020
- Gráid Ríofa don Ardteistiméireacht 2020 Tuarascáil ón nGrúpa Caighdeánaithe Náisiúnta don Choiste Stiúrtha Neamhspleách agus don Bhord Clár
- An Chéad Litir Tuairime maidir le Córas na nGrád Ríofa ón gCoiste Stiúrtha Neamhspleách chuig an Aire Oideachais
- Ráiteas an Athbhreithneora Sheachtraigh ar Ghráid Ríofa 2020 - Ráiteas Roimh Eisiúint na dTorthaí
- Plépháipéar don Ghrúpa Oibre SEC-DES maidir leis na Gráid Ríofa
- Ciorclán 0059/2020 - Torthaí Sealadacha na nGrád Ríofa don Ardteistiméireacht, do Ghairmchlár na hArdteistiméireachta agus don Ardteistiméireacht Fheidhmeach 2020

- An Dara Litir Tuairime maidir le Córas na nGrád Ríofa ón gCoiste Stiúrtha Neamhspleách chuig an Aire Oideachais
- Ráiteas an Athbhreithneora Sheachtraigh ar Ghráid Ríofa 2020

1.4 Scrúdú na Sraithe Sóisearaí

Glacadh le cinneadh chun scrúdú na Sraithe Sóisearaí do 2020 a chealú, seachas foghlaimeoirí fásta agus lucht luathfhágála na scoile a raibh an deis acu an scrúdú a dhéanamh i Samhain. Aithníodh obair agus gnóthachtáil dhaltaí tríú bliain na Sraithe Sóisearaí le deimhniú stáit ón Roinn. Cuireadh tús leis an bpróiseas son in 2020 agus leantar le hobair air in 2021.

1.5 Teangacha Iasachta

I Lúnasa 2020, d'fhoilsigh an tAire Oideachais ceithre Shonraíocht nua don Ardteistiméireacht maidir le Mandairínis, Liotuáinis, Polainnis agus Portaingéilis. Tá na teangacha sin á dtairiscint anois ag líon beag scoileanna ar an gcuraclam don Ardteistiméireacht ar a ndéanfar scrúdú den chéad uair mar ábhair an churaclaim i Samhradh 2022 (tá Liotuáinis, Polainnis agus Portaingéilis ar fáil faoi láthair mar ábhair inscrúdaithe neamh-churaclaim ar leibhéal na hArdteistiméireachta mar atá gach teanga AE neamh-churaclaim).

I Samhain 2020, fógraíodh clár Leibhéal 8 nua maidir le Spáinnis do Mhúinteoirí. Tá clár an Ard-Dioplóma i Spáinnis le haghaidh Múinteoireachta (iar-bhunscoile) arna sholáthar ag UCC dírithe ar mhúinteoirí iar-bhunscoile a uas-oiliúint chun Spáinnis a theagasc.

Le linn na bliana 2020, leanadh le feasacht a mhéadú (www.languagesconnect.ie) maidir leis an tábhacht a bhaineann le teanga iasachta a fhoghlaim. Thionóil Teangacha Iar-bhunscoile Éireann (PPLI) imeacht #ThinkLanguages a samhlaíodh as an nua ar líne do níos mó ná 3,000 dalta na hIdirbhliana.

Méadaíodh líon na gCúntóirí Teangacha Iasachta a bhí ag teacht chuig scoileanna in Éirinn in 2020 go 170 in 2020/21, méadú ar 120 in 2017/18.

1.6 Litearthacht agus Uimhearthacht

Leanadh le hobair a chur chun cinn ar an Straitéis Náisiúnta: Litearthacht & Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol 2011-2020 ar feadh 2020, agus tá forbairt ar straitéis nua maidir le Litearthacht, Uimhearthacht agus Litearthacht Dhigiteach le tosú in 2021. Mar gheall ar an aistriú chuig teagasc agus foghlaim ar bhonn cianda de thoradh COVID-19, spreagadh scoileanna sa treoir um Fhilleadh Ar Scoil, arna foilsiú ag an Roinn, chun tús áite a thabhairt do riachtanais litearthachta agus uimhearthachta na bhfoghlaimeoirí dá gcuid.

Mar chuid den obair faoin Straitéis Litearthachta agus Uimhearthachta, foilsíodh torthaí TIMSS 2019 (An Staidéar ar Threochtaí i Matamaitic agus Eolaíocht Idirnáisiúnta) i Nollaig 2020. Bíonn TIMSS ar siúl gach ceithre bliana agus tá sé dírithe ar cé chomh maith agus atá daltaí an cheathrú rang agus scoláirí sa dara rang ag déanamh i Matamaitic agus san Eolaíocht a thomhas. Áirítear le príomhthorthaí mheasúnachtaí 2019:

- Tá feidhmíocht daltaí Éireannacha i Matamaitic agus san Eolaíocht fós cobhsaí agus láidir
- Fuair daltaí bunscoile agus an dara leibhéal araon in Éirinn scór go measartha níos airde ná an meánscór i Matamaitic agus san Eolaíocht araon.
- Is í Éire an tír is fearr san Eoraip i Matamaitic sa cheathrú rang i mbunscoileanna agus sa dara bhliain in iar-bhunscoileanna.

- Níl aon difríochtaí inscne suntasacha ann san fheidhmíocht maidir le Matamaitic nó Eolaíocht, ar cheachtar den dá leibhéal.

1.7 Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic (STEM)

Foilsíodh an Ráiteas Polasaí um Oideachas STEM 2017–2026 ón Roinn i mí na Samhna 2017. Leagtar amach ann na spriocanna agus na gníomhartha uaillmhianacha a theastaíonn chun feabhas a chur ar an eispéireas agus na torthaí in oideachas STEM do gach foghlaimeoir.

Trí phlean feidhmithe ETIM 2017-2019 rinneadh forbairt ar raon leasuithe agus tionscnamh a bhí ar siúl cheana féin faoi ETIM, i réimsí amhail athchóiriú curaclaim agus measúnachtaí, forbairt ghairmiúil múinteoirí, foghlaim dhigiteach a leabú agus forbairtí ar oideachas tosaigh múinteoirí. Cuimsítear 4 cholún le réimsí forbartha beartas agus gníomhaíochtaí maidir le hoideachas ETIM mar a leanas:

- Teagmháil agus rannpháirteachas maidir le 'Nurture Learner';
- Acmhainn cleachtóirí agus múinteoirí na luathbhlianta a mhéadú;
- Cleachtas Oideachas ETIM a thacú; agus
- Fianaise a úsáid chun tacú le hoideachas ETIM.

I Samhain 2020, forbraíodh Grúpa Comhairleach maidir le Cothromaíocht Inscne in ETIM, agus foilsíodh an doiciméad *Léirmheas Litríochta chun Tacar Idirghabhálacha Éifeachtacha a Shainaithint chun Tabhairt faoi Chothromaíocht Inscne in ETIM i Suíomhanna Luathbhlianta, Bunscoile agus Iar-bhunscoile.*

Beidh an chéad chéim eile den phlean dírithe ar 'Leabú' agus rithfidh sé anois ó 2021 go dtí 2023. Cuireadh sé sin siar bliain amháin mar gheall ar COVID-19.

1.8 Deich mBliana de Chomóradh Céad Bliain

Maidir leis an obair ar Dheich mBliain de Chomóradh Céad Bliain, thacaigh an Roinn le hIontaobhas Ghlas Naíon in 2020 chun an clár oideachais dá chuid a shíneadh go spás ar líne d'fhonn na srianta i bhfeidhm mar gheall ar COVID-19 a mhaolú agus chun rochtain a éascú ar na hacmhainní ag daltaí uile lenar áiríodh iad siúd i mbaol míbhuntáiste. Ina theannta sin, tháirg Foireann Staire na Sraithe Sóisearaí do Mhúinteoirí acmhainn, arna coimisiúnú ag an Roinn, a seoladh an 21 Deireadh Fómhair 2020. Bhí an acmhainn sin dírithe ar úsáid ábhar foinse príomhúla, bunachair shonraí a chuardach agus conas taighde a dhéanamh a theagasc, agus bhí sé bunaithe ar Dhomhnach na Fola agus seoladh í mí amháin roimh Chomóradh Céad Bliain Dhomhnach na Fola - ag teacht le Clár Deich mBliana de Chomóradh Céad Bliain de chuid an Rialtais.

1.9 Achomhairc Alt 29

Faoi Alt 29 den Acht Oideachais 1998, is féidir achomharc a dhéanamh chuig an Roinn Oideachais maidir le cinneadh a glacadh ag Bord Bainistíochta scoile nó ag duine ag gníomhú thar ceann Bord Bainistíochta chun dalta a eisiamh go buan ón scoil, chun dalta a chur ar fionraí ó fhreastal ar an scoil le haghaidh tréimhse nó tréimhsí nach mbeidh níos lú ná 20 lá i scoilbhliain amháin san iomlán nó chun diúltú do chlárú dalta sa scoil.

In 2020, fuair an Roinn líon iomlán de 334 achomharc faoi Alt 29. Chuaigh 175 de na hachomhairc sin ar aghaidh chuig éisteacht. As na hachomhairc sin a chuaigh ar aghaidh chuig éisteacht, seasadh le 76 (43%) agus níos seasadh le 99 (57%). Ní dheachaigh 159 n-achomharc ar aghaidh chuig éisteacht mar gheall ar na cúiseanna a leanas: réitíodh an t-

achomharc trí réiteach nó éascú áitiúil roimh an éisteacht; tharraing an t-iarratasóir an t-achomharc siar; nó níor glacadh leis an achomharc ós rud é go raibh sé lasmuigh de na frámaí ama don achomharc.

Cuireadh tús le hAlt 7 den Acht Oideachais (Ligean isteach i Scoileanna), 2018, in 2020 agus tháinig sé i bhfeidhm ón 12 Samhain 2020. Cuireadh an t-alt sin den Acht in ionad alt 29 a bhí ann den Acht Oideachais 1998 trí sraith alt nua 29 go 29f a chur isteach lena bpléitear le hachomhairc i gcoinne chinneadh bord bainistíochta chun dalta a eisiamh go buan ón scoil, chun dalta a chur ar fionraí ó fhreastal ar an scoil le haghaidh tréimhse nó tréimhsí nach mbeidh níos lú ná 20 lá i scoilbhliain amháin san iomlán nó chun diúltú do dhalta a ligean i scoil. I gcomhréir leis an Acht, foilsíodh nósanna imeachta gaolmhara maidir le hachomhairc tar éis comhairliúcháin le príomhpháirtithe leasmhara. Dearadh an reachtaíocht nuashonraithe agus na nósanna imeachta gaolmhara le hoibriú taobh leis an gcreat iontrála níos leithne arna chuimsiú leis an Acht Oideachais (Ligean isteach i Scoileanna) 2018.

Is é an t-athrú is suntasaí ar an bpróiseas ná an fhoráil faoin Acht lena ligtear do phlé le hachomhairc i gcoinne cinntí chun clárú a dhiúltú mar gheall ar ró-éileamh ar an scoil trí bhíthin scrúdaithe ar pháipéar ag an gcoiste achomharc agus gan éisteacht ó bhéal. Is é an rún faoin bhforáil sin an próiseas achomhairc a dhéanamh níos simplí do thuismitheoirí agus do scoileanna.

Mar gheall ar phaindéim COVID-19, tionóladh achomhairc Alt 29 trí ghlao comhdhála ó Mhárta 2020. De bharr sin leanadh le seirbhísí agus ligeadh do bhaill uile an choiste agus do pháirtithe uile freastal ar éisteachtaí go sábháilte de réir mar ba ghá.

Foilsithe in 2020

- 0069/2020: Socruithe agus nósanna imeachta nua maidir le hachomhairc faoi Alt 29 den Acht Oideachais 1998 le héifeacht ón 12 Samhain 2020 ar aghaidh.

Foilsíodh an méid a leanas ar an gciorclán sin freisin:

- Nósanna imeachta maidir le hachomhairc a éisteacht agus a chinneadh faoi alt 29(1)(c)(i) den Acht Oideachais, 1998.
- Nósanna imeachta maidir le hachomhairc a éisteacht agus a chinneadh faoi alt 29(1)(c)(ii) den Acht Oideachais, 1998.
- Nósanna imeachta maidir le hachomhairc a éisteacht agus a chinneadh faoi alt 29(1)(a) agus 29(1) (b) den Acht Oideachais, 1998.
- An tOrdú 2020 (Tosú) um Thosú an Achta Oideachais (Ligean isteach i Scoileanna) 2018, (alt 7; alt 10 (b) alt 12 (c) agus 12 (d)) le héifeacht ón 12 Samhain 2020.

1.10 Cosaint Leanaí

In 2020 rinne an tAonad Tuismitheoirí agus Foghlaimeoirí nuashonrú ar nósanna imeachta na Roinne chun freagairt ar ábhair imní faoi chosaint leanaí ar a ndírítear aird na mball foirne atá fostaithe ag an Roinn Oideachais. Leis na nósanna imeachta nuashonraithe soláthraítear soiléire níos mó maidir le hoibleagáidí tuairiscithe lena n-áirítear na hoibleagáidí reachtúla a fhorchuirtear ar shíceolaithe NEPS (an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais) mar dhaoine údaraithe faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015; cuirtear treoir céim le céim ar fáil leo maidir le déileáil le buarthaí cosanta leanaí; tugtar achoimre leo ar róil agus freagrachtaí Príomhoifigeach agus bainisteoirí eile agus cuirtear faisnéis mhionsonraithe ar fáil leo maidir le bearta maoirseachta ar fud na Roinne.

1.11 An Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022

Is é cuspóir uileghabhálach an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022 úsáid na Gaeilge a thacú agus a chur chun cinn mar phríomhtheanga phobail na Gaeltachta trí oideachas ardchaighdeáin trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil i scoileanna agus i suíomhanna luathfhoghlama agus cúraim atá suite i limistéir pleanála teanga na Gaeltachta. Ó thús chur i bhfeidhm an pholasaí go luath in 2017, leithdháileadh beagnach €14m le haghaidh raon de thacaíochtaí breise a sholáthar chun soláthar an oideachais trí mheán na Gaeilge a neartú, go háirithe i scoileanna Gaeltachta. Áirítear leis sin leithdháileadh buiséid de €5.8m in 2020.

1.12 An Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta

Tríd an Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta, a seoladh in 2017, cuirtear an deis ar fáil do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna atá suite i limistéir pleanála teanga na Gaeltachta aitheantas a bhaint amach mar scoileanna Gaeltachta ar bhonn critéir shainiúla theangabhunaithe a chur i bhfeidhm agus ar an gcoinníoll go nglacann siad páirt sa phróiseas pleanála teanga, dá ndéantar foráil faoi Acht na Gaeltachta, 2012. Leanadh le raon de thacaíochtaí breise a chur ar fáil do 105 bhunscoil agus do 29 n-iar-bhunscoil a bhí ag glacadh páirt sa Scéim in 2020 chun tacú leo na critéir theangabhunaithe a chur i bhfeidhm. Áiríodh leis na hacmhainní breise sin uaireanta teagaisc breise mar thaca leis an nGaeilge, deontas bliantúil chun acmhainní mheán na Gaeilge a cheannach agus forbairt ghairmiúil leanúnach breise arna soláthar ag an gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG), a cuireadh ar fáil ar líne go príomha. Cuireadh tacaíocht chigireachta ar fáil sa mhéid agus a bhí sin indéanta laistigh de na srianta mar thoradh ar thionchar na paindéime domhanda. Bhí an tacaíocht sin spriocdhírithe ar fhilleadh sábháilte ar scolaíocht mar gheall ar dhúnadh na scoileanna.

Foilseacháin in 2020:

- Ciorclán 0010/2020 – do bhunscoileanna agus do scoileanna speisialta sa Scéim
- Ciorclán 0011/2020 – d'iar-bhunscoileanna sa Scéim
- Ciorclán 0012/2020 – do bhunscoileanna nach bhfuil sa Scéim
- Cuairteanna Comhairleacha ón gCigireacht 2020/21 Treoirlínte do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna sa Scéim
- Treoir do Bhunscoileanna Gaeltachta - Táscairí Dea-chleachtais maidir le Tumoideachas (nuashonraithe 2020)
- Treoir d'Iar-bhunscoileanna Gaeltachta - Táscairí Dea-chleachtais maidir le Tumoideachas (nuashonraithe 2020)

1.13 Treoirthionscadal R-Mhoil

Sa treoirthionscadal r-mhoil, a tosaíodh i scoileanna in 2019, úsáidtear seachadadh ar líne agus foghlaim chumaisc chun raon na n-ábhar a shíneadh ata ar fáil trí mheán na Gaeilge do dhaltaí in iar-bhunscoileanna Gaeltachta, ag tosú le Fisic Ardteistiméireachta ardleibhéil. Leanadh le cur i bhfeidhm rathúil an tionscadail i scoileanna in 2020 d'ainneoin na ndúshlán arna gcruthú ag an bpaindéim. Sholáthair triúr r-mhúinteoirí bunaithe in dá scoil r-mhoil an cúrsa Fisice Ardteistiméireachta ar líne trí mheán na Gaeilge do 24 dhalta in 8 n-iar-bhunscoil glacadóra sa Ghaeltacht faoi mhaoirseacht r-mheantóirí. Dámhadh gráid ríofa do bheirt dhaltaí ón gcéad ghrúpa de dhaltaí rannpháirteacha mar mhalairt ar na scrúduithe Ardteistiméireachta normálta in 2020 mar gheall ar phaindéim COVID-19. Leanadh le hacmhainní breise a sholáthar, lenar áiríodh maoiniú le haghaidh trealamh TFC a cheannach agus leithdháileadh uaireanta breise de thacaíocht theagaisc, do scoileanna rannpháirteacha d'fhonn tacú le cur i bhfeidhm an tionscadail le linn na bliana.

Rinne Cigireacht Oideachais agus Oiliúna (ETI) Thuaisceart Éireann measúnú neamhspleách cuimsitheach ar thionchar an treoirthionscadail r-mhoil in 2020. Fuarthas amach sa mheasúnú go raibh an r-mhol thar a bheith éifeachtach agus éifeachtúil maidir le daltaí a chumasú staidéar a dhéanamh ar Fhisic Ardteistiméireachta trí mheán na Gaeilge agus foghlaim chumaisc ar líne á húsáid.

1.14 Treoirthionscadal Forás

Leanadh le cur i bhfeidhm Threoirthionscadal Forbartha Teanga Forás le linn na bliana, a bhfuil mar aidhm aige daltaí roghnaithe na Sraithe Sóisearaí a chuidiú an curaclam a rochtain trí mheán na Gaeilge. Fuair gach ceann den dá scoil a roghnaíodh chun páirt a ghlacadh sa treoirthionscadal seo leithdháileadh breise de mhúinteoir coibhéise lánaimseartha amháin chun tacú le cur i bhfeidhm an tionscadail in 2020.

1.15 Meastóireacht ar an Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta

Leanadh le Staidéar Taighde agus Measúnaithe na Cigireachta/ERC chun measúnú a dhéanamh ar an Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta le linn 2020. Eisíodh tuarascálacha ar 19 gcás-staidéar, a cuireadh i gcrích in 12 bhunscoil agus i 7 n-iar-bhunscoil in 2019/20, do gach scoil rannpháirteach in 2020. Rinneadh dul chun cinn ar obair thuarascáil chomhchodach chomhpháirteach na Cigireachta/ERC ar thorthaí na gcás-staidéar chun foilsiú a éascú in 2021. Eisíodh tuarascálacha ar chás-staidéir do gach ceann de na 19 scoil rannpháirteacha. Mar gheall ar shrianta mar thoradh ar phaindéim dhomhanda COVID-19, bhí sé riachtanach gnéithe áirithe den taighde arna chur i bhfeidhm ag an ERC a chur siar, lenar áiríodh tástálacha gnóthachtála daltaí, go dtí 2021.

1.16 Tacaíocht do Scoileanna Oileáin

Soláthraíodh pacáiste de thacaíochtaí breise ar fáil in 2020, a cuireadh ar fáil do gach ceann de na cúig iar-bhunscoil oileáin sa Ghaeltacht ó Mheán Fómhair 2018. Soláthraíodh na hacmhainní sin, lena n-áirítear leithdháileadh méadaithe múinteoirí agus buiséad imfhálaithe bliantúil breise do gach iar-bhunscoil oileáin, mar chuid de chur i bhfeidhm foriomlán an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta agus tá siad sa bhreise ar na tacaíochtaí a fhaigheann na scoileanna cheana féin mar chuid den Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta.

1.17 Cláir Oideachais do Mhúinteoirí Gaeilge

Is príomhaidhm den Pholasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022 soláthar na múinteoirí a mhéadú atá in ann oideachas ardchaighdeáin trí mheán na Gaeilge a sholáthar i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna. Chun an cuspóir sin a bhaint amach, leantar le maoiniú a sholáthar gach bliain le haghaidh suas le 60 mac léinn nua a ghlacadh isteach thar dhá chlár oideachais do mhúinteoirí Gaeilge.

Tá an t-éileamh fós ard ar B.Oid. (Baitsiléir san Oideachas) cheithre bliana trí mheán na Gaeilge do mhúinteoirí bunscoile le critéir iontrála agus fágála Gaeilge, a thosaigh in Institiúid Oideachais Marino in 2019. Chláraigh 36 mhac léinn don chlár mar mhic léinn na céad bliana i mbliain acadúil 2020/21.

Líonadh gach ceann de na 30 áit mhaoinithe in 2020 ar an M.Oid.(Máistreacht san Oideachas) foghlama cumaisc dhá bhliain san Oideachas Gaeilge agus Gaeltachta trí mheán na Gaeilge le critéir bhreise iontrála agus fágála Gaeilge, do mhúinteoirí agus do phríomhoidí bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna, atá á soláthar i gColáiste Mhuire Gan Smál ó 2018

Deonaíodh faomhadh arís in 2020 do dhá phost mhúinteoireachta ar iasacht chuig an *Máistreacht Ghairmiúil san Oideachas (trí mheán na Gaeilge do mhúinteoirí iar-bhunscoileanna)* in Ollscoil Éireann, Gaillimh. Is é aidhm an tsoláthair ar na hacmhainní

breise sin obair a dhéanamh i dtreo líon na múinteoirí iar-bhunscoile a mhéadú a bhfuil oilteacht imleor acu chun múineadh trí mheán na Gaeilge.

1.18 An Coiste Comhairleach le haghaidh an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta

Bhí dhá chruinniú ar líne den Choiste Comhairleach le haghaidh an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta ar siúl i mí Iúil agus i mí na Nollag 2020.

1.19 An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG)

Leanadh le tacaíochtaí agus acmhainní breise a sholáthar don COGG chun tacú lena ról lárnach de chur i bhfeidhm an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta agus na Scéime Aitheantais Scoileanna Gaeltachta. Áiríodh leis sin maoiniú leanúnach le haghaidh dhá phost mar Oifigigh Oideachais a leithdháileadh ar an COGG chun an clár CPD a sholáthar do 134 scoil sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta.

1.20 Leithdháiltí Múinteoirí

In 2020, leithdháileadh 71,522 phost mhúinteoireachta ar leibhéal bunscoile agus iar-bhunscoile. Is é a bhí i gceist leis an bpróiseas ath-imscartha in 2020 257 múinteoirí buana a ath-imscaradh ar leibhéal bunscoile agus 34 múinteoirí buana a ath-imscaradh ar leibhéal iar-bhunscoile. Ar chur i gcrích an phróisis chun múinteoirí barrachais buana a ath-imscaradh ar leibhéal bunscoile, úsáidtear painéal ath-imscartha forlíontach chun poist bhuana ar bith atá fágtha a líonadh. In 2020, bhí rud beag níos lú ná 1,470 múinteoir ar an bpainéal ath-imscartha forlíontach.

1.21 Samhail Nua um Leithdháileadh Acmhainní Teagaisc le haghaidh Riachtanais Speisialta

Ar leibhéal bunscoile, leithdháileadh 9,340 post múinteoireachta oideachais speisialta ar bhunscoileanna. Comhroinntear beagnach 1,400 de na poist sin idir scoileanna, agus níos mó ná 2,750 scoil rannpháirteach i socrú comhroinnte. Leithdháileadh 4,310 post coibhéise lánaimseartha faoin tsamhail RSO ar iar-bhunscoileanna do scoilbhliain 2020/21.

1.22 An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPs)

In 2020, agus an cás gan fasach ann de scoileanna dúnta mar gheall ar phaindéim COVID-19, d'fhorbair NEPS raon d'acmhainní do scoileanna, do dhaltaí agus do thuismitheoirí chun tacú le folláine leanaí agus daoine óga ar aon dul le *Beartas Folláine agus an Creat le haghaidh Cleachtais* de chuid na Roinne. D'fhorbair NEPS Seimineáir Ghréasáin um Fholláine agus Sraith Straitéisí Folláine d'Fhoireann Scoile a bhí ar fáil chun tacú le hathoscailt scoileanna tar éis na tréimhse fada de scoileanna dhúnta mar gheall ar COVID-19, i Meán Fómhair 2020. Sa mhéid a forbraíodh bhí faisnéis, treoir, leideanna agus comhairle do scoileanna maidir le conas tacú le folláine leanaí agus daoine óga ar an mbealach is fearr, lena n-áirítear iad siúd ag a bhfuil RSO, tar éis na tréimhse sin. Tháirg NEPS acmhainn folláine spriocdhírithe freisin, *"Ag Tacú le Folláine Daltaí ag a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais agus iad ag Filleadh ar Scoil."*

Áirítear le hacmhainní eile do scoileanna treoir agus comhairle do mhúinteoirí chun tacú le daltaí i réimsí amhail rialú iompraíochta, strus agus imní a bhainistiú, mar aon le folláine agus féinchúram múinteoirí a thacú.

Tar éis chéim na hathoscailte, chuir NEPS tús le filleadh ar sheirbhís cásoibre ionscoile, mar chuid de shamhail chumaisc an tsoláthair seirbhíse a cuireadh i bhfeidhm thar thréimhse COVID-19.

1.23 Folláine a chur chun cinn

In 2020, leanadh le hobair ar *Ráiteas Polasaí Folláine agus an Creat le haghaidh Cleachtais (2018-2023)* a chur i bhfeidhm. Sa pholasaí sin leagtar amach uaillmhian agus fís na Roinne Oideachais, eadhon, faoi 2025, beidh cur chun cinn folláine ag croílár éiteas gach scoile agus gach ionad oideachais in Éirinn, go soláthróidh scoileanna uile cuir chuige agus tacaíocht ar bhonn fianaise, atá iomchuí don riachtanas, d'fhonn folláine na ndaltaí dá gcuid a chur chun cinn agus go n-aithneofar Éire mar cheannaire sa réimse seo. Cuirtear síos sa pholasaí sin conas is féidir le scoileanna folláine a chur chun cinn ar an mbealach is fearr. Léirítear le Ráiteas Polasaí Folláine go cheart do scoileanna cur chuige coisctheach scoile iomláine, ilchodach a ghlacadh maidir le cur chun cinn folláine lena n-áirítear idirghabhálacha uilíocha agus spriocdhírithe araon.

1.24 An Straitéis Dhigiteach

Is í fís na Straitéise Digití do Scoileanna acmhainn na dteicneolaíochtaí digiteacha a bhaint amach chun eispéiris foghlama daltaí a bhunathrú trí chuidiú leo bheith ina smaointeoirí rannpháirteacha, foghlaimeoirí gníomhacha, cruthaitheoirí eolais agus saoránaigh dhomhanda atá in ann páirt iomlán a a ghlacadh sa tsochaí agus a sa gheilleagar.

Rachaidh an Straitéis Dhigiteach 2015-2020 do scoileanna in éag ag deireadh scoilbhliain 2020/2021 agus cuireadh tús le hobair ar fhorbairt Straitéise Digití nua go luath in 2021. San áireamh le forbairt na straitéise nua beidh próiseas comhairliúcháin fairsing lena n-áireofar glao oscailte ar aighneachtaí i scríbhinn agus comhairliúchán díreach le príomhoidí agus le páistí, tuismitheoirí agus foghlaimeoirí mar aon le Grúpa Comhairliúcháin leis na príomhpháirtithe leasmhara. Beidh tacaíocht leanúnach ó Fhoghlaim Ghairmiúil Múinteoirí ina colúin thábhachtacha den Straitéis nua.

Beidh na ceachtanna a foghlaimíodh ó COVID-19 ina gcuidiú freisin le forbairt na Straitéise a threorú mar aon le straitéisí agus tuarascálacha ábhartha náisiúnta agus AE lena n-áirítear Plean Gníomhaíochta AE um Oideachas Digiteach agus dea-chleachtas idirnáisiúnta. Tacófar le cur i bhfeidhm na Straitéise Digití nua trí chlár infheistíochta TFC €200 milliún arna ghealladh faoin bPlean Forbartha Náisiúnta agus faoi Thionscadal 2040. Beidh leithdháileadh maoinithe do leabú leanúnach na teicneolaíochta digití san oideachas ar fud chóras na scoileanna ina chuid de na breithnithe ar an Straitéis nua d'fhonn riachtanais tosaíochta scoileanna a shásamh ar an mbealach is fearr sa phríomhréimse sin.

Tá an próiseas comhairliúcháin ar siúl agus táthar ag súil go mbeidh an straitéis nua i bhfeidhm faoi dheireadh 2021.

1.25 An Creat Foghlama Digití

Is príomh-thacaíocht é do scoileanna an Creat Foghlama Digití chun pleanáil do leabú na teicneolaíochta digití i dteagasc, i bhfoghlaim agus i measúnú. Tá staidéar fadaimseartha ar a chur i bhfeidhm i scoileanna ar siúl. D'fhoilsigh an Foras Taighde ar Oideachas an chéad tuarascáil bhonnlíne ar thorthaí ó bhliain 1 den staidéar fadaimseartha i mí Eanáir 2020, agus leanadh leis an gCreat Foghlama Digití a chur i bhfeidhm go céimneach le suirbhéanna thonn 1 arna ndéanamh i scoileanna rannpháirteacha. Tá an staidéar fadaimseartha é féin á shíneadh ó R1 2022 go R3 2022 chun tionchar na paindéime a chur san áireamh, ag a raibh tionchar freisin ar an gcumas torthaí ábhartha bhliain 1 den staidéar a chur i bhfeidhm. Cuirfear é sin chun cinn i scoilbhliain 2021-2022 le teacht.

Bhí tionchar ag an bpaindéim freisin ar bhliain 2 den Chiste Sármhaitheasa Scoileanna - Digiteach & ETIM. Cuireadh tuarascáil eatramhach le chéile ach níl sé beartaithe an tuarascáil a fhoilsiú, áfach, mar tá an tréimhse ama don chlár á síneadh ó dheireadh scoilbhliain 2020-2021 go dtí deireadh scoilbhliain 2021-2022. Ar an mbonn sin, ní féidir

torthaí an mheasúnaithe eatramhaigh a mheas mar léiriú beacht ar an dul chun cinn lena rabhthas ag súil.

Faoi Chlár Leathanbhanda do Scoileanna nascadh timpeall 78 mbunscoil le soláthar Leathanbhanda Náisiúnta Éireann (NBI) le haghaidh leathanbhanda ardluais mar chuid den fheidhmiú céimneach seirbhísí faoi Chlár Pointí Nasctha Leathanbhanda do Scoileanna in 2020. Díreofar ar 679 mbunscoil faoin NBI thar an dá bhliain le teacht.

1.26 Bonneagar TFC

Eisíodh €100m do scoileanna mar mhaoiniú deontais do bhonneagar TFC chun tabhairt faoina riachtanais TFC le linn 2020. Cuireadh in iúl do scoileanna gurbh fhéidir leo an maoiniú sin a úsáid chun tacú le leanúnachas teagaisc agus foghlama dá dtarlódh tréimhse de dhúnadh páirteach nó iomlán scoileanna mar thoradh ar chomhairle Sláinte Poiblí mar gheall ar shrianta COVID-19. Eisíodh an maoiniú deontais sin do scoileanna, mar bhí na scoileanna suite san áit is fearr chun riachtanais an chohóirt daltaí dá gcuid a shainaithint agus na riachtanais sin a shásamh. Bhí an maoiniú sin beartaithe chun tabhairt faoi riachtanais TFC lena n-áirítear ardán foghlama bunriachtanach, gléasanna, bogearraí agus réitigh TFC eile a sholáthar agus mar thosaíocht d'fhéadfaí é a úsáid chun soláthar cianfhoghlama a thacú. Agus iad ar an eolas go raibh deacrachtaí ag foghlaimeoirí áirithe maidir le páirt a ghlacadh i gcianfhoghlaim toisc nach raibh rochtain acu ar ghléas digiteach oiriúnach, cuireadh in iúl do scoileanna go bhféadfaí an maoiniú a úsáid chun gléasanna digiteacha a cheannach lena n-áirítear ríomhairí glúine srl., ar féidir iad a chomhroinnt le daltaí agus le múinteoirí nach raibh rochtain acu ar ghléasanna.

Sprioc 2: Cuirfimid ar aghaidh dul chun cinn foghlaimeoirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachasúil agus foghlaimeoirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu d'fhonn tacú leo a gcumas a bhaint amach.

Tá an prionsabal um chuimsiú agus rochtain do chách ina chuid lárnach den chur chuige a ghlacaimid i leith ár gcórais oideachais agus oiliúna a fheabhsú chun a chinntiú go dtabharfar tacaíocht leordhóthanach do leanaí agus daoine óga ó chúlraí difriúla agus gur féidir leo leas a bhaint as na deiseanna atá ann chun a gcumas a uasmhéadú tríd an bhfoghlaim. Tá raon straitéisí i bhfeidhm ag an Roinn le haghaidh cúnamh, tacaíocht agus spreagadh a thabhairt do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu nó atá i mbaol míbhuntáiste oideachasúil gabháil do sheirbhísí oideachais ar ardchaighdeán agus tairbhe a bhaint astu.

2.1 Sainaithint DEIS

Leanadh le hobair le linn 2020 ar shamhail sainaitheanta DEIS a bheachtú, bunaithe ar shonraí rollaithe scoileanna agus ar na sonraí is úrnua atá ar fáil ó Dhaonáireamh 2016 faoi Innéacs Díothachta HP.

Chuir an Roinn tús le próiseas comhairliúcháin le hionadaithe páirtithe leasmhara san oideachas maidir le beachtú na samhla, agus tá obair ar siúl ar ghnéithe eile na samhla. Bhí comhairliúcháin ar siúl i Márta agus i nDeireadh Fómhair 2020 agus tá obair fós ar siúl ar ghnéithe eile na samhla.

Táthar ag súil go gcuirfear an bunús ar fáil leis an tsamhail sin le haghaidh córas leithdháilte acmhainní DEIS a fhorbairt d'fhonn acmhainní a mheaitseáil le riachtanais.

2.2 Plean DEIS a Chur Chun Feidhme

I mbliain acadúil 2020/21 tá 887 scoil i gClár DEIS atá ag freastal ar níos mó ná 185,000 dalta - 689 mBunscoil agus 198 nIar-bhunscoil.

Chaith an Roinn timpeall €125 mhilliún ar Chlár Deis in 2020. Áirítear leis sin 415 chomhordaitheoir HSCL (comhordaitheoir teagmhála baile, scoile agus an phobail) i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna uirbeacha DEIS, acmhainní teagaisc breise i scoileanna Uirbeacha Bhanda 1 DEIS, deontais DEIS, soláthar feabhsaithe Treorach in iar-bhunscoileanna DEIS agus deontais leabhar scoile feabhsaithe íoctha le scoileanna DEIS.

Ag deireadh 2020, bhí mórchuid na 108 nGníomhaíocht i bPlean DEIS críochnaithe nó ar siúl.

2.3 An Straitéis Náisiúnta maidir le hImeascadh Taistealaithe agus na Romach - Treoirthionscadal Oideachais

Ag freagairt do na gníomhartha sonracha atá sa Straitéis Náisiúnta maidir le Cuimsiú Taistealaithe agus na Romach 2017-2021 agus dóibh sin atá sa Phlean DEIS, bunaíodh Treoirthionscadal 2 bhliain i 4 limistéar in 2019 chun díriú ar thinreamh, ar rannpháirtíocht agus ar choinneáil/críochnú scoile i bPobail shonracha Taistealaithe agus Romach.

Beidh an acmhainn bhreise ag gach ceann de na ceithre Threoir-limistéar de 1 Oifigeach Leasa Oideachais, 1 Chomhordaitheoir HSCL agus 2 Oibrithe Oideachais do Thaistealaithe/Romaigh. Oibreoidh na foirne le chéile le tuismitheoirí, leanaí agus daoine

óga, le scoileanna, pobail Taistealaithe agus Romach agus soláthraithe seirbhíse chun tabhairt faoi na bacainní a bhfuil tionchar acu ar thinreamh, ar rannpháirtíocht agus ar leanaí de chuid na dTaistealaithe agus na Romach a choimeád sa chóras oideachais. Cuireadh tús le hobair i dtrí cinn de na limistéir - Baile Átha Cliath Thuaidh, Tuaim, Inis Córthaidh agus Bun Clóidí - i Meán Fómhair 2019 agus cuireadh tús le hobair sa cheathrú treoir-limistéar i gCathair Chorcaí in 2020. Tionóladh dara babhta de cheardlanna faisnéise le scoileanna an Treoirthionscadail i Feabhra 2020.

2.4 An Clár um Measúnacht Idirnáisiúnta Daltaí 2018

D'fhoilsigh an ERC *Gnóthachtáil i léitheoireacht, matamaitic agus eolaíocht i scoileanna DEIS: Fianaise ó PISA* i Nollaig 2020, bunaithe ar thorthaí 2018 PISA. Fuarthas amach leis go raibh meán-ghnóthachtáil léitheoireachta daltaí i scoileanna DEIS comhionann le meán-leibhéal OECD. Tá an bhearna um ghnóthachtáil léitheoireachta idir daltaí i scoileanna DEIS agus daltaí i scoileanna neamh-DEIS níos ísle in Éirinn (75 phointe) ná ar an meán ar fud thíortha OECD (89 bpointe). Cé go raibh meán-scór go suntasach níos ísle ag daltaí i scoileanna DEIS i matamaitic ná mar a bhí ag daltaí i scoileanna neamh-DEIS agus i gcoinne mheán-scór OECD, ba thoradh spreagúil é ná nuair a cuireadh i gcomparáid le PISA 2012 é bhí céatadán go suntasach níos ísle de dhaltaí i scoileanna DEIS ag leibhéil is ísle na hoilteachta i matamaitic Maidir le gnóthachtáil eolaíochta ní raibh aon athrú suntasach ar an meán-fheidhmíocht idir timthriallta PISA 2015 agus 2018 i scoileanna DEIS ná scoileanna neamh-DEIS.

2.5 Coinneáil go dtí an Ardteistiméireacht in Iar-bhunscoileanna DEIS

Ó tugadh an clár DEIS isteach, tháinig feabhas ar rátaí coinneála Ardteistiméireachta i scoileanna atá páirteach sa chlár. Méadaíodh an ráta coinneála ó 80.1% do chohórt iontrála na bliana 2006 go 83.8% do chohórt iontrála na bliana 2013. Cúngaíodh an bhearna i rátaí coinneála idir scoileanna DEIS agus neamh-DEIS ó bhearna 16.8% do chohórt iontrála 2001 go timpeall 9.3% do chohórt 2013.

2.6 Soláthar Oideachais Samhraidh do leanaí ag a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais agus dóibh siúd i mbaol míbhuntáiste oideachasúil.

Ba fhreagairt scoite é Soláthar Samhraidh 2020 do COVID-19 agus léiríodh leis leathnú suntasach de chlár Soláthair mhí Iúil sna blianta roimhe, mar leathnaíodh na critéir incháilitheachta chun timpeall 9,000 leanbh breise a chuimsiú a raibh riachtanais chasta acu. Ina theannta sin, den chéad uair cuireadh clár oideachais samhraidh nua ar fáil d'iar-bhunscoileanna DEIS uile agus cuireadh clár litearthachta agus uimhearthachta DEIS ar fáil do bhunscoileanna DEIS uile.

B'iad aidhmeanna an chláir chun a chinntiú, sa mhéid agus ab fhéidir, go raibh na leanaí sin in ann ath-imeascadh/aistriú isteach ina suíomh oideachais beartaithe don chéad scoilbhliain eile in éineacht lena bpiaraí.

Ghlac níos mó ná 22,800 dalta páirt i Soláthar Samhraidh 2020 thar snáitheanna baile agus scoile araon.

2.7 Riachtanais Speisialta Oideachais

2.7.1 Freastal ar Dhaltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu

Déanann an Roinn maoirseacht ar raon tacaí agus seirbhísí oideachais a sholáthraítear do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu i scoileanna príomhshrutha agus scoileanna speisialta. Áirítear leo sin múinteoirí, cúntóirí riachtanas speisialta, teicneolaíocht chúnta, saintrealamh, caipitíocht bhreisithe agus socruithe iompair speisialta.

Tá rún daingean ag an Roinn chun a chinntiú go mbeidh rochtain ag gach leanbh a bhfuil riachtanais speisialta oideachais aige/aici ar chineál oideachais atá oiriúnach dá riachtanais, de rogha i suíomhanna cuimsitheacha scoile príomhshrutha tríd an líonra bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna. I gcás nach féidir le suíomhanna príomhshrutha freastal ar leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, déanann an Roinn soláthar d'áiteanna i ranganna speisialta agus i scoileanna speisialta.

Tríd an líonra Eagraithe Riachtanas Speisialta Oideachais dá cuid, tá an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE) freagrach as iarratais a phróiseáil ó scoileanna ar thacaíochtaí do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

Soláthraítear tacaí spriocdhírithe do dhaltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu i scoileanna príomhshrutha agus scoileanna speisialta.

2.7.2 Múinteoirí Speisialta a Leithdháileadh ar Scoileanna Príomhshrutha

Ag deireadh 2020, bhí 13,600 post mar mhúinteoir oideachais speisialta (MOSanna) leithdháilte ar bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna príomhshrutha, méadú 40% ó 2011. I mBuiséad 2021 soláthraíodh 145 post breise mar mhúinteoir oideachais speisialta, rud a chiallaíonn go mbeidh 13,765 phost MOS ar fáil le leithdháileadh ar bhunscoileanna agus ar iar-bhunscoileanna príomhshrutha faoi dheireadh 2021.

Tacaíonn múinteoirí oideachais speisialta leis an múinteoir ranga príomhshrutha trí thacaíocht bhreise teagaisc a thabhairt do dhaltaí i scoileanna a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

Tugadh samhail nua isteach le haghaidh MOSanna a leithdháileadh maidir le scoileanna príomhshrutha ó Mheán Fómhair 2017 a dearadh chun acmhainní teagaisc oideachais speisialta a leithdháileadh ar bhonn cothrom ar scoileanna, agus a riachtanais phróifílithe á dtabhairt san áireamh.

Bunaithe ar chomhairle beartais a fuarthas ón NCSE, forbraíodh an tsamhail leithdháilte nua chun próifíl a chruthú do gach scoil atá bunaithe ar riachtanais agus lena dtugtar spleáchas do scoileanna chun a chinneadh conas a úsáidfear na hacmhainní atá acu, bunaithe ar riachtanais na ndaltaí.

Le leithdháileadh MOS soláthraítear leithdháileadh aontaithe aonair do riachtanais teagaisc maidir le tacaíocht oideachais speisialta do gach scoil, bunaithe ar phróifíl oideachasúil na scoile sin.

2.7.3 Scoileanna Speisialta

Tá 124 scoil speisialta ann a sholáthraíonn sainoideachas do thart ar 8,000 dalta a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, lena n-áirítear ospidéil agus Seirbhísí Meabhairshláinte do Leanaí agus d'Ógánaigh (CAMHS) gach bliain agus breis agus 1,500 múinteoir acu. Baineann leanaí a fhreastalaíonn ar scoileanna speisialta tairbhe as cóimheas laghdaithe idir daltaí agus múinteoirí atá sa raon idir 6:1 agus 11:1, ag brath ar an míchumas atá i gceist.

2.7.4 Ranganna Speisialta

Ó 2011, méadaíodh an líon ranganna speisialta atá ann i scoileanna príomhshrutha faoi bheagnach 235%, ó 548 go 1,838 sa scoilbhliain 2020/2021.

Áiríodh leis sin soláthar breise thar a bheith suntasach do ranganna speisialta Neamhoird de chuid Speictream an Uathachais (ASD). Ó 2011, mhéadaigh an NCSE líon na ranganna speisialta ASD ó 330 in 2011 go 1,569 ar fud na tíre i scoilbhliain 2020/2021. Áirítear leis sin

196 rang ASD nua lena gcuimsítear 11 rang Idirghabhála Luaithe, 119 rang ASD i mbunscoileanna agus 66 rang ASD in iar-bhunscoileanna.

2.7.5 Scéim na gCúntóirí Riachtanas Speisialta

Cuireadh rud beag níos mó ná 17,000 post coibhéise lánaimseartha mar Chúntóirí Riachtanas Speisialta (CRSanna) ar fáil do scoileanna, amhail Nollaig 2020, chun freastal ar riachtanais chúraim leanaí ag a bhfuil riachtanais speisialta oideachais a fhreastalaíonn ar bhunscoileanna, ar iar-bhunscoileanna agus ar scoileanna speisialta.

Ó 2011, méadaíodh líon na CRSanna a bhí ar fáil le leithdháileadh ar scoileanna ó 10,575 go níos mó ná 17,000 faoi láthair. Sin méadú de 70% ar an leithdháileadh iomlán.

2.7.6 Scéim na Teicneolaíochta Cúnta

In 2020, rinneadh 1,537 n-íocaíocht le bunscoileanna agus rinneadh 588 n-íocaíocht le hiar-bhunscoileanna, chun cuidiú le costas teicneolaíochta cúnta, agus íocadh beagnach €2,013 mhilliún san iomlán.

Soláthraítear trealamh de chineál éagsúil faoi scéim na teicneolaíochta cúnta, agus áirítear leis tacaíochtaí éisteolaíochta do leanaí ag a bhfuil lagú éisteachta, trealamh chun cuidiú le leanaí ag a bhfuil lagú radhairc, agus trealamh ríomhaireachta do leanaí a bhfuil míchumais fhisiceacha nó chumarsáide thromchúiseacha acu, nuair a sonraíodh go bhfuil an trealamh bunriachtanach chun an curaclam a rochtain.

2.7.7 An Scéim um Theanga Chomharthaíochta na hÉireann

Leis an Scéim um Theanga Comharthaíochta na hÉireann (ISL), cabhraítear le leanaí atá bodhar/a bhfuil lagú éisteachta orthu agus lena dteaghlaigh inniúlacht a ghnóthú sa teanga a luaithe is féidir.

D'fhonn a chinntiú gur féidir leis an leanbh cumarsáid a dhéanamh le baill a theaghlaigh/teaghlaigh agus chun cuidiú leis/léi scileanna teanga líofa a ghnóthú agus iad rannpháirteach i ngníomhaíocht fhiúntach le húsáideoirí inniúla na teanga agus le daoine suntasacha eile, is féidir baill teaghlaigh an linbh, na tuismitheoirí agus siblíní a chuimsiú sa teagasc ISL, a chuirtear ar fáil, go príomha, i mbaile an linbh, faoin scéim seo. Íoctar deontas le tuismitheoirí chun teagascóir ISL a fhostú. I mórchuid na gcásanna, maireann an teagasc ar feadh 1 uair an chloig in aghaidh na seachtaine suas go dtí deireadh mhí an Mheithimh, agus cuirtear fad leis ansin go dtí 7.5 uair an chloig in aghaidh na seachtaine le haghaidh mí Iúil agus mí Lúnasa.

Tacaíodh timpeall 233 leanbh agus a dteaghlaigh trí theagasc ISL le linn scoilbhliain 2018/19, agus fostaíodh thart ar 69 teagascóir chun ISL a theagasc, agus caiteachas bliantúil de thimpeall €327,000 i gceist leis.

2.7.8 Scéim Teagaisc Baile um Oideachas Speisialta

Tá sé mar chuspóir leis an Scéim Deontas Teagasc Baile seirbhís oideachais chúitigh a sholáthar do dhaltaí atá rollaithe i scoileanna agus a bhfuil riocht trom leighis orthu, ar riocht é a bhí ina chúis, agus ar dóigh dó leanúint lena bheith ina chúis, le mórchur isteach ar a bhfreastal ar scoil. Soláthraítear leis an scéim freisin seirbhís oideachais chúitigh do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus atá ag lorg socrúchán oideachais. Déantar soláthar do luath-idirghabháil oideachais do leanaí a bhfuil uathachas orthu chomh maith.

In 2020, eisíodh €15.04m mar mhaoiniú deontais do thuismitheoirí chun cuidiú leis an gcostas a bhaineann le teagasc baile a sholáthar. Údaraíodh 1,473 dheontas teagaisc baile le linn scoilbhliain 2019/20.

2.7.9 Ionad Choillidh Chanannáin don Uathachas

Is tionscnamh có-mhaoinithe é tionscadal Ionad Choillidh Chanannáin don Uathachas (MCA) idir an Roinn Oideachais (RO) i dTuaisceart Éireann agus an Roinn Oideachais (RO) sa deisceart a bhfuil mar aidhm aige cuidiú le barr feabhais a chur chun cinn i bhforbairt agus i gcomhchuibhiú an oideachais agus seirbhísí gaolmhara do leanaí agus do dhaoine óga ag a bhfuil neamhoird de chuid speictream an uathachais.

San Ionad cuirtear seirbhís oiliúna cuimsitheach náisiúnta ar fáil do thuismitheoirí agus do ghairmithe oideachasúla. Is féidir le tuismitheoirí amharc ar raon na seirbhísí atá ar fáil ag an Ionad tríd an suíomh gréasáin www.middletownautism.com. Tá rannán taighde ag an Ionad freisin.

Ar iarratas ón Roinn seo agus arna fhaomhadh ag an an gComhairle Aireachta Thuaidh/Theas, chuir Ionad Choillidh Chanannáin don Uathachas (MCA) tús, ar bhonn teoranta sa deisceart, le seirbhís dian-mheasúnaithe oideachais agus tacaíochta foghlama do leanaí ar bhonn for-rochtana (Treoirthionscadal MCA). Chomh maith le líon na n-úsáideoirí a mhéadú a bhain tairbhe as seirbhísí an Ionaid, ba é aidhm thábhachtach leathnú na seirbhísí an tIonad a leabú a thuilleadh mar chomhlacht seachadta ríthábhachtach maidir leis an raon seirbhísí atá ar fáil chun tacú le leanaí ag a bhfuil uathachas ar bhonn uile-oileáin.

Trí leathnú a dhéanamh ar sheirbhísí an Ionaid i ndeisceart na hÉireann cuireadh ar chumas an Ionaid soláthar tacaíochta dírí do leanaí a reáchtáil ar bhonn píolótach, tionscadail taighde spriocdhírithe a chur i gcrích d'fhonn forbairt beartas amach anseo a threorú agus líon na n-áiteanna oiliúna a mhéadú a chuirtear ar fáil do thuismitheoirí agus do ghairmithe araon, go háirithe príomhthréimhsí na beatha a thabhairt chun suntais do leanbh ag a bhfuil uathachas.

2.7.10 Teiripe Urlabhra agus Theanga Ionscoile

In 2018, cuireadh tús le tionscadal taispeána maidir le seirbhísí Teiripe ionscoile. Dearadh an tionscadal taispeána chun samhail a fhorbairt agus a thástáil le haghaidh tacaíocht teiripe urlabhra agus theanga agus shaothair ionscoile a sheachadadh, i limistéar réigiúnach sainithe, ar fud raon de scoileanna.

Cé gur dearadh é mar threoirthionscadal bliana ar dtús, trí chinneadh an Rialtais an 12 Feabhra 2019, maidir le hAthbhreithniú ar Scéim na gCúntóirí Riachtanas Speisialta, comhaontaíodh go mbunófaí treoirthionscadal de Shamhail Ionchuimsithe Scoile (SIM) nua do leanaí ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta agus riachtanais cúraim bhreise agus suas le 75 scoil rannpháirteach ann i réigiún CHO 7 thar chúrsa scoilbhliain 2019/20.

Leanadh leis an tionscadal taispeána chun seirbhísí teiripe ionscoile agus réamhscoile a sholáthar, mar chuid den tSamhail Ionchuimsithe Scoile, thar chúrsa scoilbhliain 2019/20.

Ós rud é gur dúnadh scoileanna uile ón 12 Márta, 2020, mar gheall ar ghéarchéim COVID-19, níorbh fhéidir an treoirthionscadal den tSamhail Ionchuimsithe Scoile a chur i gcrích thar chúrsa scoilbhliain 2019/20. D'fhonn cuidiú le hobair an FSS chun freagairt do COVID-19, rinneadh na Teiripeoirí Urlabhra agus Teanga agus Teiripeoirí Saothair a sannadh don tSamhail Ionchuimsithe Scoile a athghairm chuig an FSS ón 12 Márta 2020, agus tá siad fós fostaithe ag an FSS.

Tugadh cead don NCSE teiripeoirí a fhostú go díreach i Samhradh 2020 chun leanúint leis an tSamhail Ionchuimsithe Scoile a reáchtáil ar bhonn píolótach, thar chúrsa scoilbhliain 2020/21.

Áirítear na gnéithe a leanas leis an tSamhail Ionchuimsithe Scoile:

- Athrú ar an dóigh a leithdháiltear CRSanna ar ranganna príomhshrutha
- Seirbhís tacaíochta teiripe ionscoile a fhorbairt
- Ról na Seirbhíse Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS) a leathnú chun tacú le scoileanna píolótacha, agus leanúint leis an tionscadal taispeána réamhscoile agus ionscoile sa limistéar píolótach chun seirbhís lán-chuimsitheach a chinntiú do na scoileanna píolótacha;
- Foireann Tacaíochta Réigiúnach MCSE a bhunú, ar bhonn píolótach, i limistéar na hEagraíochta Cúram Sláinte Pobail (CHO 7) ina bhfuil an scéim phíolótach ar siúl, lena n-áireofar speisialtóirí i ndisciplíní ábhartha (Teiripeoirí Urlabhra agus Teanga, Teiripeoirí Saothair, Cleachtóirí Iompraíochta) d'fhonn Forbairt Ghairmiúil Leanúnach múinteoirí agus dea-chleachtas a threorú sa limistéar sin;
- Oiliúint a sholáthar do Chúntóirí Riachtanas Speisialta

2.7.11 Athbhreithniú Cuimsitheach ar Scéim na gCúntóirí Riachtanas Speisialta (CRS).

An tSamhail Thús-ualaithe

San Athbhreithniú Cuimsitheach ar an Scéim CRS de chuid NCSE, arna fhoilsiú i mBealtaine 2018, fuarthas amach go n-oibríonn an Scéim CRS go maith, mar atá sí cumraithe faoi láthair, maidir le riachtanais leanaí níos óige agus daltaí a chomhlíonadh dá ndearnadh í a dhearadh ar dtús, agus go bhfuil an-mheas ag tuismitheoirí, ag daltaí agus ag scoileanna uirthi. Ach fuarthas amach nach raibh sí chomh héifeachtach sin, áfach, maidir le daltaí bunscoile agus iar-bhunscoile níos sine.

I Feabhra 2019, thug an Rialtas cead le haghaidh samhail leithdháilte tús-ualaithe nua de CRSanna a chur i bhfeidhm arna leithdháileadh ar aon dul le riachtanas próifílithe agus aird á tabhairt don chur chuige arna ghlacadh sa tSamhail Leithdháilte Nua maidir le Múinteoirí Oideachais Speisialta a tugadh isteach i Meán Fómhair 2017.

Faoin tsamhail thús-ualaithe, tá an leithdháileadh CRS do ranganna príomhshrutha bunaithe ar leithdháileadh na Múinteoirí Oideachais Speisialta (MOS) atá bunaithe dá réir sin ar phróifíl oideachais gach scoile. Leis an tsamhail sin dhéanfaí réidh leis an ngá le diagnóis d'fhonn a bheith incháilithe le haghaidh tacaíochta. Ciallaíonn sé freisin go mbíonn tacaíochtaí ar fáil sa scoil nuair a chláraíonn an leanbh. Tá an Roinn tiomanta dá tabhairt isteach mar chuid den fhorbairt ar an tSamhail sin.

Mar gheall ar an gcur isteach a tháinig as paindéim COVID-19, cuirtear tabhairt isteach na Samhla nua Tús-ualaithe um Leithdháileadh cúntóirí riachtanas speisialta do dhaltaí i ranganna príomhshrutha i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna siar go tús scoilbhliain 2022/23.

Mar gheall ar chur isteach COVID-19, níorbh fhéidir an oiliúint agus na ceardlanna a reáchtáil a dearadh chun cabhrú le ceannairí scoile agus le múinteoirí agus iad ag gabháil do phleanáil ionscoile don tsamhail nua agus ag dul i dteagmháil le tuismitheoirí. Tá na seisiúin sin athsceidealaithe anois le bheith ar siúl le linn na scoilbhliana 2021/22.

2.7.12 Clár Oiliúna Náisiúnta a Fhorbairt do CRSanna

Tá ról ollmhór ag Cúntóirí Riachtanas Speisialta (CRSanna) maidir le cuidiú le cuimsiú daltaí a bhfuil riachtanais cúraim shuntasacha acu san oideachas agus i saol na scoile a chinntiú. Tugadh aitheantas dó sin san Athbhreithniú Cuimsitheach ar Scéim na gCúntóirí Riachtanas

Speisialta (CRSanna) arna fhoilsiú ag an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE) in 2018.

Rinneadh roinnt moltaí san athbhreithniú maidir le CRSanna agus socraíodh gur cheart tús áite a thabhairt do chlár oiliúna a fhorbairt do CRSanna nach raibh an seans acu le déanaí b'fhéidir clár oiliúna a rochtain atá saincheaptha dá ról.

Reáchtáladh comórtas soláthair phoiblí le haghaidh clár oiliúna náisiúnta nua do CRSanna a fhorbairt agus a sholáthar. Forbraíodh agus foilsíodh sonraíocht mhionsonraithe maidir le riachtanas agus torthaí foghlama don chomórtas. Tar éis measúnú a dhéanamh ar na tairiscintí a fuarthas, dámhadh an conradh do Scoil Oideachais an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (COBÁC), i gcomhar le Scoil Altranais, Cnáimhseachais agus Córas Sláinte COBÁC.

Is é aidhm an chláir nua sin eolas, scileanna agus saineolas CRSanna a fheabhsú a bhfuil a gcuid oibre ríthábhachtach maidir le cuimsiú daltaí ag a bhfuil riachtanais cúraim bhreise agus riachtanais chasta i saol na scoile.

Tá an clár comhdhéanta de chúig mhodúl, arna seachadadh ar líne ar feadh thréimhse 10 mí. Is príomhchuid den chur chuige maidir le seachadadh an chlár ná solúbthacht agus tá rannpháirtíocht sa chlár deonach.

Tá an clár maoinithe ina iomláine ag an Roinn agus déantar é a sheachadadh gan chostas ar bith don CRS.

Gheobhaidh gach rannpháirtí a chríochnaíonn an clár go rathúil deimhniú ó Scoil Oideachais COBÁC a d'fhéadfadh a bheith ina chuidiú leo coinneáil le hoideachas breise.

Leithdháilfear €2.45m don chlár seo thar an gcéad tréimhse 4 bliana eile bunaithe ar glacadh iomlán de 3,500 CRS.

Seo an chéad chlár oiliúna náisiúnta do CRSanna atá fostaithe inár scoileanna agus tá sé saincheaptha dá riachtanais. Déanfar an clár a mheasúnú agus déanfar an cur chuige maidir le CRSanna a oiliúint sa todhchaí a threorú leis an toradh. Níl costas ar bith ann do CRSanna atá ag obair i scoileanna. Tá an clár maoinithe ina iomláine ag an Roinn Oideachais.

2.8 Scéimeanna Teagaisc Baile do dhaltaí nach bhfuil áit ar scoil acu, do leanaí i gcúram nach bhfuil áit ar scoil acu agus do dhaltaí ar neamhláithreachtaí a bhaineann le máithreachas

Bhain líon iomlán de 141 leanbh leas as teagasc baile i scoilbhliain 2020/2021 faoi na scéimeanna seo nach mbaineann le riachtanais speisialta oideachais arna riar ag an Aonad Tuismitheoirí agus Foghlaimeoirí.

Foilsithe in 2020

- 0057/2020 - Scéim Deontais Teagaisc Baile do leanaí nach bhfuil áit ar scoil acu ar chúiseanna seachas riachtanais speisialta oideachais agus forais leighis
- 0058/2020 - Scéim Deontais Teagaisc Baile 2020/2021 - An Chomhpháirt um Neamhláithreachtaí a bhaineann le Máithreachas

2.9 Rochtain agus Cuimsiú i Suíomhanna Luathbhlianta

2.9.1 Tús Luath

Maoiníonn agus riarann an Roinn na ranganna réamhscoile a sholáthraítear faoi chlár an Túis Luaith, rud a bunaíodh sa bhliain 1994/95 i 40 bunscoil atá lonnaithe i limistéir ainmnithe de mhíbhuntáiste uirbeach ar fud na tíre. Is scéim réamhscoile bliana Tús Luath lena mbaineann clár oideachais a bhfuil mar aidhm aige forbairt fhoriomlán a fheabhsú, cabhrú le teip ar scoil a chosc agus éifeachtaí an mhíbhuntáiste shóisialta a chúiteamh. Is féidir leis an gclár oideachais freastal ar 1,620 leanbh.

Leithdháiltear maoiniú caipitíochta €95.23 in aghaidh na bliana ar gach leanbh réamhscoile a ghlacann páirt i gclár an Túis Luaith. Ina theannta sin, faigheann gach lánaonad agus leathaonad maoiniú neamhphá i bhfoirm deontas tionscanta le haghaidh ábhair agus trealamh a cheannach, mar aon le deontas bliantúil chun rannpháirtíocht tuismitheoirí a chothú freisin.

In 2020, íocadh maoiniú neamhphá comhionann le €209,347.73 san iomlán le hAonaid Túis Luaith.

2.9.2 Tionscadal Réamhscoile Shráid Rutland

Is clár réamhscoile dhá bhliain Tionscadal Réamhscoile Shráid Rutland, a bunaíodh in 1969, i bpobal lárchathair Bhaile Átha Cliath, a fhreastalaíonn ar leanaí d'aois 3-5 bliana. Cé nach bhfuil sé ina chuid de Thús Luath, úsáideadh é chun a lán de na cineálacha chur chuige a reáchtáil ar bhonn píolótach a chorpraíodh níba dhéanaí sa tionscadal Túis Luaith. Is í an Roinn a riarann buiséad don fhoireann neamhphá agus do ghnéithe neamhphá de chuid Thionscadal Réamhscoile Shráid Rutland. Is ionann an fhoireann don scoil agus príomhoide riaracháin, ochtar múinteoirí agus cúig oibrithe cúram leanaí le haghaidh 99 leanbh.

2.9.3 Tacú le Cuimsiú agus Éagsúlacht

Tá ról tacaíochta tábhachtach ag an Roinn maidir le forbairt leanúnach na Samhla um Rochtain agus Cuimsiú (AIM) arna seoladh i Meitheamh 2016 ag an Roinn Leanaí, Comhionannais, Éagsúlachta, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCÉLÓ). Is samhail de thacaíochtaí AIM atá deartha chun a chinntiú gur féidir le leanaí faoi mhíchumais chlár Cúram agus Oideachas na Luath-Óige (ECCE) a rochtain. In 2020, lean An tAonad Beartas um Oideachas sna Luathbhlianta (EYEPU), atá ina chuid den ghrúpa feidhmithe tras-earnála a stiúrann tionscnamh AIM, le tacaíochtaí a sholáthar don tsamhail AIM trí pháirt a ghlacadh sna grúpaí oibre dá chuid. Bhíothas chun athbhreithniú a dhéanamh ar AIM in 2020 ach cuireadh siar é go dtí 2021 mar gheall ar phaindéim COVID-19 agus srianta sláinte poiblí.

Tá an clár um "Cheannaireacht do Chuimsiú" (LINC) http://lincprogramme.ie/ a bhfuil duaiseanna buaite aige á sholáthar ag cuibhreannas faoi cheannas Choláiste Mhuire Gan Smál, i gcomhpháirtíocht le Luath-óige Éireann agus Froebel, Ollscoil Mhá Nuad, ar fud na tíre do 900 dalta in aghaidh na bliana chun Comhordaitheoir Cuimsithe a oiliúint - príomhról a sainaithníodh chun cuidiú le tacaíocht a thabhairt do leanaí réamhscoile faoi mhíchumas - a oibreoidh i suíomhanna na luathbhlianta. Íocann RLCÉLÓ caipitíocht bhreise le seirbhísí a fhostaíonn Comhordaitheoir Cuimsithe. Tar éis don RLCÉLÓ próiseas tairisceana iomaíche a reáchtáil, rinneadh an clár a athnuachan in 2020 le haghaidh trí bliana bhreise agus síneadh féideartha ann le haghaidh bliain amháin eile.

Sprioc 3: Tabharfaimid na scileanna agus an tacaíocht riachtanach do sholáthraithe oideachais agus oiliúna chun taithí foghlama ar ardchaighdeán a chur ar fáil

Cuid dhílis de rath an chórais oideachais agus oiliúna is ea cáilíocht an tsoláthair. Aithníonn an Roinn na róil thábhachtacha a imríonn ceannairí, múinteoirí agus baill foirne tacaíochta agus féachann sí le hacmhainn an chórais ina iomláine a neartú chun feabhsuithe leanúnacha a bhaint amach agus na seirbhísí oideachais agus oiliúna is mó cáilíocht a sholáthar d'fhoghlaimeoirí. Aithnítear ardcháilíocht chóras oideachais na hÉireann ar fud an domhain. Chun go mbeidh an córas is fearr againn, áfach, ní mór dúinn feabhsuithe leanúnacha a bhaint amach.

3.1 An Soláthar Múinteoirí

Rinneadh athbhreithniú ar an bPlean Gníomhaíochta um Sholáthar Múinteoirí agus dréachtaíodh plean athbhreithnithe i gcomhairliúchán le páirtithe leasmhara, d'fhonn é a fhoilsiú in 2021.

Tar éis don ÚAE (an tÚdarás um Ard-Oideachas), thar ceann na Roinne, glao a chur ar sholáthraithe uile Oideachais Thosaigh Múinteoirí, d'fhógair an tAire trí chlár chun múinteoirí cláraithe a uas-oiliúint in ábhair spriocdhírithe iar-bhunscoile (Spáinnis, Matamaitic agus Fisic) i Samhain 2020.

Rinneadh dul chun cinn ar nuashonrú na tuarascála teicniúla S*amhail Soláthair agus Éilimh um Múinteoirí a Fhorbairt d'Éirinn 2020-2036* chun forbairtí beartas agus réamh-mheastacháin athbhreithnithe um déimeagrafaic daltaí a chur san áireamh, d'fhonn í a fhoilsiú in 2021.

Rinneadh dul chun cinn substaintiúil i dtreo samhail a fhorbairt de sholáthar agus éileamh maidir le múinteoirí iar-bhunscoile ar leibhéal an ábhair.

Mar gheall ar thionchar shrianta COVID-19, níor tionóladh fóram náisiúnta páirtithe leasmhara in 2020.

Seoladh Sub Seeker, an tairseach earcaíochta múinteoirí ionaid arna forbairt ag Líonra Príomhoidí Bunscoile na hÉireann (IPPN) agus ag Cumann Náisiúnta na bPríomhoidí agus na Leas-Phríomhoidí (NAPD), i Nollaig 2019 agus bhí sí i mbun oibre do bhliain iomlán 2020.

Rinne IPPN dul chun cinn suntasach ar thairseach earcaíochta a fhorbairt maidir le folúntais fhadtéarma do scoileanna uile, bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna san áireamh, d'fhonn í a sheoladh in 2021.

3.2 Oideachas Múinteoirí

Measann an Roinn oideachas múinteoirí mar chontanam ó oideachas tosaigh múinteoirí go dtí an ionduchtúchán agus forbairt ghairmiúil leanúnach (CPD). Cuireann an Roinn cáilíocht an teagaisc agus na foghlama chun cinn trí chláir oideachas thosaigh múinteoirí, Forbairt Ghairmiúil Leanúnach agus tacaíochtaí a sholáthar do Phríomhoidí agus do Mhúinteoirí ina gcuid oibre. Déantar é sin trí na cláir Oideachais Thosaigh Múinteoirí, trí Aonaid Oideachais agus trí Sheirbhísí Tacaíochta do mhúinteoirí ar Leibhéal Bunscoile agus Iar-bhunscoile.

Cuireadh CPD ar fáil do mhúinteoirí bunscoile agus iar-bhunscoile i raon leathan ábhar ar feadh 2020. Áiríodh leo sin tacaíocht do thabhairt isteach agus do chur i bhfeidhm Curaclam Teanga na Bunscoile, sonraíochtaí ábhair nua faoin gCreat don tSraith Shóisearach agus ábhair inscrúdaithe nua don tsraith shinsearach agus sonraíochtaí athbhreithnithe maidir le hábhair na sraithe sinsearaí. Ina theannta sin soláthraíodh níos mó ná 600 áit ar chláir iarchéime bunaithe i gcoláistí i gCeannaireacht agus i Riachtanais Speisialta Oideachais.

Leanadh le tús áite a thabhairt in 2020 do thacaíocht don fhorbairt ghairmiúil le haghaidh na gniomhaíochtaí ábhartha a chur i bhfeidhm sna réimsí a leanas: an Straitéis Litearthachta agus Uimhearthachta, Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic (ETIM), Comhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna (DEIS), an Straitéis Dhigiteach do Scoileanna, Languages Connect, Sláinte & Folláine agus Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe (ESD).

3.2.1 Caighdeáin in Oideachas Tosaigh Múinteoirí (ITE)

Faoi Alt 38 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, tá cláir ITE faoi réir ag athbhreithniú agus creidiúnú ag an gComhairle Mhúinteoireachta, chun críocha cláraithe.

Cuireadh an chéad timthriall de na cláir athbhreithnithe agus creidiúnaithe i gcrích in 2015. Chun ullmhú don chéad timthriall eile den phróiseas athbhreithnithe agus creidiúnaithe, rinne an Chomhairle athbhreithniú ar a beartas maidir le caighdeáin do chláir ITE. Ar chríochnú an athbhreithnithe sin, foilsíodh Céim: Caighdeáin don Oideachas Tosaigh Múinteoirí i Samhain 2020.

Leagtar amach na riachtanais i *gCéim* nach mór do gach clár cáilíochta múinteoireachta in Éirinn a chomhlíonadh d'fhonn creidiúnú a fháil ón gComhairle Mhúinteoireachta. Is tagarmharc é freisin do dhuine ar bith atá ag iarraidh clárú mar mhúinteoir in Éirinn.

Rinneadh na Príomhghnéithe do chláir uile ITE a nuashonrú. Athraíodh na (16) gnéithe éigeantacha roimhe sin, agus rinneadh cuid acu a malgamú in a seacht gcaighdeán lena gcuimsítear: Oideachas Cuimsitheach, Oideachas um Shaoránacht Dhomhanda agus Scileanna Digiteacha

Ní mór go mbeadh gach clár Bunscoile agus Iar-bhunscoile a chuirtear faoi bhráid na Comhairle le haghaidh creidiúnaithe ar aon dul le *Céim.* Déanfar cláir reatha ITE a athailíniú i gcomhréir le *Céim* le tosú i Meán Fómhair 2022 do mhúinteoirí faoi oiliúint na chéad bhliana.

3.2.2 Céimithe Oideachais Tosaigh Múinteoirí

In 2019, bhí 1,199 céimí ó chláir oideachais tosaigh múinteoirí (ITE) chomhreathacha agus chomhleanúnacha bunscoile arna maoiniú ag an Stát mar aon le 1,403 céimí ó chláir oideachais tosaigh múinteoirí chomhreathacha agus chomhleanúnacha iar-bhunscoile arna maoiniú ag an Stát. Anuas air sin, bhí 598 céimí bunscoile agus 132 céimí iar-bhunscoile ar chláir chomhleanúnacha ó Hibernia College in 2019. Níl ar fáil ach figiúirí measta le haghaidh 2020, ach táthar ag súil go mbeidh timpeall ar 1,200 céimí bunscoile agus níos mó ná 1,638 céimí iar-bhunscoile mar thoradh ar chláir arna maoiniú ag an Stát, mar aon le timpeall 683 céimí bunscoile agus 157 céimí iar-bhunscoile a mbronnfar céim ó Hibernia College orthu.

3.2.3 Riachtanais um Ábhair Churaclaim Iar-bhunscoile

Chun clárú mar mhúinteoir iar-bhunscoile, ní mór do dhuine na riachtanais um ábhair churaclaim a chomhlíonadh maidir le hábhar iar-bhunscoile amháin ar a laghad. Tá na

riachtanais sin maidir le hábhair churaclaim leagtha amach ag an gComhairle Mhúinteoireachta a bhfuil freagracht aici as gairm na múinteoireachta a chur chun cinn agus a rialú in Éirinn.

Rinne an Chomhairle athbhreithniú ar na riachtanais um ábhair churaclaim, lenar áiríodh próiseas comhairliúcháin fairsing le páirtithe leasmhara a cuireadh i gcrích in 2019. Foilsíodh riachtanais athbhreithnithe na Comhairle ansin i Samhain 2020.

Áirítear na nithe a leanas leis na hathruithe is suntasaí agus na dátaí éifeachtacha maidir leis na critéir nua:

- Leagadh síos riachtanas de 60 ECTS (an Córas Eorpach Aistrithe Creidiúna) maidir le gach ábhar d'fhonn comhsheasmhacht agus paireacht measa a chinntiú thar ábhair uile. Ciallaíonn sé sin gur laghdaíodh líon riachtanach na gcreidmheasanna ECTS (ó 80-90 ECTS go 60) i dtaca le ceithre ábhar churaclaim - Ealaíne, Corpoideachas, Eacnamaíocht Bhaile agus Ceol.
- Forbraíodh ábhair churaclaim nua don Ardteistiméireacht *Polaitíocht agus an tSochaí* agus *Eolaíocht Ríomhaireachta* agus cuireadh san áireamh iad den chéaduair. Osclaíodh clárú do na hábhair sin leis an gComhairle Mhúinteoireachta ón 1 Eanáir 2021.
- Le haghaidh gach ábhar eile, tá dáta tosaithe ann le héifeacht ón 1 Eanáir 2023.

3.2.4 Socrúchán Scoile

Is cuid ríthábhachtach é an socrúchán scoile den ITE mar chuirtear ar chumas an mhic léinn leis eispéireas an teagaisc agus na foghlama a fháil in éagsúlacht comhthéacsanna, agus chun páirt a ghlacadh i saol na scoile ar dhóigh atá struchtúraithe agus tacaithe.

Faoi Alt 38 de na hAchtanna um Chomhairle Mhúinteoireachta 2001-2015 tá an Chomhairle freagrach as cláir Oideachais Thosaigh Múinteoirí a athbhreithniú agus a chreidiúnú, agus aird á tabhairt do chreat an bheartais náisiúnta arna bhunú ag an Aire Oideachais. Sa chomhthéacs sin, agus mar chuid den Phlean Gníomhaíochta um Sholáthar Múinteoirí, d'iarr an Roinn Oideachais in 2018 ar an gComhairle athbhreithniú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na dtreoirlínte reatha maidir le socrúcháin scoile, agus fócas ar leith ar chomhpháirtíochtaí scoile/Institiúidí Ardoideachais, agus moltaí a dhéanamh.

Thionóil an Chomhairle Grúpa Oibre um Shocrúcháin Scoile chun an t-athbhreithniú a dhéanamh. Áiríodh le ballraíocht an ghrúpa sin ionadaithe na Comhairle agus na Roinne, Institiúidí Ardoideachais, ceardchumann agus comhlachtaí bainistíochta, agus an ÚAO. Bhí an Chomhairle i dteagmháil freisin le príomhoidí agus le múinteoirí faoi oiliúint, trí fhoghrúpaí agus trí fhócasghrúpaí.

Bhíothas chun an Tuarascáil a fhoilsiú in 2020. Mar gheall ar imthosca maolaitheacha, áfach, de thoradh COVID-19, cuireadh moill ar fhoilsiú na tuarascála agus foilsíodh an Tuarascáil i Márta 2021.

Tá Foireann Tionscadail ón gComhairle Mhúinteoireachta agus ón Roinn i gceannas na hoibre athleanúna ón Tuarascáil sin a chur chun cinn in 2021.

3.2.5 Ráiteas Beartais maidir le hOideachas Tosaigh Múinteoirí

Chuir an Roinn tús le Ráiteas Beartais a fhorbairt do ITE in 2019. Rinneadh comhairliúchán fairsing le páirtithe leasmhara uile a bhfuil baint acu le ITE, lenar áiríodh soláthraithe ITE agus réimsí beartais na Roinne a bhaineann le ITE. Leis an Ráiteas Beartais sin déanfar

iarracht beartas ITE agus soláthar ITE a dhoiciméadú agus roinnt soiléire a sholáthar maidir leis an bhfís do ITE.

Leanadh le hobair ar an Ráiteas Beartais in 2020, agus táthar ag súil go bhfoilseofar é ag deireadh 2021.

3.2.6 Creat bunaithe ar thaighde a fhorbairt le haghaidh Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (CPD) a mheasúnú.

In 2020, lean an Roinn leis an tionscadal seo, i gcomhar leis an bhForas Taighde ar Oideachas (ERC), - chun creat measúnaithe a fhorbairt do CPD, lena gcinnteofar go gcomhlíonann soláthar CPD riachtanais múinteoirí, scoileanna, daltaí agus na Roinne ar bhonn éifeachtach agus éifeachtúil agus go gcinntítear an úsáid is fearr de na hacmhainní atá ar fáil. Mar gheall ar COVID-19, síneadh an amlíne le haghaidh an tionscadal taighde sin a chríochnú go dtí 2022.

3.2.7 Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (CPD)

Soláthraíonn ceithre sheirbhís tacaíochta oideachais náisiúnta tacaíocht CPD do mhúinteoirí agus do cheannairí scoileanna agus iad maoinithe ag an Roinn. Tá faisnéis maidir le hobair gach cinn de na seirbhísí sin le linn 2020 curtha ar fáil thíos.

3.2.8 An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (PDST)

In 2020, lean an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (PDST), seirbhís náisiúnta um thacaíocht oideachais do mhúinteoirí arna maoiniú ag an Roinn Oideachais, le clár forbartha gairmiúla cuimsitheach a sholáthar chun tacú le múinteoirí agus le ceannairí scoileanna. Cuireadh tús leis an mbliain le clár iomlán de sheimineáir CPD, ceardlanna, Pobail Foghlama Gairmiúla agus tacaíocht scoile in éineacht le sraith iomlán de sheimineáir ghréasáin agus de chúrsaí ar líne.

Bhí tionchar ag comhthéacs COVID-19 ó Mhárta 2020 ar mhodhanna an tsoláthair, agus bhí sé riachtanach CPD uile a aistriú chuig suíomh ar líne/cianda. I Márta 2020, chruthaigh foireann Teicneolaíochta Digití PDST leathanach Cianfhoghlama do mhúinteoirí agus do cheannairí scoileanna mar ardán lánfheidhmiúil agus sonraí ann, eadhon www.pdst.ie/distancelearning. Forbraíodh an t-ardán sin go suntasach ina dhiaidh sin mar "ionad ilfhreastail" do thacaíochtaí lena bhfreastalaítear ar gach leibhéal inniúlachta do mhúinteoirí i dTeicneolaíochtaí Digiteacha. Áiríodh leis comhairle maidir le hardáin Dhigiteacha, uirlisí Digiteacha le haghaidh teagaisc, foghlama agus measúnaithe, níos mó ná 70 rang teagaisc inste ar líne, treoir maidir le comhdhálacha ar líne agus ábhair shaibhre ar fhíseáin lena léirítear dea-chleachtas.

Rinne foirne Ceannaireachta, Sláinte agus Folláine, Litearthachta agus ETIM PDST tairseacha ar líne sainiúla a dhearadh ar an leathanach cianfhoghlama agus saibhreas de thacaíochtaí agus de scafaill ann le haghaidh leanúnachas foghlama sa bhaile a thacú.

Rinne an fhoireann PDST Clár Teagmhasach Oibre a dhearadh lenar aistríodh CPD aghaidh ar aghaidh beartaithe uile chuig formáidí ar líne agus sholáthair sé tacaíocht scoile aonair trí shamhlacha cianda (cruinnithe ar líne, ar theileafón, trí mheán ríomhphoist).

De réir mar a osclaíodh scoileanna arís ó Mheán Fómhair go Nollaig 2020, leanadh le tacaíocht CPD uile a sholáthar ar bhonn cianda agus thacaigh PDST le múinteoirí agus le ceannairí scoileanna i réimsí tosaíochta náisiúnta agus d'fhreagair siad do riachtanais a bhí ag teacht chun cinn de réir mar a thosaigh teagasc sna seomraí ranga arís. Agus é ag dréim le hathoscailt na scoileanna, forbraíodh sraith uirlisí foghlama cumaisc idirghníomhacha nua PDST le linn an tsamhraidh in 2020 d'fhonn tacú le scoileanna maidir le breithnithe um

fhoghlaim chumaisc, pleanáil maidir le treoir agus comhleá oideolaíochta agus teicneolaíochta.

Críochnaíodh seimineáir náisiúnta i mí Eanáir 2020 chun tacú le Curaclam Teanga na Bunscoile, arna leanúint le cláir leanúnacha tacaíochta do scoileanna a lean ar aghaidh go dtí dúnadh na scoileanna i mí Mhárta. Leanadh le tacaíocht a thabhairt do scoileanna trí lear mór seimineár, ceardlann beo litearthachta agus teangacha, acmhainní ar líne agus ríomh-fheasachán.

Clúdaíodh réimsí uile an churaclaim Matamaitice agus Eolaíochta le tacaíochta ETIM bunscoile agus príomhfhócas ar fhoghlaim bunaithe ar shúgradh, ar fhoghlaim bunaithe ar fhiosrú agus ar thascanna foghlama saibhre. Bhí an-tóir ag múinteoirí ar shraith seimineár ETIM sa Bhaile nuair a dúnadh na scoileanna in éineacht le feasachán Smaointe ar líne ar a raibh 2,000 cláraithe.

Leanadh le soláthar tacaíochta ó na foirne Sláinte agus Folláine Bunscoile agus Iar-bhunscoile sna réimsí uile a leanas: OSPS (oideachas sóisialta pearsanta agus sláinte), OCG (oideachas caidrimh agus gnéasachta), Fan Sábháilte, Cosaint Leanaí, Sábháilteacht Phearsanta JC agus SC, Frithbhulaíocht, Meabhairshláinte agus Mí-úsáid Substaintí.

Leanadh le CPD don tSraith Shinsearach maidir le sonraíochtaí ábhair don Eacnamaíocht, Polaitíocht agus an tSochaí agus soláthar i bhfeidhm le haghaidh siollabas atá ann cheana féin; Ceol, Tíreolaíocht, Stair, Oideachas Reiligiúnach, agus Eacnamaíocht Bhaile. Leanadh le tacaíocht cláir Iar-bhunscoile i JCSP, LCA, LCVP agus TY.

Bhí samhail uathúil de thacaíocht scoilbhunaithe PDST fós ina modh soláthair CPD ar a raibh an tóir is mó lenar bhain tacaíocht leanúnach do scoileanna ina ngné mar a shainaithin scoileanna príomhthosaíochtaí le cur chun cinn a bhaineann go príomha leis na pleananna feabhsaithe scoile dá gcuid.

Soláthraíodh tacaíocht do cheannairí scoileanna trí chláir náisiúnta PDST: Misneach, Tánaiste, Comhar, Forbairt, Líonraí agus Meitheal, mar aon le sraith tacaíochtaí d'Fhéinmheastóireacht Scoileanna. Cuireadh tacaíocht chomhthéacsaithe ar fáil do cheannairí scoileanna trí chóitseáil duine le duine agus trí chóitseáil ghrúpa d'fhonn na dúshláin uathúla arna gcruthú ag dúnadh na scoileanna in Earrach 2020 a chur san áireamh. Áiríodh leis sin tacaíocht duine le duine do 52 phríomhoide nuacheaptha, a ceapadh le linn dhúnadh na scoileanna.

3.2.9 An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí (JCT)

D'ainneoin COVID-19, leanadh le clár forbartha gairmiúla cuimsitheach a fheidhmiú go céimneach in 2020, arna sholáthar ag an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí (JCT) chun tacú le múinteoirí na Sraithe Sóisearaí. Aistríodh clár iomlán oibre JCT go spás ar líne i dtréimhse measartha gairid ama, lenar áiríodh seimineáir ar líne do cheannairí scoileanna, ceardlanna ar líne don fhoireann iomlán agus do ghrúpaí níos lú do mhúinteoirí, ceardlanna ar líne a bhain go sainiúil le hábhair agus níos mó ná 22,000 múinteoir rannpháirteach iontu trí bhraisliú scoileanna, mar aon le sraith imeachtaí ar líne arna dtionól i gcomhar le hionaid oideachais réigiúnacha. D'eagraigh JCT timpeall 35 imeacht braislithe scoile ar líne agus níos mó ná 600 scoil rannpháirteach iontu thar thréimhse 30 lá.

Bhí tionchar dearfach ag úsáid mhéadaithe seimineár gréasáin idirghníomhach ag na seirbhísí tacaíochta le linn COVID-19 mar mhodh seachadta CPD trí CPD a dhéanamh níos inrochtana.

Is imeachtaí idirghníomhacha iad imeachtaí foghlama ar líne JCT inar féidir le múinteoirí ceisteanna a chur agus freagraí a fháil go beo. Déantar gach imeacht ar líne mar sin a thaifeadadh agus ina dhiaidh sin déantar iad a uaslódáil chuig an suíomh gréasáin ag www.jct.ie. Craolann JCT imeachtaí foghlama ar líne ar feadh na bliana, ach bíonn dhá imeacht spriocdhírithe ar siúl acu i mí Dheireadh Fómhair agus i mí Aibreáin gach bliain ar a dtugtar OLE - ár nImeachtaí Foghlama Ar Líne.

Rinneadh Céim 2 de thionscadal Códú i nGníomh JCT a fheidhmiú go céimneach in 2020 agus 62 scoil rannpháirteach ann, agus 19 scoil DEIS san áireamh leo.

Oibríonn JCT dhá thionscnamh CPD roghnacha an-rathúla do mhúinteoirí – STE(A)M atá dírithe ar dhisciplíní ETIM tras-churaclaim thar ábhair na Sraithe Sóisearaí, agus Ealaíona sa tSraith Shóisearach lena gcuirtear sraith ceardlann forbartha gairmiúla ar fáil do mhúinteoirí chun tacú le rannpháirtíocht sna healaíona agus san fhoghlaim sa tSraith Shóisearach.

3.2.10 An Clár Náisiúnta Ionduchtaithe do Mhúinteoirí (NIPT)

Is seirbhís tacaíochta tiomnaithe í an Clár Náisiúnta Ionduchtaithe do Mhúinteoirí (NIPT) arna mhaoiniú ag an Roinn Oideachais. Tacaíonn NIPT le hionduchtú Múinteoirí Nuacháilithe Bunscoile agus Iar-bhunscoile (NQTanna) i ngairm na múinteoireachta in Éirinn ar aon dul le riachtanais na Roinne Oideachais agus le beartais na Comhairle Múinteoireachta lena n-áirítear *Droichead*, an Creat Ionduchtaithe Gairmiúil Náisiúnta do NQTanna.

I scoilbhliain 2019/2020, b'ionann líon na NQTanna bunscoile agus iar-bhunscoile a tacaíodh trí Dhroichead agus 1,869 agus 1,301 faoi seach.

Rinne NIPT oiliúint don Fhoireann Tacaíochta Gairmiúla (PST) a chur in ord tosaíochta agus a éascú (729 ar leibhéal Bunscoile agus 191 ar leibhéal Iar-bhunscoile) a raibh sí mar aidhm aici eolas tosaigh agus scileanna a sholáthar do rannpháirtithe a theastaíonn le bheith ina mbaill éifeachtacha PST chun tacú le NQTanna tríd an bpróiseas ionduchtaithe. Rinneadh oiliúint PST a athchumrú agus a éascú ar bhonn ar líne ó Mheán Fómhair 2020.

3.2.11 An Lárionad um Cheannaireacht Scoile (CSL)

Is comhpháirtíocht é CSL idir an Roinn Oideachais, Líonra Príomhoidí Bunscoile na hÉireann (IPPN), agus Cumann Náisiúnta na bPríomhoidí agus na Leas-Phríomhoidí (NAPD), agus bunaíodh í i Meán Fómhair 2015 agus ról aici chun treoir, tacaíocht, feabhsú agus comhairle a sholáthar maidir le cláir ardchaighdeáin (Meantóireacht, Cóitseáil & Ceannairí Uaillmhianacha) d'fhonn ceannaireacht scoile a fhorbairt agus a thacú, go háirithe do phríomhoidí ar fud an líonra bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna.

Cuireadh an Dioplóma Iarchéime i gCeannaireacht Scoile (PDSL) ar fáil ar fud líon mór d'ionaid oideachais ó Mheán Fómhair 2018. Bhí 283 rannpháirtí i gclár Leibhéal 9 NQF don tríú cohórt i Meán Fómhair 2020. Is é cuibhreannas faoi cheannas Ollscoil Luimnigh (UL) i gcomhar leis an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (COBÁC) agus Ollscoil na hÉireann, Gaillimh a chuireann an cúrsa ar fáil.

Tá rochtain ag gach príomhoide nuacheaptha i mbunscoil nó in iar-bhunscoil ar mheantóir oilte CSL ó Mheán Fómhair 2017. Tá níos mó ná 500 príomhoide oilte mar mheantóirí Maidir le príomhoidí sa dara bliain deá gceapacháin, tá rochtain acu ar chlár meantóireachta grúpa a oibrítear trí IPPN agus NAPD.

Lean CSL le foghlaim ghairmiúil a thacú i réimse na ceannaireachta scoile agus tacaíodh le líon iomlán de 14 chlár ó thosú an phróisis in 2019 ó éagsúlacht de pháirtithe leasmhara

agus comhlachtaí bainistíochta, ceardchumainn múinteoirí, comhlachais ghairmiúla, ionaid oideachais agus coláistí tríú leibhéal san áireamh.

3.2.12 Ionaid Tacaíochta Oideachais

Faoi láthair, tá an líonra d'Ionaid Tacaíochta Oideachais comhdhéanta de 21 ionad lánaimseartha agus 9 n-ionad páirtaimseartha ar fud 6 réigiún. Le trí chinn de na hionaid lánaimseartha soláthraítear ceanncheathrú riaracháin le haghaidh seirbhísí tacaíochta forbartha gairmiúla do mhúinteoirí arna maoiniú ag an Roinn (JCT, NIPT, PDST & CSL). Déantar raon de chláir agus tionscnaimh tacaíochta forbartha gairmiúla a riar ar fud Ionaid eile - agus Bratach na Scoileanna Gníomhacha, Campaí Samhraidh, agus Líonraí Gairmiúla Múinteoirí, srl. san áireamh leo.

Is é príomhghníomhaíocht na nIonad Tacaíochta Oideachais seachadadh áitiúil na gclár náisiúnta d'fhorbairt gairmiúil múinteoirí thar ceann na Roinne Oideachais. Tá limistéar geografach freagrachta ar leith ag gach Ionad Tacaíochta Oideachais. Soláthraíonn Ionaid Tacaíochta Oideachais seirbhísí freisin do scoileanna, do mhúinteoirí, do thuismitheoirí agus do dhaoine ábhartha eile a chuireann tacaíocht ar fáil dóibh chun a gcuid feidhmeanna a chur i bhfeidhm maidir le hoideachas a sholáthar. Mar fhreagairt do phaindéim COVID-19 lean an líonra d'Ionaid Oideachais le seirbhísí a sholáthar i bhformáid ar líne.

3.3 Iniúchtaí ar Cháilíocht

3.3.1 Caighdeáin an tsoláthair i scoileanna

In 2020, d'fhoilsigh an chigireacht trí thuarascáil taighde lenar soláthraíodh forléargas ar éifeachtacht an tsoláthair maidir le hábhair ETIM, Foghlaim Dhigiteach agus Nuatheangacha Iasachta i suíomhanna luathbhlianta, i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna. Soláthraítear tagarmharc leis na trí thuarascáil sin don chóras oideachais agus don lucht ceaptha beartas i gcoitinne maidir le conas a fheidhmítear tionscnaimh náisiúnta sna trí réimse sin agus chun gníomhaíochtaí a threorú a d'fhéadfadh a bheith riachtanach chun a chinntiú gur féidir cuspóirí náisiúnta a bhaint amach. Sa bhreis air sin, úsáidtear na tuarascálacha mar acmhainn do chleachtóirí oideachais ar leibhéil luathbhlianta, bhunscoile agus iar-bhunscoile trí léirithe a sholáthar ar chleachtas éifeachtach mar a bhreithníodh i gcúrsa na dtionscadal taighde.

3.3.2 Tacaíocht a thabhairt do leanúnachas an oideachais le linn na tréimhse nuair a dúnadh na scoileanna agus atosú an chórais oideachais fhoirmiúil tar éis athoscailt an chórais.

Le linn na tréimhse Márta - Meitheamh 2020, nuair a dúnadh foirgnimh scoile mar gheall ar shrianta na sláinte poiblí, d'oibrigh an Chigireacht chun tacú le ceannairí scoileanna, le múinteoirí, le boird bhainistíochta agus le pobail na scoileanna chun soláthar éifeachtach a dhéanamh maidir le foghlaim agus dul chun cinn leanaí agus daoine óga uile. Le linn na tréimhse tosaigh nuair a dúnadh na scoileanna, sholáthair na cigirí seisiúin chomhairleacha do 2,902 scoil a bhí deartha chun tacú leo leanúnachas teagaisc agus foghlama a sholáthar do dhaltaí uile i dtimpeallachtaí cianfhoghlama.

Nuair a osclaíodh scoileanna arís i mí Mheán Fómhair, chuir an Chigireacht clár freagrúil de sheisiúin chomhairleacha ar fáil i suíomhanna luathbhlianta, i scoileanna agus in ionaid oideachais. Dearadh na seisiúin sin chun comhairle agus tacaíocht a sholáthar do scoileanna agus do shuíomhanna agus iad ag tabhairt faoi na dúshláin a bhain le filleadh ar ais ar an oideachas ar an láithreán. Bhí siad dírithe ar thrí phríomhthéama, eadhon, timpeallacht oibre agus foghlama shláintiúil a bhunú, an curaclam a sholáthar i scoilbhliain 2020/21 agus folláine foghlaimeoirí agus foirne a chur chun cinn. Ar an iomlán in 2020, rinne an Chigireacht 3,224 seisiún comhairleach.

I gcomhar le comhpháirtithe oideachais d'fhorbair an Chigireacht cuairteanna cigireachta um *Thacú le Soláthar Sábhailte Scolaíochta* do scoileanna agus d'ionaid oideachais Tá an tsamhail seo deartha chun dearbhú a sholáthar don phobal go bhfuil plean freagartha COVID-19 na Roinne á chur i bhfeidhm ag scoileanna le haghaidh Athoscailt Shábháilte agus Inbhuanaithe Scoileanna agus chun comhairle agus tacaíocht a sholáthar do scoileanna chun an plean sin a chur i bhfeidhm. Ar an iomlán, thug an Chigireacht 740 cuairt mar sin in 2020.

Ar aon dul lenár dtiomantas straitéiseach do thuairim na bhfoghlaimeoirí agus do Phrionsabal Lundy um Rannpháirtíocht Leanaí, rinne an Chigireacht dhá chéim d'fhócasghrúpaí agus de shuirbhéanna i dtréimhse Mheán Fómhair go Nollaig 2020 le daltaí bunscoile agus iar-bhunscoile. Dearadh na hócáidí sin chun éisteacht le heispéiris leanaí agus le daoine óga agus chun iad a thuiscint d'fhonn cinntí beartais a threorú agus treoir bhreise agus tacaíochtaí a sholáthar do scoileanna, do mhúinteoirí agus d'fhoghlaimeoirí. Cuireadh ar chumas na Cigireachta leis freisin chun dea-chleachtas a aithint i scoileanna trí dhearcadh eispéireas daltaí de bheith ar ais ar scoil.

Le linn na tréimhse sin, rinne an Chigireacht clár taighde a bhí deartha chun samplaí dea-chleachtais a shainaithint agus a scaipeadh nuair a d'éirigh le scoileanna tabhairt faoi riachtanais foghlaimeoirí a gcuireadh isteach ar a scolaíocht agus faoi na dúshláin eile a cruthaíodh ag an bhfilleadh ar scoil. Bhí dhá chéim de shuirbhéanna i gceist leis an obair thaighde sin, ar fhoghlaimeoirí, ar thuismitheoirí ar phríomhoidí agus ar mhúinteoirí i sampla de bhunscoileanna, iar-bhunscoileanna agus de scoileanna speisialta ar fud na tíre. Rinneadh na línte fiosrúcháin a threorú ag faisnéis arna bailiú le linn sheisiúin chomhairleacha na Cigireachta le príomhoidí scoileanna agus ag saincheisteanna arna n-ardú ag páirtithe leasmhara leis an Roinn. Leis an anailís ar shonraí ón suirbhé agus ón bhfaisnéis a bailíodh ó phléití le príomhoidí agus le fócasghrúpaí daltaí soláthraíodh forléargas ar rath agus ar dhúshláin a bhí ag scoileanna agus sainaithníodh saincheisteanna sainiúla a bhain go sainiúil le hearnálacha bunscoile, iar-bhunscoile agus scoileanna speisialta. Rinneadh sraith tuarascálacha a ullmhú ar an taighde le linn thréimhse mhí Mheán fómhair - mhí na Nollag 2020 agus foilseofar iad go luath in 2021.

3.3.3 Forbairt agus athbhreithniú ár samhlacha cigireachta

Le linn 2020, lean an chigireacht lena samhlacha cigireachta a fhorbairt agus a athbhreithniú d'fhonn a chinntiú go gcuirtear ar chumas na Cigireachta leo a cuid feidhmeanna feabhsaithe agus cuntasachta a chur i bhfeidhm ar na caighdeáin is airde.

Cuireadh tús le hathbhreithniú foirmiúil ar an mBeartas Cosanta agus Cumhdaithe Leanaí i Meitheamh 2020 agus mar thoradh air sin foilsíodh Treoir nuashonraithe maidir le Cigireachtaí Cosanta agus Cumhdaithe Leanaí (Deireadh Fómhair 2020). Leis an treoir athbhreithnithe, cuirtear soiléire níos mó ar fáil maidir le gnéithe áirithe den phróiseas cigireachta agus baintear líon beag de dhébhríonna ón gcreat cigireachta tosaigh. Cuireadh an chéim inmheánach den Athbhreithniú ar ar an tSoláthar do Dhaltaí ag a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais in Iar-bhunscoileanna i gcrích in 2020. Cuirfear an chéim sheachtrach den athbhreithniú sin i gcrích in 2021. Cuireadh tús le hobair freisin ar Mheastóireacht Scoile Uile um Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlama Iar-bhunscoile (WSE-MLL). Is é príomhfhócas an athbhreithnithe sin an bhéim a mhéadú ar cháilíocht an teagaisc agus na foghlama i ngníomhaíochtaí cigireachta agus chun rannpháirtíocht daltaí sa phróiseas cigireachta a mhéadú. Cuirfear an t-athbhreithniú i gcrích freisin in 2021.

Cuireadh an chéim thosaigh den fhorbairt ar shíneadh na Samhla den Chigireacht atá dírithe ar Oideachas Luathbhlianta (EYEI) chun soláthar a chuimsiú do leanaí d'aois 0-3 i gcrích in 2020 agus beidh triail allamuigh agus comhairliúchán le páirtithe leasmhara ar siúl thar chúrsa R2 2021. Tá an tsamhail beartaithe le bheith curtha i gcrích i R4 2021.

Cuireadh tús le céim thosaigh den taighde ar Riachtanais Speisialta Oideachais na luathbhlianta in 2020. Mar chuid den chéim rinneadh athbhreithniú córasach ar dhea-chleachtas idirnáisiúnta sa soláthar do leanaí i suíomhanna luathbhlianta ag a bhfuil riachtanais bhreise. Tá 'céim éisteachta' le soláthraithe agus cleachtóirí luathbhlianta (ELC) beartaithe do 2021.

Cuireadh tús freisin le hobair ar shamhail a fhorbairt chun cáilíocht na ceannaireachta agus na bainistíochta a thomhas i scoileanna maidir leis an tsamhail mheastóireachta a mheasúnú a úsáidtear faoi láthair i Suíomhanna Oideachais (Ógtheagmháil) agus na bearta monatóireachta agus frithbhulaíochta dár gcuid a neartú thar na samhlacha cigireachta uile dár gcuid.

Le linn na hoibre forbartha sin, lean an Chigireacht lena meáin chomhairliúcháin a bheachtú agus a fhorbairt leis na comhpháirtithe oideachais chun rannpháirtíocht níos éifeachtaí ag comhpháirtithe a chinntiú i gcéimeanna taighde agus dearaidh na samhlacha cigireachta.

3.3.4 Tionchar ár gcigireachtaí a mhéadú

Ar feadh 2020, d'oibrigh an chigireacht chun tionchar ár gcigireachtaí a mhéadú. Rinneadh athbhreithniú córasach ar theanga agus ar stíl na dtuarascálacha cigireachta chun a chinntiú go scríobhtar iad ar bhealach atá soiléir agus inrochtana do raon leathan léitheoirí agus foghlaimeoirí, tuismitheoirí agus an pobal san áireamh. Cuireadh tionscadail eile chun cinn le linn 2020 a raibh mar aidhm acu rannpháirtíocht daltaí agus tuismitheoirí a mhéadú sna próisis chigireachta. Seo a leanas cuid de na gníomhaíochtaí a cuireadh chun cinn le linn 2020:

- Ceistneoirí a athbhreithniú agus a nuashonrú a riartar d'fhoghlaimeoirí agus do thuismitheoirí le linn cigireachtaí.
- Bróisiúir agus físeáin a ullmhú do thuismitheoirí agus d'fhoghlaimeoirí maidir le próisis chigireachta agus conas is féidir leo bheith rannpháirteach i gcigireachtaí

Foilseacháin in 2020

- An Treoir maidir le Cigireachtaí um Chosaint agus Chumhdach Leanaí (Deireadh Fómhair 2020)
- Oideachas ETIM 2020: Tuairisciú ar Chleachtas i gComhthéacsanna Luathfhoghlama agus Cúraim, Bunscoile agus Iar-bhunscoile (Iúil 2020)
- Foghlaim Dhigiteach 2020: Tuairisciú ar chleachtas i gComhthéacsanna Luathfhoghlama agus Cúraim, Bunscoile agus Iar-bhunscoile (Meitheamh 2020)
- Nuatheangacha Iasachta: Tuarascáil ar Cháilíocht an Chleachtais in Iar-bhunscoileanna (Aibreán 2020)
- Athbhreithniú ar sholáthar oideachais i scoileanna atá nasctha le haonaid CAMHS (Iúil 2020)
- Soláthar oideachais d'fhoghlaimeoirí a bhfuil neamhord de chuid speictream an uathachais acu i ranganna speisialta atá nasctha le scoileanna príomhshrutha in Éirinn (Samhain 2020)
- Measúnú ar an Tionscadal um Thacaíocht do Mhúinteoirí (Nollaig 2020)
- 0040/2020 Socruithe d'Iniúchadh agus Féinmheasúnú Scoile don Bhliain Scoile 2020/2021
- 0041/2020 Socruithe d'Iniúchadh agus Féinmheasúnú Scoile don Bhliain Scoile 2020/2021
- 0042/2020 Socruithe d'Iniúchadh ar Thimpeallachtaí Foghlaim agus Cúram na Luath-Óige (FCLÓ) don Bhliain Scoile 2020/2021

3.4 Cáilíocht sa Luath-Oideachas

Bíonn ról lárnach ag an Roinn ag cinntiú go dtacaíonn an t-oideachas a chuirtear ar fáil i naíonraí a mhaoinítear tríd an Scéim Chúram agus Oideachas na Luath-Óige (COLÓ), agus i naíonraí Tosach Luath, le páistí agus iad ag foghlaim agus ag forbairt trí chur i bhfeidhm *Síolta*, an chreatlach náisiúnta cáilíochta, agus an chreatlach churaclaim *Aistear*. I 2020, leann an Roinn uirthi ag obair le DCEDIY, Forbairt Cháilíochta Náisiúnta na Luath-Bhlianta

Tosach Níos Fearr, an Chomhairle Náisiúnta do Churaclam agus Measúnú (CNCM) agus páirtithe leasmhara eile ar mhaithe leis an sprioc seo a bhaint amach.

Faoi dheireadh 2020, rinneadh 2,647 cigireacht a reáchtáil ar an iomlán, dírithe ar an Oideachas sna Luathbhlianta i dtimpeallachtaí Foghlaim agus Cúram na Luath-Óige agus an naíonra saor sa Chlár COLÓ á sholáthar acu. Nuair a chuirtear san áireamh luaineachtaí i líon na dtimpeallachtaí ELC atá leis an Chlár COLÓ a chur ar fáil gach bliain, tuairim is 65% den daonra iomlán atá anseo. Cuireadh an clár cigireachta 2020/21 ar fionraí Mí Márta 2020 mar gheall ar chomhairle sláinte poiblí chun scaipeadh na paindéime COVID-19 a laghdú.

Chun tacú le teagmháil leanúnach i dtimpeallachtaí ELC agus feabhsú cáilíochta i soláthar agus i gcleachtadh, forbraíodh sraith cruinnithe gréasáin chun torthaí ó EYEI agus taighde le cleachtóirí Blianta Luath, tuismitheoirí agus múinteoirí naíonáin i mbunscoileanna a roinnt. Tá siad seo le fáil ar-líne ag https://www.gov.ie/en/publication/c71c0-insights/

Cuireadh fáilte go forleathan roimh an bhéim atá ag an gcreat Eagraíochta Cigireachta Oideachais na Luath-Bhlianta ar cháilíocht próisis, foghlaim luath, agus múinteoireacht agus cleachtadh phroifisiúnta mar rud a aithníonn agus a dhearbhaíonn an obair a dhéanann daoine gairmiúla agus an ionchur atá acu le tacú le foghlaim pháistí, a folláine agus a bhforbairt ag an gcuid chriticiúil seo dá saol. Cé go bhfeictear ón méid atá le rá ag EYEI go bhfuil an-chuid láidreachtaí ag soláthar agus cleachtadh an oideachais luath i dtimpeallachtaí ELC, feictear chomh maith go bhfuil dúshláin le sárú fós. Tá na dúshláin seo bainteach don chuid is mó le forbairt agus cur i bhfeidhm na curaclaim a thógann spreagadh ó *Aistear*, an Chreatlach Churaclaim Luath-Óige. Tá fadhbanna ann le ábaltacht maidir le cur chun cinn comhpháirtíochtaí le tuismitheoirí agus tacú le athruithe ón naíonra go dtí an bhunscoil.

Treocht thábhachtach amháin ó go raibh 2017 ann ná an méadú shuntasach ar chuimsiú pháistí ar mhíchumas i dtimpeallachtaí ELC. Tacaítear le na páistí seo ar mhodhanna éagsúla a chuirtear ar fáil mar gheall ar thabhairt isteach AIM, chomh maith le imlonnú comhordaitheoirí oilte cuimsithe in an-chuid timpeallachtaí.

I 2019, cuireadh ceist ar an gCigireacht DE scóip an EYEI a fhairsingiú chun go bhféadfaí breathnú ar an soláthar do pháistí in aois 0-6 bliain. Tosaíodh ar obair chun creat níos leithe cáilíochta agus próisis cigireachta chun an obair seo a éascú i 2019, agus bhí sí le bheith críochnaithe trí chomhairliú agus trialacha i 2020. Cuireadh na trialacha ar an athlá go dtí 2021 mar gheall ar an bpaindéim COVID-19 agus na srianta leanúnacha sláinte poiblí.

3.4.1 Síolta/Aistear

Tá an Tionscnamh Náisiúnta Síolta/Aistear (NSAI), a thosaigh i 2016, ag tacú le cur i bhfeidhm comhordaithe níos leithne an dá chreat, lena n-áirítear forbairt ábhair, acmhainní agus Forbairt Phroifisiúnta Leanúnach (CPD) do mhúinteoirí luath-óige. Tá an Roinn ag obair le DCEDIY, Tosach Níos Fearr agus an NCCA ar an tionscnamh seo le beirt Oifigeach Forbartha náisiúnta ceaptha chun tacú le hobair an tionscnaimh. Is í an Roinn a stiúrann obair an Ghrúpa Stiúrtha NSAI agus iadsan a shocraíonn plean oibre bliantúil don tionscnamh.

Tá an Roinn ag glacadh tús áite maidir le meastóireacht ar an gclár CPD “Aistear agus Spraoi” a thosaigh i 2019 agus a bhí le críochnú i 2020. Chuir na srianta sláinte phoiblí agus dúnadh na seirbhísí Foghlaim agus Cúram na Luath-Óige (ELC) isteach ar bhailiú na sonraí, breathnóireacht ar-láthair agus tabhairt ar ais ceistneoirí. Ón méid beag samplaí atá ar fáil, ba iad seo príomh-thorthaí na meastóireachta:

- Tháinig feabhas ar an leibhéal cáilíochta i ngach ceann den 12 timpeallacht ELC i ndiaidh CPD.
- I ndiaidh CPD, mheas na múinteoirí féin go raibh feabhas tagtha ar a bhfios, ar a gcleachtadh, agus ar a luachanna maidir le tacú le spraoi na bpáistí óga.

Comh-ordaíonn an oifig cur i bhfeidhm an NSA réimse deiseanna CPD do mheantóirí agus tacaíocht á soláthar mar chuid den tionscnamh.

3.4.2 Cáilíochtaí agus Caighdeáin Ghairmiúla

Le tacú le feabhsúchán cáilíochtaí agus caighdeáin ghairmiúla san earnáil ELC, agus ag glacadh spreagadh ón obair mhór a rinne an Roinn i 2018, foilsíodh na Critéir agus Treoirlínte maidir le Dámhachtainí Gairmiúla (PACG) do chláir Oideachas Tosaigh Ghairmiúil (Leibhéal 7 8) don earnáil ELC i 2019 i ndiaidh gur fhaomh an tAire Oideachais agus an tAire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (DCEDIY). Caithfidh gach clár nua a bheith i gcomhréir leis an PACG faofa le go gcáileoidh seo do mhaoiniú feabhsaithe ón Roinn DCEDIY. Ar mhaithe le seo, tá An Bord Comhairleach Cáilíochtaí (QAB) curtha ar bun ag an dá aire, agus tugadh cuireadh do sholáthraithe cúrsaí moltaí a chuir isteach do chláir nua a ndéanfadh an Bord athbhreithniú orthu. I 2020, measadh gur chomhlíon deich gclár HEI riachtanais an PACG. Oibríonn soláthraithe leis an QAB fós agus cuirtear cláir isteach le faomhadh fós.

3.4.3 Plean Forbartha Lucht Saothair don Earnáil ELC

Tá an Plean Forbartha Lucht Saothair don Earnáil ELC riachtanach chun na scileanna agus an tacaíocht atá ó mhúinteoirí luath-óige le taithí foghlama ar ard-chaighdeán a thabhairt do pháistí a thabhairt dóibh. Sprioc é chomh maith de ‘First 5,’ an straitéis de chuid an Rialtais iomláine do leanaí, do pháistí óga agus dá gclanna. Is iad an Roinn Oideachais agus an Roinn DCEDIY atá i gceannas ar chur i bhfeidhm an Plean Forbartha Lucht Saothair.

I 2019, cuireadh ar bun an Grúpa Stiúrtha d’fhorbairt an phlean, chomh maith le Grúpa Comhairle atá ina ionadaí do réimse fhairsing páirtithe leasmhara i bhFoghlaim agus Cúram na Luath-Óige. Bhuail an Grúpa Comhairle (nó an Grúpa Stiúrtha) ar bhonn leanúnach le linn 2020. Rinneadh ullmhúcháin mhóra do shraith náisiúnta comhairliúcháin le cleachtóirí agus soláthraithe. Beag nó mór, reáchtáladh na cruinnithe seo go digiteach in 2020. Tá sé ar an sceideal go gcríochnófar an Plean Forbartha Lucht Saothair i 2021.

Sprioc 4: Treiseoimid na caidrimh idir oideachas agus an pobal i gcoitinne, an tsochaí agus an geilleagar

Is é atá i gceist leis an sprioc seo ná naisc níos láidre a fhorbairt, braislí a chruthú agus dea-chleachtas a chomhroinnt chun torthaí níos fearr agus tairbhí níos fearr a bhaint amach do gach duine lena mbaineann. Ní mór dár seirbhís oideachais a bheith in ann freagairt do riachtanais, roghanna agus ionchais athraitheacha ár gcomhthéacs dhomhanda athraithigh.

Baineann ríthábhacht le teagmháil leanúnach leis an lucht fiontair maidir leis an bhfás faoin líon cúrsaí oiliúna agus printíseachtaí atá ar fáil a bhrú chun cinn, le hábharthacht na socrúchán oibre agus na dtionscadal obairbhunaithe a chinntiú agus leis an éagsúlacht deise a mhéadú san fhoghlaim tar éis na scoile.

4.1 An tAcht um Oideachais (Glacadh Isteach chun na Scoile) 2018

Is í príomh-aidhm an Achta ná creat nua rollaithe a chur ar fáil, le go gcaifear go cóir le gach páiste agus le cinntiú go mbíonn struchtúr, cóir agus oscailteacht ag baint leis an tslí a ndéanann scoileanna cinntí maidir le glacadh isteach.

Ar an 14 Eanáir 2020 cuireadh tús le méid áirithe codanna den Acht um Glacadh Isteach chun Scoileanna, rud a chuir i bhfeidhm dlíthe nua maidir le glacadh isteach chun scoileanna a chuaigh i bhfeidhm ar an 1 Feabhra 2020.

Tá dréacht-pholasaithe nua ag gach scoil atá faofa anois ag pátrún na scoile, agus atá le foilsiú anois ar suíomh idirlíne na scoile. Beidh na polasaithe seo i bhfeidhm ón mbliain scoile 2021/22 agus ar aghaidh.

4.2 Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe

Mar gheall ar an ngéarchéim aeráide agus an taithí a bhí againn le déanaí mar gheall ar an bpaindéim domhanda COVID-19, tá béim níos tréine ann ar inbhuanaitheacht mar choincheap agus maireachtáil inbhuanaithe d'ár sochaí agus d'ár ngeilleagar. Ba ghné tábhachtach d'obair agus de ghealltanais na Cigireachta é tacú le scoileanna, ionaid oideachais, agus timpeallachtaí Foghlaim agus Cúram na Luath-Óige cabhrú le foghlaimeoirí a chuid eolas, scileanna, inniúlachtaí agus luach maidir le inbhuanaitheacht tríd ár róil meastóireachta agus comhairleachta le linn 2020.

I 2020, bhunaigh an Chigireacht grúpa oibre inmheánach le féachaint cén chaoi is fearr ESD a luacháil, a chuir chun cinn, a chomhairliú, agus a thuairisciú mar chuid de mheastóireacht sheachtrach agus cén chaoi ar féidir linn tacú le scoileanna agus ionaid agus iad a spreagadh lena gcleachtais féin thart ar ESD a thuiscint mar chuid den phróiseas SSE.

Go seo, rinne an grúpa oibre taighde, bhreathnaigh siad ar cháipéisí thábhachtacha polasaí, agus d'fhiosraigh agus tharraing aird ar áiteanna a bhféadfaimid ESD a chuir chun cinn laistigh d'ár gcreata cáilíochta. Thosaigh sé chomh maith ar fhorbairt cháipéisí achoimre d'earnálacha ar leith le tacú le cigirí ESD a thuiscint ar fud an churaclaim sa hearnálacha luath-óige, bunscoile, agus iarbhunscoile. Féach freisin **Aguisín A** - Sonraí Corparáideacha; Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe; Straitéis Náisiúnta ar Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe.

4.3 Óige Ildánach

I mí na Nollag 2017, seoladh "Óige Ildánach – Plean le haghaidh Acmhainneacht Chruthaitheach gach Linbh agus Duine Óig a Chumasú" Is é an aidhm atá leis comhlíonadh a dhéanamh ar ghealltanas an Rialtais go mbeadh rochtain phraiticiúil ag gach leanbh in Éirinn ar theagasc, taithí agus rannpháirtíocht sa cheol, sa drámaíocht, sna healaíona agus sa chódú faoin mbliain 2022. Leag an plean Óige Chruthaitheach amach réimse tionscnaimh le triail agus le cur i bhfeidhm. Páirtithe tábhachtacha i soláthar an phlean seo ná an Roinn Oideachais, an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige agus Comhairle na nEalaíon.

4.3.1 Scoileanna Cruthaitheacha

Tosaíodh ar thionscnamh na Scoileanna Cruthaitheacha go luath in 2018. Ghlac 150 scoil páirt i mí Mheán Fómhair 2018 i mbliain 1 de thionscnamh dhá bhliain, agus tháinig 150 scoil

eile isteach i Meán Fómhair 2019. In 2020, tháinig 164 scoil eile isteach i mbliain 1 den tionscnamh, rud a chiallaíonn go bhfuil 464 scoil páirteach sa tionscnamh anois.

Tugtar maoiniú €2,000 in aghaidh na bliana do gach Scoil Chruthaitheach lena bpleananna ar leith a chur i bhfeidhm. Cuireadh maoiniú €2.36m ina iomláine ar fáil i 2020 le tacú leis an dtionscnamh (ó DTCAGSM, Roinn an Oideachais, agus Comhairle na nEalaíon). Fuair gach scoil sa chlár €1,100 sa bhreis i 2020 mar chuid den phacáiste Spreagadh Iúil, sa chaoi gurb é €3,100 an mhaoiniú a cuireadh ar fáil don bhliain scoile 2020/21.

Tá "Comhghleacaí Cruthaitheach" ag gach scoil a ghlacann páirt, agus tá siad seo riachtanach le cleachtais spreagúla agus inbhuanaithe a chur isteach sa mhúineadh agus san fhoghlaim. Ealaíontóirí gairmiúla nó múinteoirí a bhíonn sna "Comhghleacaithe Cruthaitheacha," agus tuigeann siad an chruthaitheacht agus an cumas atá aici tionchar a imirt ar shaol na n-óg.

Déanann scoileanna páirteacha, ag obair lena "gComhghleacaí Cruthaitheach," plean forbartha scoile d'ealaíon agus do chruthaitheacht agus cuireann siad na pleananna seo i bhfeidhm. Breathnaíonn na "Comhghleacaithe Cruthaitheacha" isteach ar cheangail nua do scoileanna le ealaíontóirí agus le eagraíochtaí ealaíne, cultúrtha agus cruthaitheacha, idir áitiúla agus náisiúnta, le cabhrú an phlean a fhorbairt.

4.3.2 Braislí Cruthaitheacha

I mí Mheán Fómhair 2018, roghnaíodh 68 scoil chun páirt a ghlacadh i líonra 23 Braislí Cruthaitheacha mar chuid den Chiste Sármhaitheasa Scoile agus den Chlár Éire Ildánach. I 2019, ghlac 76 scoil eile thar 21 Braisle Cruthaitheacha páirt sa tionscnamh. Ó Meán Fómhair 2020, bhí 72 scoil eile páirteach sa tionscnamh, mar chuid de 21 braisle nua eile.

Faigheann gach braisle maoiniú €1,500 in aghaidh na scoile bainteach, suas chuig teorann €7,500, in aghaidh na bliana thar an dá bliain agus tá seo arna maoiniú ag an Roinn Oideachais amháin. Mar chuid den phacáiste Spreagtha Iúil, chuir an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt Meán €1,000 sa bhreis do gach scoil a bhí páirteach sa bhliain scoile 2020/21 ar bhonn aonarach.

Spreagann agus aithníonn Braislí Cruthaitheacha sármhaitheas agus nuálaíocht inár scoileanna, ach fágtar ag na scoileanna féin a roghnú cén spriocanna a bhfuil siad ag iarraidh a bhaint amach. Tacaíonn Áisitheoir Braisle Cruthaitheach le na scoileanna, agus déanann siad obair le chéile chun smaointe a roinnt agus pleananna a fhorbairt chun a gcuid spriocanna a bhaint amach.

4.3.3 Comhpháirtíochtaí Áitiúla Óige Ildánach

Cuireadh trí Chomhpháirtíocht Áitiúil Óige Ildánach ar bun i 2019 chun cruthaitheacht a chur chun cinn i measc daoine óga mar chuid de Chlár Éire Ildánach, agus triaileadh iad i dtrí Bhord Oideachais agus Oiliúna.

Gréasáin iad na Comhpháirtíochtaí seo a éascaíonn roinnt eolais, comhobair idir soláthraithe seirbhíse d'óige ildánach atá ann cheana chun leas níos fearr a bhaint as na hacmhainní, na cleachtais agus na tionscnaimh atá ann cheana i réimse BOO, agus deiseanna nua á gcur ar fáil acu do dhaoine óga páirt a ghlacadh i dtionscnaimh ildánacha.

Is iad seo a leanas an trí BOO atá páirteach sa chlár:

- Boird Oideachais agus Oiliúna Chiarraí
- Bord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí
- Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir

Fuair gach ceann de na Boird Oideachais agus Oiliúna sin €100,000 sa bhliain 2020 chun cabhrú leo a gcomhpháirtíocht a fhorbairt agus a ngníomhaíochtaí oibriúcháin a sholáthar. Go seo, rinneadh ceangal leis an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, agus Mol na nÓg.

4.3.4 Clár Cónaitheachta Comhpháirtíochta Múinteora-Ealaíontóra

Forbraíodh an tionscnamh Comhpháirtíochta Múinteora/Ealaíontóra (TAP) CPD agus cónaitheachta in 2014 mar fhreagra ar na spriocanna a leagadh amach i gCairt na nEalaíon san Oideachas 2012 le hOideachas na nEalaíon a fheabhsú agus le tacú leis. Tionscnamh ealaíne a ar leith san oideachas atá ann a chuireann ealaíontóirí ag obair i gcomhpháirtíocht le múinteoirí bunscoile. Glacann múinteoirí páirt i gceardlanna faofa agus creidiúnaithe ag an Roinn Oideachais ar feadh seachtaine, áit a ndéanann siad obair i gcomhar le healaíontóirí. Baineann méid áirithe múinteoirí ansin tairbhe as cónaitheacht 20 uair an chloig sa bhliain scoile ina dhiaidh sin, áit ar féidir leis an múinteoir agus an ealaíontóir obair i dteannta a chéile i gcomhthéacs an tseomra ranga. Rinneadh taighde agus meastóireacht ar an gclár seo agus foilsíodh an Tuarascáil Taighde mí Márta 2016.

Ionad Oideachais Thrá Lí a stiúrann an chlár agus cuirtear ar fáil í beag nó mór thar ghréasán 21 ionad oideachais lán-ama. In 2020, mar thoradh ar COVID-19, forbraíodh clár TAP Ar-Líne agus rinneadh an cúrsa samhraidh thar an ngréasán. Rinneadh cónaitheachtaí i ndiaidh sin go digiteach nó aghaidh-ar-aghaidh de réir polasaithe áitiúla na scoileanna. Faigheann an tionscnamh seo maoiniú €490k in aghaidh na bliana ó Chláir Óige Ildánach.

Go seo, tá 1,304 múinteoir agus 245 ealaíontóir oilte i TAP CPD thar 535 bunscoil. Go seo, ghlac beagnach 29,000 páiste páirt i gcónaitheachtaí TAP sa scoil. Tá fáil ar an gclár TAP anois i bhfoirm aghaidh-ar-aghaidh agus ar-líne. Ina theannta sin, ós rud é go bhfuil suim go h-idirnáisiúnta i dTAP, tá clár idirnáisiúnta ar-líne I-TAP-PD á fhorbairt faoi bhráid an Chlár Comhpháirtíochta Straitéiseach Erasmus+, agus tá seo á stiúradh agus á bainistíocht ag an Ionad Oideachais i dTrá Lí le ceathrar páirtnéir san Eoraip bunaithe i Seirbia, sa Ghréig, san Ostair, agus san Ísiltír.

4.3.5 Na hEalaíona sa tSraith Shóisearach

Is í an Roinn Oideachais a stiúrann na hEalaíona sa tSraith Sóisearach, agus is í An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí a reáchtálann í. Cuireann sí sraith taithí forbartha ghairmiúla ar fáil do mhúinteoirí le tacú le úsáid na n-ealaíon agus leis an bhfoghlaim sa tSraith Shóisearach. Feictear sna ceardlanna, a dhéantar i gcomhar le heagraíochtaí ealaíne, na prionsabail agus na príomh-scileanna atá mar bhonn faoin gCreat don tSraith Shóisearach agus a thugann modheolaíochtaí praiticiúla agus cruthaitheacha do mhúinteoirí le dul i ngleic le torthaí foghlama ina gcuid seomraí ranga. Ón mbliain 2017, fuair 3,217 múinteoir iar-bhunscoile rochtain ar thaithí phroifisiúnta CPD faoin dtionscnamh seo, a chuir 216 ealaíontóir ar fáil.

Mar gheall ar COVID-19, bhí foirm ar-líne ag na ceardlanna seo i 2020.

Sprioc 5: Déanaimid treo straitéiseach agus córas tacúil a sholáthar i gcomhpháirt le príomh-gheallsealbhóirí san oideachas agus san oiliúint.

Tá ról tábhachtach ag an Roinn agus a cuid gníomhaireachtaí i gceannaireacht straitéiseach a sholáthar, i mbeartais a fhorbairt agus i seirbhísí a sholáthar. Is é atá i gceist leis sin ná comhordú le páirtithe leasmhara san earnáil, leis an earnáil phoiblí i gcoitinne, leis an gcóras polaitíochta, le comhlachtaí eile Rialtais agus le cláir oibre thrasearnála. Faoi bhráid na Roinne tá oideachas an luath-óige, bunoideachas, agus oideachas iarbhunscoile. San am atá thart, bhí Breisoideachas agus Oiliúint agus Ardoideachas faoi bhráid na Roinne chomh maith, lena n-áirítear tacaithe do thaighde agus d'oideachas idirnáisiúnta.

5.1 Plean Gníomhaíochta don Oideachas 2020

Mar gheall ar an dtoghchán ghinearálta a bhí ag teacht ansin, níor fhoilsigh an Roinn a bPlean bliantúil Aicsean d'Oideachas mar ba dhual dóibh. Seachas sin, cumadh Clár Oibre ar ard-leibhéal le gníomhaíochtaí a stiúradh don bhliain. Nuair a tháinig COVID-19 go hÉireann, áfach, chuir an Roinn béim ar fhreagra a thabhairt don phaindéim agus don tionchar a mbeadh aige ar scoileanna. Mar gheall ar chinneadh an Rialtais le scoileanna a dhúnadh ar an dtoirt ar 12 Márta, athraíodh ó mhúinteoireacht aghaidh-ar-aghaidh chuig an chianfhoghlaim, a cuireadh ar fáil don chuid is mó ar an ngréasán. Ba ghá athchóiriú iomlán le go bhféadfadh foghlaim agus measúnú leanúint ar aghaidh don chuid eile don bhliain acadúil 2019/20 agus le go bhféadfaí socruithe eile a dhéanamh do na scrúduithe Stáit.

Cuireadh béim ar fhreagra a thabhairt go tapa, le cinntiú go leanfar le foghlaim do 2019/20, ag dul i ngleic le riachtanais ar leith foghlaimeoirí le Riachtanais Speisialta Oideachais agus iad siúd a bhí seans ann go bhféadfadh siad a bheith faoi mhíchumas oideachais, agus ag soláthar tacaithe folláine curtha in oiriúint do na cúinsí ag an am sin.

Mar gheall ar an mbéim nua ag an Roinn i 2020 ar fhreagra a thabhairt do thionchar na paindéime ar earnáil na scoile, tugadh tosaíochtaí nua do na gníomhaíochtaí a pleanáladh.

5.2 An Clár um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí

Le linn 2020, rinne an Roinn obair go dlúth leis an Oifig Soláthraithe Athchóirithe agus an Aonad Measúnaithe Athchóirithe sa Roinn Caiteachais agus Athchóirithe Poiblí le tacú le cuir i bhfeidhm *Ár Seirbhís Poiblí* 2020, a seoladh i Mí na Nollaig 2017. Tacaíonn an chreat seo le forbairt agus nuálaíocht thar an seirbhís poiblí.

Glacann an Oifig Cláir Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí tús áite maidir le Gníomh 14 de *Ár Seirbhís Poiblí 2020*, "Forbairt Ghairmiúil Leanúnach agus Freagrúil," a bhfuil trí phríomh-réimse ann:

- an próiseas le scileanna lárnacha,
- forbairt cheannaireachta, agus
- samhail deiseanna foghlama trí thaithí a aithint.

Le linn 2020, rinneadh taighde maidir leis an bpróiseas d'aithint scileanna lárnacha, lena n-áirítear dul i ngleic le daoine gairmiúla HR agus L&D ón earnáil phoiblí. Féachadh siar ar dhá thriail-chlár ceannasaíochta laistigh den seirbhís phoiblí, *An Lárionad um Cheannaireacht Scoile i Roinn an Oideachais* agus an *Acadamh Forbartha Ceannasaíochta sa Seirbhís Sláinte* le na rudaí a bhí le foghlaim uathu a ghabháil. D'fhoilsigh Roinn an Oideachais agus Roinn an Chaiteachais agus an Athchóirithe Phoiblí an tuarascáil a tháinig

as sin, "*Ag Bunú agus ag Cur i bhFeidhm Samhail Éifeachtacha Forbartha Ceannasaíochta san Earnáil Phoiblí in Éirinn*", i mí Meán Fómhair 2020 le cabhrú a gcuid ceachtanna a chuir i bhfeidhm ar an seirbhís phoiblí go forleathan.
D'eagraigh an Oifig Cláir Athbhreithnithe na Seirbhíse Poiblí an Seachtain Nuálaíochta ag an Roinn, ó 19-23 Deireadh Fómhair 2020. Bhíodar in ann féachaint siar ar an dtionchar a bhí ag COVID-19 ar an seirbhís phoiblí le linn na seachtaine seo. Rinne oifigigh de chuid na Roinne, múinteoirí, daltaí, tuistí agus seirbhísí tacaíochta plé ar fhreagraí nuálacha laistigh d'earnáil an oideachais trí shraith sheimineáir ghréasáin. Ina measc na freagraí seo bhí soláthar mhúinteoireacht chianda agus na scoileanna dúnta, an Chlár Samhraidh 2020 a leathnaíodh go mór ar mhaithe leo siúd atá Riachtanais Speisialta Oideachais acu agus iad siúd atá is mó i mbaol mhíchumais oideachais, agus na socruithe a rinneadh le go bhféadfadh milliún páiste filleadh ar scoil go sábháilte i gcomhthéacs na paindéime.

Le linn 2020, lean an Roinn uirthi ag cur chun cinn úsáid struchtúir agus próisis chuí le maoirseacht agus rialachas an Bhoird Bainistíochta ar fhorbairt agus cur i bhfeidhm gealltanais faoin gclár Athchóirithe Seirbhíse Poiblí a chinntiú, agus le struchtúir agus modheolaíochtaí Bainistíochta Tionscadail agus Cláir a chuir chun cinn san eagraíocht.

5.3 Cosaint Sonraí

In 2019, bhunaigh an Roinn an tAonad Comhlíontachta agus Tacaíochta Sonraí, a thug le chéile na réimsí gaolmhara de chosaint sonraí, rialachas sonraí, saoirse faisnéise agus bainistíocht taifead faoi bhainistíocht oifigigh chosanta sonraí (DPO).

Cuireadh an-bhéim in 2020 ar chloí le GDPR. Thug an tAonad cúnamh don Roinn maidir leis an mbealach is fearr sonraí a úsáid i ngach céim den timthriall sonraí trí sraith treoirlínte sonraí a fhoilsiú, príobháideacht a chinntiú trí dhearadh agus gan choimhlint, ag feabhsú fios i measc an bhfoireann agus ag oiliúint gach ball foirne maidir le dea-chleachtais cosanta sonraí. Mar chuid de seo, bhí forbairt treoirlínte do bhaill foirne ar láimhseáil shábháilte eolais agus iad i mbun cianoibre.

In 2020, phróiseáil an t-aonad 162 Iarratas Rochtain Ábhair faoi reachtaíocht cosanta sonraí agus 558 iarratas Saoirse Faisnéise.

5.4 Rialachas Sonraí

Ceann de na príomhghníomhaíochtaí faoin straitéis "Ár Seirbhís Phoiblí 2020" is ea an úsáid is fearr a bhaint as sonraí. Má chomhroinntear sonraí ar fud an Rialtais, éascófar soláthar seirbhíse níos fearr, tacófar le cinnteoireacht níos fearr, beidh sé níos fusa seirbhísí a rochtain agus brúfar barainneachtaí chun cinn. Tá an Roinn ag leanúint le páirt a ghlacadh i dtionscadail lárnacha agus le comhoibriú le comhpháirtithe laistigh den earnáil oideachais agus den mhórearnáil phoiblí araon de réir mar is gá chun an sreabhadh is éifeachtaí sonraí a chinntiú.

Chuir an grúpa seaimpíní NDI cuid lárnach de Ghníomh 24 de Athnuachan na Státseirbhíse, an Bonneagar Náisiúnta Sonraí, chun cinn. Is í Lár-Oifig na Staitisticí a stiúrann an ghrúpa seo, le ionadaithe ó gach Roinn agus Oifig chuí tríd an earnáil phoiblí níos leithne. Déanann an NDI achoimre ar chlúdach PPSNanna agus Eircóid ar ard-leibhéal ar fad do phríomh-shealúchais sonraí Ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí faoina smacht. Leanann an Roinn uirthi ag spreagadh bailiúchán Uimhreacha PPS agus Eircóid i dtaca leis an obair seo. Thug an Tuarascáil Bhliantúil NDI do 2020 faoi deara go raibh tionscnaimh amhail an Comhéadan Códála Cláir Eircóid do thacair sonraí cosúil le POD thar a bheith cabhrach le haghaidh clúdach Eircóid, agus tháinig méadú 10% ar chlúdach do thaifid nua.

5.5 Cumarsáid na Roinne

Mar gheall ar ráig COVID-19, ba ghá feabhas a chur ar an gcumarsáid le scoileanna agus l le páirtithe leasmhara.

Rinne an Roinn gach iarracht treoir shoiléir, chruinn agus in am a thabhairt do phobail scoile agus rinne obair go dlúth leis an Roinn Sláinte agus Sláinte Phoiblí FSS le ábhair úsáideacha dírithe cumarsáide a chuir ar fáil do scoileanna, do dhaltaí agus do thuismitheoirí le tacú le na tréimhsí cian-fhoghlama agus an teacht ar ais agus feidhmiú leanúnach scoileanna as seo amach.

I measc na dtorthaí, bhí feachtais fógraíochta phoiblí ar mhór-scála ar mheáin traidisiúnta agus sóisialta, cumarsáid dhigiteach inrochtana, suíomhanna tiomanta idirlíne, soláthar póstaer agus físeáin do scoileanna agus soláthar i mbreis is 20 teanga d'fhógraíocht thábhachtach ó thaobh sláinte an phobail de.

Rinneadh an-obair le tacú le cumarsáid shoiléir agus éifeachtach le páirtithe leasmhara, mar shampla daltaí agus tuismitheoirí, maidir leis na próisis Scrúduithe Stáit agus Gráid Ríofa, rud a chruthaigh gá le feachtais cumarsáide phoiblí idir mion-dírithe agus ar scála mhór.

In 2020, tugadh cuairt ar shuíomh idirlíne na Roinne breis is 7.3 milliún uair.

Déanadh agus foilsíodh nuachtlitir foirne i 2020 le tacú le cumarsáid éifeachtach inmheánach le foireann na Roinne a bhí ag obair go cianda agus a bhí sé tábhachtach dóibh eolas a bheith acu ar obair na Roinne ar dhul i ngleic leis an bpaindéim.

Foilseacháin in 2020:

- Filleadh ar Scoil - treoir do thuistí
- Filleadh ar Scoil - treoir do dhaltaí iar-bhunscoile
- Filleadh ar Scoil - treoir do dhaltaí ó Rang a Trí go Rang a Sé
- Filleadh ar Scoil - treoir do dhaltaí ó Naíonáin Sóisir go Rang a Dó

*arna foilsiú i nGaeilge agus i mBéarla agus i réimse eile teangacha le freagairt do riachtanais ghrúpa ilchineálach tuistí. Arna foilsiú i bhfoirm físe agus póstaeir.

5.6 Iompar Scoile

In 2020, iompraíodh breis is 114,100 páiste, ina measc siúd breis is 14,700 páiste le Riachtanais Speisialta Oideachais, i mbreis is 6,300 feithicil ar bhonn laethúil chuig bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna ar fud na tíre, rud a chosain breis is €224.7 milliún. Iompraíodh páistí le Riachtanais Speisialta Oideachais go scoileanna ar bhreis is 3,400 bealach ar chostas breis is €117.6 milliún in 2020.

5.7 Airgeadas BOO

De réir Gníomh Straitéiseach Uimh. 5 de Sprioc 5 den *Ráiteas Straitéise na Roinne 2019-2021*, agus de réir leis an g*Cód Cleachtais do Rialachas Oideachais agus Boird Oiliúna*, sa dara ráithe i 2020 chuir an Roinn i bhfeidhm Comhaontais Mhaoirseachta agus Comhaontais Soláthair Feidhmithe, i ndiaidh comhairliú le BOOanna agus Boird Oideachais agus Oiliúna na hÉireann (ETBI), do gach ceann den 16 BOO.

Dlitear de réir an Chomhaontais Mhaoirseachta agus an Chomhaontais Soláthair Feidhmiúcháin cruinniú foirmeálta amháin ar a laghad in aghaidh na bliana idir oifigigh shinsireacha de chuid na Roinne, ionadaithe de chuid an Bhoird agus Ard-Bhainistíocht an BOO, le athbhreithniú a dhéanamh ar an gComhaontas Maoirseachta agus an Comhaontas Soláthair Feidhmiúcháin agus le machnamh a dhéanamh ar Phlean Seirbhíse an BOO don bhliain chuí. Reáchtáladh cruinnithe don bhliain 2020 le gach ceann de na BOOanna.

5.8 Ag Déileáil le Drochíde a Bhí Ann

Le linn 2020, lean an Roinn uirthi agus na hionchuir ó chuallachtaí reiligiúnacha á gcur i gcrích aici do na costais a ghnóthaigh an Stáit agus í ag dul i ngleic le drochíde ar pháistí sna h-institiúid cónaithe.

Déanann na cuallachtaí íocaíochtaí in dhá chéim:

- an Comhaontas Slánaíochta 2002, atá ina cheangal de réir dlí, agus
- na tairiscintí deonacha in 2009.

In 2020, fuarthas íocaíochtaí breise airgid tirim tuairim is €0.550m ar bhonn deonach ó chuallachtaí. Cé go ndearnadh dul chun cinn maidir le tabhairt iomlán don Stáit chúig láthair (dhá cheann faoin gcomhaontas 2002, agus trí cheann faoi na tairiscintí deonacha 2009), níor críochnaíodh aon cheann de na deontais sin in 2020.

Thairg na cuallachtaí €480.6m in iomlán faoin dá céim, ach faoi dheireadh Mhí na Nollag 2020, fuarthas íocaíochtaí cothroma de €238m. Féach an tábla thíos.

Achoimre ar bhun-tairiscintí mar aon leis na híocaíochtaí a rinneadh				
	Tairgthe (€m)	**Íoctha (€m)**	**Fós le híoc (€m) (#)**	**Céatadán den tairiscint atá íoctha / fós le híoc**
Comhaontú Slánaíochta 2002	128	124.94	3.06	98%/2%
Tairiscintí deonacha in 2009 (*)	352.61	115.74	236.87	33%/67%
	480.61	**240.68**	**239.93**	**50%/50%**

* Ní fios fós cén luach atá le dhá láthair iomlána a tugadh don Stát.
# Ní cosúil go sroichfear méid iomlán na dtairiscintí a rinneadh in 2009 ós rud é go luacháiltear réadmhaoin a tugadh níos ísle nó mar gheall ar dhiúscairt, thairiscintí nár glacadh, srl.

Thug an Roinn Pleananna Gníomhaíochta leathbhliantúla do Chomhairle na hEorpa a leagann amach na rudaí atá á dhéanamh i gcásanna aonair nó go ginearálta le breithiúnas na Cúirte Eorpaí Cearta Daonna (ECtHR) sa chás Louise O'Keeffe a chuir i bhfeidhm. Cuireadh Plean Gníomh isteach ag Comhairle na hEorpa ar an 8 Mí na Nollaig 2020. Leanadh leis an athbhreithniú ar an scéim ex gratia le linn 2020. Scéim é seo a cuireadh i bhfeidhm mí Iúil 2015 i ndiaidh bhreithiúnais an ECtHR agus mar fhreagra orthu siúd nár lean le imeachtaí dlí i gcoinne an Stáit maidir le drochúsáid ghnéasach scoileanna lae).

5.9 Caiteachas na Roinne

€8.6 billiún a tuaradh do chaiteachas na Roinne in aimsir an fhómhair 2020. Mar chuid de seo, bhí €7.7 billiún i gcaiteachas reatha chomhlán vótáilte agus caiteachas caipitil €923 milliún.

Léirigh an leithdháileadh dheireanach buiséid don Roinn Oideachais i 2020 gur cuireadh feidhmeanna áirithe ardoideachais agus breisoideachais don Roinn nua-bhunaithe Breis- agus Ardoideachais, Nuálaíocht Taighde agus Eolaíocht. Bhí airgead go leor sa bhuiséid do 2020 le h-aghaidh, i measc rudaí eile, 1,600 post breise i scoileanna, i measc siúd múinteoirí bhreise agus Cúntóirí Riachtanas Speisialta (CRS), ardú 2.5% ar chaipitíocht scoile, breis-mhúineadh agus tacaithe ceannasaíochta do scoileanna níos lú chomh maith le déileáil le déimeagrafaic mhéadaithe agus riachtanais bhreise ranganna speisialta.

Bhí an-tacaíocht airgeadais ann mar gheall ar COVID-19 le linn 2020 le cabhrú le scoileanna a athoscailt, agus cuireadh sin san áireamh sa leithdháileadh buiséid 2020. San áireamh le

seo, bhí airgead chun foireann a cheapadh in ionad iad siúd nach raibh in ann dul ag an obair mar gheall ar COVID-19, breis laethanta scaoileadh do phríomhoidí agus leas-phríomhoidí, réimis glantacháin feabhsaithe agus trealamh PPE, leanúint le seirbhísí bhreise síceolaíochta oideachais chun tacú le folláine na ndaltaí, bearta le iompar daltaí de réir comhairle sláinte phoiblí a éascú agus maoiniú caipitil chun go bhféadfaí scoileanna a athchóiriú do scaradh sóisialta.

5.10 Párolla agus Pinsin

Cuireann an Roinn seirbhísí párolla agus pinsin ar fáil do mhúinteoirí agus d'fhoireann scoile i ngach scoil (seachas san earnáil BOO) trí íocaíochtaí a eisiúint do bhreis is 120,000 ar bhonn coicísiúil.

I 2020, phróiseáil an Roinn sochair aoisliúntais do bhreis is 1,300 múinteoir agus foireann neamh-mhúinteoireachta. Mar chuid den phróiseas aoisliúntais, chuir an Roinn tríd 730 traschur do sheirbhís inphinsin go/ó eagraíochtaí seirbhíse poiblí eile, phróiseáil sí breis is 900 iarratas seirbhíse barúlach, phróiseáil breis is 1,150 ceist maidir le dlí clainne, agus bhog ar aghaidh breis is 110 iarratas do bhlianta breise ghairmiúla d'fhostaithe in earnáil an oideachais. I 2019, bhí feabhsaithe eile don mionsamhlóir pinsin ar shuíomh idirlíne na Roinne, áit ar féidir le baill scéim pinsin teacht ar mheasúnú dá sochair pinsin. Cuireann an Aonad Pinsin amach ráitis sochair pinsin go baill scéime agus oibríonn sé go gníomhach ar fheabhsúcháin chun an líon ráitis ar féidir a eisiúint a mhéadú. Is cuid iad na feabhsúcháin seo de thionscadal níos leithe a bhfuil ar bun le ábaltacht agus feidhmiúchán an Aonaid Pinsin a fheabhsú trí cuíchóiriú agus uasdátú a dhéanamh ar phróisis agus ar nósanna cleachtais.

5.11 Iniúchadh Inmheánach agus Iniúchadh de chuid an AE

Tá an Rannóg Iniúchta Inmheánaigh freagrach as seirbhísí iniúchta inmheánaigh a sholáthar do na Ranna Oideachais agus Breis- agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta, agus Eolaíochta. Tugann an aonad dearbhuithe do na hOifigigh Cuntasaíochta ar oiriúnacht agus éifeachtúlacht an bainistiú riosca, na córais inmheánacha smachta agus na próisis rialacháin atá ag na Ranna.

Déanann an Údarás Iniúchta Ciste Sóisialta na hEorpa (CSE), atá mar chuid den Roinn Oideachais, cinnte de go gcloínn Éireann le na riachtanais rialúcháin atá ag an Aontas Eorpach maidir le iniúchadh an CSE, cuireann sé chun cinn dea-chleachtais i mbainistíocht, smacht agus iniúchadh an CSE in Éirinn agus déanann cinnte de go ndéantar iniúchtaí de réir caighdeáin idirnáisiúnta iniúchta chun tuarascáil chothroma agus ar ard-chaighdeán a chuir ar fáil.

Ullmhaítear cláir bliantúla iniúchta faoi stiúir an Choiste Iniúchta, agus tuairiscíonn an Rannóg Iniúchta Inmheánaigh agus an Údarás Iniúchta CSE don Choiste ar reáchtáil na gcláir seo agus cur i gcrích na dtuarascáil iniúchta. Mar thoradh ar COVID-19, rinneadh gach iniúchadh agus cruinniú Coiste Iniúchta go cianda chomh mór is ab fhéidir agus de réir na treoirlínte Sláinte Phoiblí ba dhéanaí. Tugadh sé tuarascáil iniúchta don Choiste Iniúchta le linn 2020. Coinníonn an aonad súil, ar bhonn ráithe, ar dhul chun cinn chuir i bhfeidhm na moltaí a thagann ó thuarascáil iniúchta inmheánaigh.

Níor tógadh aon nochtadh inmheánach cosanta faoi bhráid an Cheannasaí den Aonad Iniúchta Inmheánaigh agus AE nó an Choiste Iniúchta i 2020.

5.12 Cur i bhFeidhm Seirbhísí Roinnte

I ndiaidh bunú na Roinne Breis- Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta i 2020, thacaigh tionscadail an Aonaid um Cur i bhFeidhm Seirbhísí Roinnte (SSIU) le forbairt

leanúnach an chláir seirbhísí roinnte thar dhá roinn. Rinneadh an-dul chun cinn maidir leis an gclár seirbhísí roinnte i 2020.

Phróiseáil Oibríochtaí Párolla na mBord Oideachais agus Oiliúna (BOO) méid bliana de phróiseáil párolla, agus chuireadar i bhfeidhm go rathúil plean leanúnachais gnó mar fhreagra ar na dúshláin a léirigh an phaindéim COVID-19. I 2020, bhog ceithre BOO eile ag na seirbhísí roinnte Seirbhísí Gnó Roinnte Oideachais (ESBS), agus faoi dheireadh na bliana bhí seacht BOO ar an seirbhís. Leanadh le obair ar mhodúil Speansais do BOOanna agus réiteach earcaíochta. Tosaíodh ar bhogadh de réir céimeanna d'fhoghlaimeoirí chuig seirbhís íocaíochta printísigh agus foghlaimeora le Céim 1 i 2020, agus rinneadh dul chun cinn ar Céim 2.

Thacaigh ESBS le sé BOO chun córais airgeadais a uasghrádú sular cuireadh i bhfeidhm seirbhís roinnte Airgeadais, agus rinneadh pleanáil chun córais airgeadais a dhéanamh níos socra agus níos daingne thar an earnáil BOO. Leanadh le obair ar phleanáil soláthar réitigh fadtéarmach seirbhíse roinnte Airgeadais do BOOanna.

Le linn 2020, lean Bord an Chláir BOO/SOLAS leis an obair a bhí aige an chlár athchóirithe ghinearálta don earnáil BOO/SOLAS a éascú agus tacú leis an obair sin. Chuir an Bord béim go príomhúil ar fhorbairt phríomh-thionscadail seirbhísí párolla roinnte don earnáil BOO le linn 2020. Faoi mí na Nollaig 2020, bhí seacht BOO ag úsáid seirbhísí párolla an ESBS. D'éirigh le íocaíochtaí do phrintísigh agus foghlaimeoirí Céim 1 i 2020 agus bunaíodh foireann bhuan gníomhaíochta.

Rinneadh an-dul chun cinn ó thaobh forbairt seirbhís roinnte párolla don earnáil Ardoideachais i 2020. Lainseáladh clár Fianaise Coincheapa (FC) i 2020, a bhí sé i gceist leis go dtriailfeadh sé seirbhís roinnte párolla le h-aghaidh trí institiúid tríú-leibhéal. Ceapadh Institiúid Theicneolaíochta Phort Láirge (WIT) agus Institiúid Oideachais Marino (MIE) go rathúil i 2020.

Mí Eanáir 2020, ghlac SSIA freagracht as maoiniú agus bainistíocht HEAnet agus EduCampus. Gréasán taighde agus oideachais é HEAnet a chuireann ceangal idirlíne agus seirbhísí roinnt TFC ar fáil do beag nó mór milliún mac léinn, taighdeoir, agus ball foirne thar oideachas bunscoile, iar-bhunscoile, bhreise agus ardoideachas. Is fochomhlacht é EduCampus, a bhíodh An Chéim ar tráth dá raibh, de HEAnet, agus feidhmíonn sé díreach anois mar sholáthraí chláir seirbhísí roinnte TFC don earnáil Institiúid Teicneolaíochta/Ollscoil Teicneolaíochta. Tacaíonn sé chomh maith le tionscadail san ESBS.

Leanadh le obair i 2020 ar uasghrádú fheidhm párolla fostaithe scoile na Roinne do 120,000 íocaí go caighdeáin seirbhíse roinnte. Ina theannta sin, rinneadh obair mionshonraithe scóipeála agus anailís ar an obair ba ghá chun an réiteach pinsin a uasghrádú chomh maith.

Le linn 2020, lean an SSIU air ag tacú le athchóiriú soláthair thar an earnáil oideachais, ag tacú le obair na Seirbhíse Soláthair Oideachais (EPS), Aonad na Soláthair Scoile (SPU), agus maoiniú a thabhairt d'acmhainn tiomanta laistigh de Bhoird Oideachais agus Oiliúna na hÉireann (BOOÉ) chun ceannasaíocht agus comhordú athchóirithe soláthair laistigh den earnáil sin a chuir ar fáil. Déanann SSIU obair chomh maith leis an Oifig Soláthair Rialtais (OGP) chun seirbhís roinnte soláthraithe ar fud an earnáil a chur ar fáil d'earnáil an oideachais, agus é oiriúnaithe fós do rialacháin an OGP. Tháinig an-bhorradh ar úsáid sholáthair lárnach san earnáil BOO i 2020, agus leanadh le obair ar oiriúnú agus glacadh isteach feidhmeanna soláthraithe ón earnáil oideachais ina iomláine.

Mar fhreagra ar an bpaindéim COVID-19, rinne SSIU obair le EPS agus OGP chun tacú le soláthar lárnach agus seachadadh do threalamh cosúil le ríomhairí soghluaiste do pháistí a bhfuil ar mhíbhuntáiste, agus Trealamh Cosanta Pearsanta (PPE) a bhí gá leis chun scoileanna a athoscailt go sábháilte.

5.13 Clár Tógála Scoile 2020

Tá sé mar sprioc ag an Roinn bonneagar cuí a chuir ar fáil do thimpeallachtaí foghlama le go mbeidh rochtain ag gach foghlaimeoir ar thimpeallacht foghlama comhaimseartha. Cuireann an Roinn an-bhéim ar fad ar sholáthar cóiríochta chun dul i ngleic leis an éileamh d'áiteanna scoile in áiteanna a bhfuil méadú ag teacht ar rollú.

Cuireann an NDP mar atá sé anois, mar chuid den chreat Project Ireland 2040, infheistíocht €8.4bn ar fáil don Chlár Tógála Scoile sa tréimhse ó 2018 go 2027. Faoin gClár Tógála Scoile, bhí caiteachas caipitil níos mó ná €1.9bn idir 2018 agus 2020. Tugadh €665m sa bhreis le haghaidh 2021.

Leanann an Roinn uirthi ag déanamh dul chun cinn ó thaobh toilleadh an bhonneagair in earnáil na scoile a mhéadú, chun dul i ngleic le cúinsí déimeagrafacha, i measc rudaí eile.

Le linn thréimhse 2018 go 2020 den Phlean Forbartha Náisiúnta, cuireadh 526 thionscadal um fhoirgnimh scoile i gcrích faoin gClár Caipitiúil Mórscála (LSCP) agus faoin Scéim um Chóiríocht Scoile Bhreise (ASA). Trí na tionscadail sin seachadadh níos mó ná 48,000 áit scoile, lenar áiríodh cóiríocht bhuan le haghaidh 229 rang speisialta agus acmhainn bhreise le haghaidh 67 seomra ranga i 14 scoil speisialta ar fud na tíre.

Ina theannta sin, tógadh foirgnimh nua in ionad na bhfoirgnimh réamhdhéanta a bhí ag scoileanna faofa do chóiríocht bhreise faoi Scéim na Roinne do Chóiríocht Bhreise agus a bhí foirgnimh réamhdhéanta ar an láthair acu mar chuid den tionscadal cóiríochta bhreise ina iomláine. Faomhadh breis is 481 foirgneamh réamhdhéanta chun foirgnimh bhuan a chuir ina ionad le linn na h-ama seo.

De réir Project Ireland 2040, tugadh maoiniú ón Deontas Mion-oibreacha i méid €29m do gach bunscoil mí Lúnasa 2020. Mar gheall ar na cúinsí eisceachtúla a tháinig le COVID-19, tugadh maoiniú bhreise €130m do scoileanna ón Deontas Mion-oibreacha chun athoscailt na scoileanna mí Meán Fómhair 2020 a éascú, agus chuir seo ar chumas na scoileanna sin an athchóiriú chuí a dhéanamh ar a bhfoirgnimh ar mhaithe le scaradh sóisialta. Thug an mhaoiniú seo ón deontas mion-oibreacha solúbthacht mhaith ag leibhéal áitiúil chun cúiteamh le scoileanna rath a bheith acu i gcomhthéacs COVID-19 agus le socruithe níos inbhuanaithe a chuir i bhfeidhm.

Faoin Scéim Oibreacha Samhraidh, faomhadh 405 tionscadal maidir le Córais Sábháilteachta Saoil agus oibreacha sheachtracha do sholáthar i 2020. I 2020, bhí caiteachas €30m faoin Scéim seo. Ina theannta sin, i Mí na Nollaig 2020 faomhadh 275 tionscnamh ar luach tuairim is €31m chun seachadadh i 2021 mar gheall ar iarratais rathúla a rinne bunscoileanna faoi Catagóir 2, Díonta, agus Catagóir 6, Áiseanna Leithris (bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna araon).

Leanadh leis an obair ar an gclár soláthar suíomhanna le linn 2020. Ón dtaobh seo, cuireadh i gcrích 15 sealbhú suímh/réadmhaoin i 2020.

5.13.1 Éifeachtúlacht Fuinnimh sna Scoileanna

Tá an Roinn i dtús áite mar a bhí le tamaill anuas ó thaobh dearadh foirgnimh scoile le bheith éifeachtach ó thaobh an fhuinnimh inbhuanaithe de. Leagann Treoirdhoiciméid Theicniúla (TGD) na Roinne an pointe cóimheasa do dhearadh inbhuanaithe i bhfoirgnimh

scoile, agus leagtar an-bhéim ar éifeachtúlacht fuinnimh, rud a fhaigheann tacaíocht ó chlár láidir taighde fuinnimh le 49 snáithe taighde atá i gcéimeanna éagsúla.

Cuireann an chlár Fuinneamh san Oideachas, comhpháirtíocht le Údarás an Fhuinnimh Inbhuanaithe na hÉireann, ceardlanna oiliúna bainistíochta fuinnimh mar aon le seirbhís comhairle, meantóireachta, agus measúnaithe ar fáil do scoileanna. Mar chuid den chlár seo, cuireann an tairseach idirlíne www.energyineducation.ie comhairle maidir le dea-chleachtais agus eiseamláir ar fáil.

Tá an Roinn, mar aon le Údarás an Fhuinnimh Inbhuanaithe na hÉireann, i mbun triail-scéim aisfheistithe níos éifeachtúlaí ó thaobh fuinneamh de a reáchtáil, agus tosaíodh ar sin i 2017. Tá seo chun tosaigh ar an gclár mór aisfheistithe atá le tosú i 2023, mar a sonraíodh i Project Ireland 2040.

Baineann an triail-chlár seo triail as agus déanann measúnú ar cur chuige dearadh, réitigh, agus modhanna seachadta éagsúla. Le linn an tréimhse 2018-2020, críochnaíodh 32 tionscadal mar chuid de chlár ceannródaí a fuair maoiniú ón Roinn agus ón SEAI araon, agus rinne seo tástáil agus léiriú ar éifeachtúlacht fuinnimh agus cur chuige athfheistithe dí-charbóiniú. Leanfaidh clár i bhfad níos mó chun athfheistíocht a dhéanamh ar scoileanna ó thaobh fuinnimh de ó 2023 ar aghaidh, mar atá san NDP, an chlár triail seo, agus foghlaimeoidh sé uaidh. Éascaíonn sé taighde ar réimse roghanna athfheistithe thipiciúla, ar déanadh tástáil orthu cheana, rud a chinntíonn nach dtógtar cur chuige dearadh nua nó teicneolaíochtaí ag an dtimpeallacht oideachais ach amháin ar bhonn fianaise.

Cabhraíonn an comhobair agus an taighde seo cruth a chuir ar an treo a rachaidh éifeachtúlacht fuinnimh i scoileanna as seo amach, agus leanfar leis ar mhaithe le clár athfheistithe a chuir ar fáil le tosú i 2023, más féidir le maoiniú ó NDP.

5.13.2 Faisnéis Suímh Idirlín

Cuirtear stádas reatha thionscadail mhóra atá le déanamh de réir an chláir tógála scoile ar suíomh idirlíne na Roinne ar bhonn rialta. I gcás tionscadail atá níos lú agus atá déabhlóidithe, foilsítear eolas ar bhonn seachtainiúil, agus liostaíonn seo ainm na scoile, cineál an tionscadail agus na dátaí faofa.

5.14 An Breatimeacht agus Earnáil an Oideachais

Le linn 2020, lean an Roinn leis an straitéis ullmhúcháin a bhí aici i gcomhthéacs críche na h-idirbheartaíochta AE-RA ar an 31 Mí na Nollaig 2020. Rinneadh féachaint siar ar an gComhaontas AE-RA Trádála agus Comhoibrithe (TCA), agus is í tuairim na Roinne nach mbeidh mórán tionchar aige seo ar an oideachas. É sin ráite, coinneoidh an Aonad Chomhoibrithe Idirnáisiúnta súil ar thionchar an TCA i réimsí amhail aithint cáilíochtaí srl.

Leanadh le obair ar chríochnú an dréacht-Meamram Tuisceana ar Phrionsabail an Oideachais don Chomhlimistéar Taistil. Meastar go síneofar an doiciméad seo i 2021.

5.15 Athbhreithnithe Tréimhsiúla Criticiúla

Mar chuid den Chód Cleachtais do Rialachas Eagraíochtaí Stáit 2016, tá sé riachtanach go ndéanfar Athbhreithnithe Tréimhsiúla Chriticiúla (PCRanna) ar ghníomhaireachtaí de chuid an Rialtais gach cúig bliana. Chuir an Roinn Caiteachais agus Athchóirithe Phoiblí amach Treoir d'Athbhreithnithe Thréimhsiúla Chriticiúla d'Eagraíochtaí Stáit Neamh-Tráchtála mí Meán Fómhair 2020. Mar gheall ar na cúinsí eisceachtúla a bhí ann i 2020, agus an chaoi a d'imigh an ráig COVID-19 i bhfeidhm ar obair na Roinne sa chaoi go raibh orainn tús áite a thabhairt thar gach ní eile do shláinte na ndaltaí, tá sceideal soláthair do PCRanna á bhforbairt againn fós, agus tá dul chun cinn á dhéanamh air.

.

Aguisín A – Sonraí Corparáideacha

Tacú leis an bPróiseas Parlaiminte	2020
Ceisteanna Parlaiminte ar tugadh freagra orthu	4561
Meabhráin don Rialtas a Fuarthas le haghaidh Tuairimí	107
Uiríll a fuarthas in Oifig an Aire agus in Oifig na nAirí Stáit	12907
Freagraí ar Shaincheisteanna Tráthúla	18
Freagraí ar Dhíospóireachtaí Atrátha (Tosaithe)	18

Seirbhísí Faisnéise	2020
Fiosruithe ríomhphoist a fuarthas trí info@education.gov.ie	10,129
Cuairteoirí dár suíomh idirlíne www.education.ie agus gov.ie/education	8.8. milliún
Iarratais Saorála Faisnéise a Fuarthas a Dúnadh	 558 556
Iarrataí ar Rochtain d'Ábhair Sonraí a Fuarthas a Dúnadh	162 162
Preaseisiúintí a Eisíodh	109
Leantóirí ar Twitter	66,226

An Clár Bliantúil Cigireachta i Scoileanna agus in Ionaid Oideachais, 2020

Rinne an Chigireacht **7952** cheann san iomlán de chigireachtaí/seisiún comhairleacha ar scoileanna agus ar shuíomhanna a chur i gcrích sa bhliain 2020, faoi mar atá leagtha amach thíos.

Tábla 1: Achoimre ar ghníomhaíochtaí na Cigireachta, 2020

Achoimre ar Chigireachtaí	
Cigireachtaí ar shuíomhanna luathbhlianta atá ag glacadh páirt sa Chlár um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige*	133
Cigireachtaí ar bhunscoileanna (lena n-áirítear cigireacht ar obair na múinteoirí ar promhadh)	816
Cigireachtaí ar iar-bhunscoileanna agus ar ionaid oideachais	473
Cuairteanna comhairleacha féinmheastóireacht scoile	100
Bailiúchán Sonraí/Taighde Samhail agus Obair Forbartha (luath-óige)	51
Cigireachtaí eile, cuairteanna comhairleacha eile agus gníomhaíochtaí meastóireachta eile	6379
An líon iomlán Cigireachtaí/Cuairteanna Comhairleacha ar shuíomhanna luathbhlianta, ar scoileanna, ar ionaid oideachais agus ar shuíomhanna eile oideachais	**7952**

*An Clár um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige

Tábla 2: Cigireachtaí ar shuíomhanna Luathbhlianta atá ag glacadh páirt sa Chlár um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige, 2020

Cigireachtaí atá dírithe ar an Oideachas sna Luathbhlianta	
Cigireacht atá dírithe ar an Oideachas sna Luathbhlianta	119
Cigireacht atá dírithe ar an Oideachas sna Luathbhlianta: Tabhairt chun críche	12

Cigireachtaí atá dírithe ar an Oideachas sna Luathbhlianta	
Measúnú Comhthéacs Iomláin	2
Bailiúchán Sonraí/Taighde Samhail agus Obair Forbartha	51
An Líon Iomlán Cigireachtaí atá dírithe ar an Oideachas sna Luathbhlianta	**184**

Tábla 3: Cigireachtaí ar bhunscoileanna, 2020

Gníomhaíocht Cigireachta Bunscoile	
Meastóireacht Scoile Uile	5
Meastóireacht Scoile Uile – Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim	30
Meastóireacht ar Phleanáil Gníomhaíochta le haghaidh Feabhsúcháin i Scoileanna DEIS*	1
Cigireacht Theagmhasach	89
Cigireacht Leantach	42
Meastóireacht ar an Soláthar do Dhaltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu	16
Meastóireacht Curaclaim	60
Cigireachtaí um Chosaint agus Chumhdach Leanaí: Ar dTús sna Bunscoileanna	19
Cigireachtaí um Chosaint agus Chumhdach Leanaí: Ar Deireadh sna Bunscoileanna	5
Ag Tacú le Soláthar Sábháilte Cuairteanna Cigireachta Scoile	431
An Líon Iomlán Cigireachtaí Scoile	**698**
Cigireacht ar obair na múinteoirí ar promhadh	118
Iomlán foriomlán	**816**

DEIS (Comhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna) Plean Gníomhaíochta le haghaidh Cuimsiú Oideachais

Tábla 4: Cigireachtaí ar iar-bhunscoileanna agus ar ionaid oideachais, 2020

Gníomhaíocht Cigireachta/Meastóireachta Iar-bhunscoile	
Meastóireacht Scoile Uile – Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim	24
Cigireacht Ábhair	59
Meastóireacht Cláir	7
Meastóireacht ar Phleanáil Gníomhaíochta le haghaidh Feabhsúcháin i Scoileanna DEIS*	2
Cigireacht Theagmhasach	31
Cigireacht Leantach	13
Meastóireacht ar Ionaid Oideachais	1
Cigireachtaí um Chosaint agus Chumhdach Leanaí: Ar dTús sna hIar-bhunscoileanna	15
Cigireachtaí um Chosaint agus Chumhdach Leanaí: Ar Deireadh sna hIar-bhunscoileanna	7
Meastóireacht ar an Soláthar do Scoláirí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu	5
Ag Tacú le Soláthar Sábháilte Cuairteanna Cigireachta Scoile	309
An Líon Iomlán Cigireachtaí Scoile	**473**

DEIS (Comhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna) Plean Gníomhaíochta le haghaidh Cuimsiú Oideachais

Tábla 5: Cuairteanna comhairleacha féinmheastóireacht scoile 2020

Cuairteanna Féinmheastóireacht Scoile	
Cuairteanna comhairleacha féinmheastóireacht scoile ar bhunscoileanna	83
Cuairteanna comhairleacha féinmheastóireacht scoile ar iar-bhunscoileanna	17
Cuairteanna comhairleacha féinmheastóireacht iomlán	**100**

Tábla 6: Seisiúin Comhairle le tacú le Leanúnachas Foghlama 2020

Seisiúin Comhairle le tacú le Leanúnachas Foghlama 2020	
Seisiúin comhairle le bunscoileanna	2159
Seisiúin comhairle le hiar-bhunscoileanna	741
Seisiúin comhairle i gcomhthéacsanna eile	2
Cuairteanna comhairleacha féinmheastóireacht iomlán	**2902**

Tábla 7: Seisiúin Comhairle le tacú le Athoscailt na Scoileanna 2020

Seisiúin Comhairle le tacú le Athoscailt na Scoileanna	
Seisiúin comhairle le bunscoileanna	2503
Seisiúin comhairle le hiar-bhunscoileanna	721
Líon iomlán na Seisiún Comhairle le tacú le Athoscailt na Scoileanna	**3224**

Tábla 8: Cigireachtaí eile agus cuairteanna comhairleacha eile, 2020

Cigireachtaí/meastóireachtaí eile ar sholáthar do dhaltaí agus do dhaoine óga	
Cigireacht ar Aonaid Chúraim Speisialta	5
Cigireachtaí sna Scoileanna Eorpacha	33
Seisiún ceiste ar champaí litearthachta/uimhearthachta samhraidh do leanaí	24
Seisiún ceiste ar champaí samhraidh do leanaí (campaí samhraidh trí Ghaeilge)	8
Meastóireacht ar chúrsaí samhraidh Forbartha Gairmiúla Leanúnaí do mhúinteoirí bunscoile	54
An Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta: cuairteanna comhairleacha ar scoileanna	8
An Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta Cuairteanna ar eiseamláir	1
An Ciste Sármhaitheasa Scoile (DEIS): cuairteanna comhairleacha ar scoileanna	119
An Ciste Sármhaitheasa Scoile (Step-Up): cuairteanna comhairleacha ar scoileanna	1
Cigireachtaí/meastóireachtaí eile ar sholáthar do dhaltaí agus do dhaoine óga 2019	**253**

Tábla 9: Foilsiú na dtuarascálacha cigireachta scoile, 2020

Foilsiú na dtuarascálacha cigireachta	
Cigireachtaí atá Dírithe ar an Oideachas sna Luathbhlianta (luathbhlianta)	332
Luathbhlianta – Cigireacht Leantach (luathbhlianta)	49
Measúnú Comhthéacs Iomláin (Luathbhlianta)	3
An tSamhail Meastóireachta Curaclaim (bunscoil)	109
DEIS (bunscoil agus iar-bhunscoil)	13
An tSamhail Tosaigh Cigireachta um Chosaint agus Chumhdach Leanaí (bunscoil agus iar-bhunscoil)	15
An tSamhail Deiridh Cigireachta um Chosaint agus Chumhdach Leanaí (bunscoil agus iar-bhunscoil)	15
Meastóireacht Cláir (iar-bhunscoil)	10
Meastóireacht ar an Soláthar do Dhaltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu (bunscoil)	21
Meastóireacht ar an Soláthar do Scoláirí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu (iar-bhunscoil)	14
Cigireachtaí Ábhair (iar-bhunscoil)	123
Meastóireacht Scoile Uile – Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim (bunscoil)	56
Meastóireacht Scoile Uile – Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim (iar-bhunscoil)	39
Cigireacht Leantach (bunscoil agus iar-bhunscoil)	118
Meastóireacht Scoile Uile – modhnaithe (bunscoil)	7
Ionaid Oideachais	3
Meastóireachtaí ar Scoileanna in Aonaid Chúraim Speisialta agus in Ionaid Choinneála Leanaí	6
Líon iomlán na dtuarascálacha a foilsíodh **(Nóta:** ní ionann an líon tuarascálacha a foilsíodh in 2020 agus an líon cigireachtaí a rinneadh in 2020 ós rud é nach féidir gach tuarascáil a fhoilsiú agus ní thagraíonn gach tuarascáil le cigireacht a rinneadh i 2020)	**933**

Úsáid Fuinnimh agus Caiteachas Fuinnimh sa bhliain 2020

Tá clár bainistíochta agus laghduithe úsáid fuinnimh i bhfeidhm ag an Roinn Oideachais le úsáid fuinnimh a laghdú faoi 33% faoi 2020. Baineadh amach laghdú 28.3% um dheireadh 2019 agus tá an chuma air ó na figiúirí do 2020 gur sháraigh an Roinn an sprioc 33%.

Chabhraigh clár uasghrádaithe trealaimh agus áiseanna mar aon le athruithe i gcur chuige na fostaithe an éifeachtúlacht fuinnimh seo a ghríosadh. Beidh muid níos éifeachtúlaí fós mar gheall ar uasghrádaithe atá á dhéanamh dár ardaitheoirí sa champas BÁC, oibreacha tógála mhór sa Tulach Mhóir, uasghrádú ar an gcóras teasa, agus athrú ó ola go gás nádúrtha san oifig cheanna céanna. Sna taifid le h-aghaidh 2020 tá na figiúir don Roinn Breis- agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, a cuireadh ar bun go h-

oifigiúil ar an 2 Lúnasa 2020, agus atá ar an láthair chéanna leis an Roinn seo. An caiteachas iomlán d'fhuinneamh sa Roinn i 2020 ná €536,740.

Úsáid Fuinnimh na Roinne Oideachais (TPER)*							
Catagóir	**2009 (kWh)**	**2015 (kWh)**	**2016 (kWh)**	**2017 (kWh)**	**2018 (kWh)**	**2019 (kWh)**	**2020 (kWh)**
Leictreachas	8,267,804	6,024,167	5,779,930	5,289,263	5,621,223	5,380,170	4,628,557
Teirmeach	2,567,208	2,697,045	2,539,568	2,589,394	2,938,402	3,138,052	2,647,680
Iomlán	**10,835,012**	**8,721,212**	**8,319,498**	**7,878,657**	**8,559,625**	**8,518,222**	**7,276,236**

* Is tomhas í Riachtanas Iomlán Phríomha Fuinnimh ar úsáid fhuinnimh a thógann isteach an fhuinneamh a úsáidtear agus/nó a chailltear lasmuigh de theorann na h-eagraíochta, ach go h-áirithe i ngineadh agus i ndáileadh an fhuinnimh a úsáidtear. Is é seo an gnáth-mhodh tomhais a úsáidtear le monatóireacht a dhéanamh ar úsáid fhuinnimh.

An Dualgas Earnála Poiblí

De réir an Acht um Choimisiún Cearta Daonna agus Comhionannais na hÉireann 2014, caithfidh gach eagraíocht phoiblí go reachtúil cúram a bheith acu ó thaobh cearta daonna agus ceisteanna comhionannais agus iad ag cuir a bhfeidhmeanna i gcrích. Déileálann spriocanna a dó 's a cúig le gealltanais dhlíthiúla na Roinne ón dtaobh seo.

Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe

Faoin bPlean Cur i bhFeidhm Náisiúnta Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, feictear go bhfuil líon áirithe straitéisí agus pleananna oideachais thar a bheith tábhachtach le SDG 4 - Ard-chaighdeán san Oideachas a chuir i bhfeidhm, rud a chinntíonn

- go mbíonn oideachas chothrom, shaor/inacmhainne agus ar ard-chaighdeán ag daltaí/daoine fásta (4.1 agus 4.3)
- méadú líon na n-óg agus na ndaoine fásta a bhfuil na scileanna d'fhostaíocht agus d'fhiontraíocht acu (4.4)
- go gcuirtear deireadh le éagsúlachtaí ó thaobh na h-inscne de agus rochtain chothrom do gach leibhéal oideachais (4.5)
- go mbaineann gach duine óg agus formhór na ndaoine fásta cumas léamh agus uimhreacha a úsáid amach (4.6)
- go bhfaigheann gach foghlaimeoir scileanna, eolas agus luachanna le dul chun cinn inbhuanaithe a chuir chun cinn (4.7)

Straitéis Náisiúnta ar Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe (4.7)

Is sprioc SDG é Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe (ESD) leis fhéin (4.7) agus is gá é chun gach 17 SDG a bhaint amach.

Faoin Straitéis Náisiúnta ar Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe (ESD) 2014 - 2020 tá téamaí agus prionsabail inbhuanaithe fite fuaite sa churaclam, sna próisis measúnaithe agus cigireachta, agus san Oideachas Tosaigh Múinteoirí agus CPD. Tá obair idir lámha le teacht ar straitéis nua d'ESD go 2030, a mbeidh in oiriúint do chreat UNESCO d'ESD go 2030.

Straitéis Litearthachta agus Uimhearthachta agus Litearthachta Digití (SDG 4.6)

D'aimsigh An Straitéis Náisiúnta: Litearthacht Uimhearthacht d'Fhoghlaim agus Maireachtáil 2011-2020 agus an Athbhreithniú Idirlinne 2017 bearta thar sé Cholún den chóras oideachais:

- Colún 1: Ag cuir ar chumas tuismitheoirí agus pobail tacú le forbairt litearthacht agus uimhearthacht pháistí
- Colún 2: Ag feabhsú cleachtas ghairmiúil mhúinteoirí agus cleachtóirí Cúram agus Oideachas na Luath-Óige (ECCE)
- Colún 3: Ag forbairt ábaltacht ceannasaíocht scoile
- Colún 4: Ag feabhsú curaclam agus an taithí foghlama
- Colún 5: Ag cabhrú le daltaí a bhfuil riachtanais bhreise foghlama acu a gcuid cumas a bhaint amach
- Colún 6: Ag feabhsú measúnú le tacú le foghlaim níos fearr ó thaobh litearthacht agus uimhearthacht de

Socraíonn an tuarascáil Straitéise agus Idirlinne comhthéacs lárnach polasaí chun páistí, daoine óga agus daoine fásta a cheangail lena chéile agus iad ag plé litearthacht agus uimhearthacht. Téann siad i ngleic leis an gá atá ann ceangail idir thimpeallachtaí baile agus oideachais a chomhordú agus a threisiú, agus le samhail dea-chleachtais a fhorbairt agus a chuir chun cinn ar mhaithe le tacú le baint amach litearthacht agus uimhearthacht. Feictear dóibh an ghá do chur chuige comhordaithe agus comhtháite náisiúnta.

Tá forbairt Straitéis nua Litearthacht agus Uimhearthacht agus Litearthacht Dhigiteach, mar a leagtar amach sa Chlár Rialtais, idir lámha. Déanfaidh taighde láidir, teagmháil le páirtithe leasmhara agus comhairliú leis an bpobal eolas don straitéis seo chun machnamh ar chleachtas náisiúnta agus idirnáisiúnta a thógáil isteach.

Ráiteas Polasaithe Oideachais ETIM 2017-2026 (SDG 4.5)

Aithníonn an Ráiteas Polasaithe Oideachais ETIM 2017-2026 an ghá atá ann piocadh suas ábhair ETIM a threisiú agus le foghlaim ETIM a fheabhsú d'fhoghlaimeoirí ó gach cúlra, ar gach cumas agus gach inscne, agus an-bhéim ach go h-áirithe ar mhná.

Choimisiúnaigh Grúpa Comhairleach maidir le Cothromaíocht Inscne in ETIM athbhreithniú ar an litríocht ar chomhionannas inscne in ETIM, agus foilsíodh an doiciméad, dár teideal *Léirmheas Litríochta chun Tacar Idirghabhálacha Éifeachtacha a Shainaithint chun Tabhairt faoi Chothromaíocht Inscne in ETIM i Suíomhanna Luathbhlianta, Bunscoile agus Iar-bhunscoile,* i mí na Samhna 2020. Déanfaidh an fhianaise atá leagtha amach san athbhreithniú litríochta eolas do na bearta faoin dara céim Plean Cuir i bhFeidhm Oideachais ETIM, 2021-2023.

An Straitéis Náisiúnta maidir le hImeascadh Taistealaithe agus na Romach 2017-2021 (SDG 4.5)

Cuireann an Straitéis Náisiúnta maidir le hImeascadh Taistealaithe agus na Romach creat agus treoir straitéiseach ar fáil d'idirghabhálacha thar Ranna Rialtais le tacú le riachtanais bhreise na bpobal Taistealaithe agus Romach in Éirinn. Rinne an Roinn Oideachais an-obair ar an dtaobh seo, ina measc an Chomhairle Náisiúnta don Churaclam agus do Mheasúnú, a leanann ón iniúchadh a rinne siad ar chultúr agus stair na Taistealaithe sa churaclam, taighde ar éifeachtacht an straitéis frith-mhaistíneachta atá ag an Roinn ar mhaithe le daltaí ón Lucht Siúil, agus triail-thionscnamh NTRIS i 4 réimse atá dírithe ar

fheabhsú a dhéanamh ar thinreamh agus glacadh páirt Taistealaithe agus Romaigh i scoileanna.

Comhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna (DEIS) (SDG 4.1, 4.3, 4.5)

Is í DEIS - Comhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna an phríomh-tionscnamh polasaithe atá ag an Roinn Oideachais le dul i ngleic le míbhuntáiste oideachais ag leibhéal na scoile. I mbliain acadúil 2020/21 tá 887 scoil i gClár DEIS atá ag freastal ar níos mó ná 185,000 dalta - 689 mBunscoil agus 198 nlar-bhunscoil. I 2020, chaith an Roinn tuairim is €125 milliún ar DEIS.

Soláthar poiblí glas

Déantar machnamh ar cheisteanna comhshaoil i soláthar phoiblí na Roinne. Sampla de seo ná an athúsáid agus athchúrsáil feabhsuithe a rinneadh ar ghléasanna fón póca nach raibh gá leo a thuilleadh mar chuid dena chonradh fóin póca.

Cothromaíocht Inscne ar Bhoird Stáit

Ainm an Bhoird	An Líon Iomlán Áiteanna ar an mBord	Fir	Mná	Iomlán	Mná mar % den Iomlán
An Comhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaiochta (COGG)	12	5	7	12	58.3
Bord an Chiste Reachtúil d'Institiúidí Cónaithe	9	5	4	9	44.4
An Coimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú	6	2	4	6	66.7
An Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas (NCGE)	14	5	9	14	64.3
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCCA)	25	10	15	25	60.0
An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE)	13	6	6	13	50.0
An Bord Sásamh d'Institiúidí Cónaithe	10	3	7	10	70.0
An Coiste Athbhreithnithe um Shásamh Institiúidí Cónaithe	5	4	1	5	20.0
Coimisiún na Scrúduithe Stáit (SEC)	5	3	2	5	40.0
An Chomhairle Mhúinteoireachta[1]	37	17	18	35	51.4
An Foras Taighde ar Oideachas[1]	5	3	1	4	25.0

Nóta 1 - Um 31 Mí na Nollaig 2020 bhí poist boird nach raibh líonta, sa Chomhairle Múinteoireachta agus san ERC.

Aguisín B - Cairt Eagraíochta

Organisation Chart – Department of Education – Management Board Responsibilities (May 2021)



Aguisín C - Comhlachtaí atá faoi Choimirce na Roinne

Comhlachtaí Neamhthráchtála atá faoi Choimirce na Roinne
1. An Chomhairle um Oideachais Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) 2. An Coimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú (CICA) 3. An Foras Taighde ar Oideachas (ERC) 4. An Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas (NCGE) 5. An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCCA) 6. An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE) 7. An Bord Sásamh d'Institiúidí Cónaithe (RIRB) 8. An Coiste Athbhreithnithe um Shásamh Institiúidí Cónaithe (RIRC) 9. Bord an Chiste Reachtúil d'Institiúidí Cónaithe CARANUA 10. Coimisiún na Scrúduithe Stáit (SEC)

Is féidir tuilleadh faisnéise faoinár ngníomhaireachtaí, lena n-áirítear sonraí teagmhála agus sonraí boird, a fháil ar ár leathanach Gréasáin ar ghníomhaireachtaí aghttp://www.education.ie/en/The-Department/Agencies/

Aguisín D – Naisc Dhíreacha chuig ár Suíomh Gréasáin www.education.ie

Faisnéis Staidrimh	Staitisticí Oideachais
Tuairiscí Cigireachta	Tuairiscí Cigireachta
Reachtaíocht Oideachais	Reachtaíocht Oideachais
Gach Foilseachán	Foilseacháin de chuid na Roinne Oideachais
Ciorclaithe Roinne	Ciorclaithe Roinne
Oideachas Speisialta	Oideachas Speisialta
Dearadh Scoile	Dearadh agus Tógáil Scoile
Preaseisiúintí	Preaseisiúintí Roinne
Seirbhísí Roinne	Seirbhísí Roinne
An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais	An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais

Aguisín E - Acrainmneacha

Acrainm	
AIM	An tSamhail um Rochtain agus Cuimsiú
CLIL	Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha
CPD	Forbairt Ghairmiúil Leanúnach
CPOG	An Grúpa Maoirseachta maidir le Cosaint Leanaí
CPSI	An tSamhail Cigireachta um Chosaint agus Chumhdach Leanaí
CSL	An Lárionad um Cheannaireacht Scoile
CTB	Curaclam Teanga na Bunscoile
DENI	An Roinn Oideachais – Tuaisceart Éireann
DEIS	Comhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna
COLÓ	Cúram agus Oideachas na Luath-Óige
ELC	Foghlaim agus Cúram na Luath-Óige
ESCI	Líonra Ionad Tacaíochta Oideachais Éireann
ESD	Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe
ESRU	An tAonad Tacaíochta agus Taighde Meastóireachta
EYEI	Cigireacht atá dírithe ar an Oideachas sna Luathbhlianta
EYEPU	An tAonad Beartas um Oideachas sna Luathbhlianta
FET	Breisoideachas agus Oiliúint
FLAG	An Grúpa Comhairleach Teangacha Iasachta
FSD	Ciste do Mhic Léinn faoi Mhíchumas
GDPR	An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí
HSCL	Teagmháil Bhaile, Scoile agus an Phobail
TFC	Teicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide
IPPN	Líonra Príomhoidí Bunscoile na hÉireann
ISL	Teanga Chomharthaíochta na hÉireann
ITE	Oideachas Tosaigh Múinteoirí
JCSP	Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh
JCT	An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
LCPE	Corpoideachas na hArdteistiméireachta
LINC	An Clár um Cheannaireacht do Chuimsiú
MCA	Ionad Choillidh Chanannáin don Uathachas
M & E	Faireachán agus Meastóireacht
MFL	Nuatheangacha Iasachta
NAPD	Cumann Náisiúnta na bPríomhoidí agus na Leas-Phríomhoidí
NBSS	An tSeirbhís Náisiúnta Tacaíochta Iompraíochta
NEPS	An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais
NFQ	An Creat Náisiúnta Cáilíochtaí
NIPT	An Clár Náisiúnta Ionduchtaithe do Mhúinteoirí

Acrainm	
NQT	Múinteoirí Nuacháilithe
NSAI	Tionscnamh Náisiúnta Síolta/Aistear
PDST	An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí
PLC	An Iar-Ardteistiméireacht
PMO	An Oifig um Bainistíocht Tionscadal
SDG	Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe
SEF	An Ciste Sármhaitheasa Scoileanna
SEN	Riachtanais Speisialta Oideachais
SEN-PP	Riachtanais Speisialta Oideachais in Iar-bhunscoileanna
SESS	An tSeirbhís Tacaíochta d'Oideachas Speisialta
SETanna	Múinteoir Oideachais Speisialta
CRS	Cúntóir Riachtanas Speisialta
ETIM	Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic
TGD	Treoirdhoiciméid Theicniúla
TUSLA	An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach
NA	Na Náisiúin Aontaithe
WSE-LL	Meastóireacht Scoile Uile – Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim